Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

fisheriesireland.ie

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2024



Ráiteas misin

# Acmhainní iascaigh intíre agus acmhainní slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, agus a n-inbhuanaitheacht agus a mbithéagsúlacht nádúrtha a uasmhéadú dá réir.


**Iascach Intíre Éireann**

3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath, D24 CK66

**Láithreán gréasáin: www.fisheriesireland.ie**
**Fón:** +353 (0)1 884 2600


Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

# Clár Ábhair

**Réamhrá an Chathaoirligh** 4

**Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin** 5

**Comhaltaí boird** 7

**Foirne Bainistíochta Iascach Intíre Éireann** 8

**An Ghníomhaireacht agus Obair na Gníomhaireachta** 9

**Léargas Ginearálta** 10

**Cuspóirí Ardleibhéil** 11

**1. Gnáthóga 13**

- **Réamhrá 14**
  - Torthaí tábhachtacha 15
- **Athchóiriú Abhainn Fheartraí i gContae Chill Mhantáin 23**
- **Samhaltú spás-ama ar theochtaí srutha 25**
- **Clár Taighde um Chothabháil 27**
- **An Clár Náisiúnta Bacainní 29**

**2. Éisc 35**

- **Réamhrá 36**
  - Athbhreithniú ar Chosaint Iascach – staitisticí tábhachtacha do 2024 36
  - Forfheidhmiú iascach, iniúchtaí agus seiceálacha comhlíontachta Iascach Intíre Éireann 37
  - Maruithe éisc 38
  - An líon ionchúiseamh a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche 38
  - Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2024 38
- **Bradán Atlantach 43**
  - Dobharcheantar Innéacs Náisiúnta Salmainidí, Abhainn na hOirimhe 43
  - An clár um bradán bándearg 43
  - An tionscadal GeneFlow 43
  - Clár leictriascaireachta ar fud na nDobharcheantar 44
  - Ionadaíocht eolaíochta a rinneadh agus comhairle a tugadh 44
- **Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann 45**
  - Clibeáil Gabhála agus Scaoilte Saor Tuinnín (CHART) 47
  - Slatiascaireacht farraige: sonraí gabhálacha áineasa 47
  - Staidéar ar theiliméadracht éisc 48
  - Bainistíocht iascaireachta spóirt mhara agus staidéar caomhantais 48
  - Inis Airc 48
  - Clár Náisiúnta Doingean Mara 48
  - An tionscadal DiadSea 49
- **Grúpa oibre eolaíochta maidir leis an bPrótacal um Uisce Te 50**
- **Taighde Fionnuisce 53**
  - Taighde ar an mBreac Donn 53

**3. Páirtithe leasmhara 60**

- **Réamhrá 60**
  - Príomhéachtaí in 2024 61
- **Bonneagar Iascach Intíre Éireann 62**
- **Oideachas agus For-rochtain 65**
- **Plé leis na meáin 66**
  - Plé leis na meáin dhigiteacha agus shóisialta 67
  - Fisheriesireland.ie 68
  - Idirghníomhú Gaeilge 68

**4. Inbhuanaitheacht 70**

- **Réamhrá 71**
  - Príomhéachtaí in 2024 71
- **Foirne Glasa Iascach Intíre Éireann 75**
  - Beartas fuinnimh, plean gníomhaíochta agus plean don stoc foirgneamh 75
  - Príomhéachtaí in 2024 76
  - Uasghrádú ar shoilse a cuireadh i gCrích 77
  - Feachtais 2024 na bhFoirne Glasa Náisiúnta 78
  - Iarratas Iascach Intíre Éireann ar Chomhartha don Taisteal Cliste 78

**5. Ár bhFoireann 80**

- **Réamhrá 80**
  - Príomhéachtaí in 2024 81
  - Creidiúnú KeepWell 82
  - Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú 82
  - Foghlaim agus forbairt 82
  - Sláinte agus sábháilteacht 82

**6. Bainistíocht Chorparáideach 84**

- **Réamhrá 84**
  - Figiúirí tábhachtacha sábháilteachta in Iascach Intíre Éireann le linn 2024 85
  - Cabhlach bád agus scairdscútar 86
  - Soláthar 86
- **Rialachas 87**
  - Athbhreithniú EY ar Rialachas 87
  - An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 87
  - Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2023 - 2025 87
  - Teacht ar fhaisnéis atá i seilbh Iascach Intíre Éireann 87
  - Cothromaíocht inscne i measc chomhaltaí an Bhoird 87
  - An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 88
  - Nochtuithe cosanta 89
  - Cairt Custaiméirí 89

**7. Nuáil 91**

- **Réamhrá 91**
  - Nuáil, Comhar agus Comhpháirtíochtaí 92

**Foilseacháin Eolaíochta** 95

**Gluais** 97

**Ráiteas Airgeadais** 102

# Réamhrá an Chathaoirligh

Cúis sásaimh dom atá ann tuarascáil bhliantúil Iascach Intíre Éireann do 2024 a chur in bhur láthair.

Tá sainchúram reachtach ar Iascach Intíre Éireann an acmhainn iascaigh fionnuisce in Éirinn a chaomhnú, a bhainistiú agus a chosaint.

Agus muid ag maireachtáil i ré a bhfuil caillteanas na bithéagsúlachta, an téamh domhanda agus tarluithe adhaimsire ag titim amach, is ag éirí níos doiligh, níos casta agus níos práinní atá dúshlán an tsainchúraim seo. Tá bagairt cheart ann go n-éireoidh speiceas éisc fionnuisce mar an eascann agus an bradán aitheanta díothaithe in uiscí na hÉireann. Tá speicis ionracha, fána agus flóra araon, ag éirí níos díobhálaí agus níos forleithne. Tá fadhbanna ann le caighdeán an uisce i dtólamh.

Tá cuntas ar chlár oibre Iascach Intíre Éireann sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Cuid den obair seo ná straitéis chuimsitheach chun dul i ngleic leis an meascán ilchineálach seo de dhúshláin. Maille le gnáthobair na cosanta atá leagtha amach sa tuarascáil seo, tá fás ar an gclár oibre ag baint le hathchóiriú gnáthóg. Samplaí de thionscadail den chineál sin in obair na heagraíochta ná deisiúchán tailte scéachtana bradáin nó glanadh bacainní éisc.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Iascach Intíre Éireann as an dílseacht, saineolas agus crógacht a léiríonn siad gach uile lá ina gcuid oibre. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta na heagraíochta as a gceannaireacht agus as a gcuid seirbhíse in Iascach Intíre Éireann. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil go pearsanta leis na comhghleacaithe atá agam ar bhord Iascach Intíre Éireann, le rúnaíocht an bhoird agus leis na hoifigigh sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as a dtacaíocht i rith an ama.



**An tOllamh Tom Collins**
Cathaoirleach



# Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

I mo cháil mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomach, cúis sonais dom fáilte romhaibh i dTuarascáil Bhliantúil 2024 Iascach Intíre Éireann (IIÉ). Is éard atá sa tuarascáil forléargas cuimsitheach ar obair, éifeachtacht agus éachtaí Iascach Intíre Éireann i gcaitheamh na bliana thar a gceann siúd a bhaineann leas as aibhneacha, lochanna agus imeallbhoird na hÉireann. Gabhaim buíochas anseo leis an bhfoireann saineolaithe atá againn as dúthracht a gcuid oibre. Gabhaim buíochas chomh maith leis na Cinn Feidhme eile as a dtiomantas agus a gcuidiú agus muid ag saothrú le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach.

Táimid dírithe go daingean ar iasc agus ar ghnáthóga éisc. Bainimid torthaí suntasacha amach sa réimse seo sna hOibríochtaí, sa Taighde agus Forbairt, agus sna Rannóga nua um Maolú Bacainní atá againn. Tugann na rannóga Seirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha agus Acmhainní Daonna tacaíocht bhreá don eagraíocht.

Is iomaí sin dúshlán a bhíonn romhainn. Tá an aeráid ag athrú go gasta agus tá an t-athrú sin ag cur isteach ar na hacmhainní luachmhara atá againn ó thaobh iascach intíre agus slatiascaireachta de. Tá iasc agus iascach faoi bhrú, brú atá ag fás, de dheasca teochtaí atá ag ardú, leibhéil níos ísle uisce, tuilte agus cleachtais talamhúsáide. Bíodh sin mar atá, tá réimse clár agus tionscadal againn in Iascach Intíre Éireann chun troid in éadan na nithe sin agus muid ag obair chun an acmhainn iascaigh a chaomhnú, a chosaint agus a athchóiriú i rith an ama. Tá samplaí den obair sin sa tuarascáil seo.

Ós gníomhaireacht thábhachtach comhshaoil é, tá gealltanas tugtha ag Iascach Intíre Éireann ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla i réimse an ghníomhaithe ar son na haeráide. Tá an uaillmhian agus acmhainneacht riachtanach sa ghníomhaireacht le hoibleagáidí na tíre a bhaint amach ar leibhéal ardchaighdeáin sa réimse seo.

Is iomaí sin buaicphointe a bhí in Iascach Intíre Éireann in 2024. Ceann



de na buaicphointí ná gur cuireadh an Rannóg um Maolú Bacainní ar bun. Beidh an rannóg ag obair chun bacainní a mhaolú ar fud an Stáit. Tá an rannóg á maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá gealltanas caipitil €104m ann sa tréimhse 2024 go 2027. Tá Ceann Bacainní chomh maith le foireann oilte earcaithe chun an clár uaillmhianach seo a chur i ngníomh. Tá tús curtha le hobair na Rannóige agus tá tionscadail ar bun.

Chuir Iascach Intíre Éireann go suntasach le hacmhainní an Aonaid Speisialtóireachta Gnáthóg in 2024. Is fearr, mar sin, a bheidh an tAonad in ann comhairle shaineolach a chur ar fáil maidir le gnáthóga aibhneacha a thabhairt ar ais má bhíonn na gnáthóga sin buailte ag tubaistí nádúrtha agus gníomhaíocht daoine. Agus na hacmhainní nua seo ann, tá an ghníomhaireacht réidh le méadú suntasach a bhaint amach ar an líon tionscadal, agus ar chaighdeán na dtionscadal sin, ina dtugtar faoi athchóiriú gnáthóg aibhneacha.

I mí an Mheithimh, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, cúis áthais a bhí ann d'Iascach Intíre Éireann fáilte a chur roimh an 41ú cruinniú bliantúil den Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh (NASCO). Is é an príomhchuspóir atá ag NASCO ná leas a bhaint as an gcomhar idirnáisiúnta chun bradán Atlantach a chaomhnú, a thabhairt ar ais, a fheabhsú agus a bhainistiú go loighciúil. Is maith a thuigeann foireann Iascach Intíre Éireann an meath ar stoic bradáin. Bítear ag obair go gníomhach mar chuid de NASCO leis an speiceas aitheanta seo a chaomhnú.

Ceapadh Bord nua in Iascach Intíre Éireann in Eanáir 2024 nuair a d'imigh Tom Barry agus Séamus Neely a bhí ceaptha de réir alt 18. Gabhaim buíochas leis an mbeirt a bhí ceaptha de réir alt 18 as a gcuidiú agus treoir i gcaitheamh 2023 agus in 2024.

Tugtar tús áite don rialachas in Iascach Intíre Éireann. Chuir an eagraíocht na moltaí ó thuarascáil EY ar Rialachas i bhfeidhm. Chuathas i ngleic ina n-iomláine le 10 gcinn den 11 mholadh. Baineann an moladh deireanach leis an bhforbairt ar Straitéis Chorparáideach. Tá obair ar bun chun an ghné seo a chur i gcrích faoi dheireadh 2025.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Aire Eamon Ryan, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus le Bord Iascach Intíre Éireann as an tacaíocht mhór atá tugtha acu dúinn in 2024. A bhuí leis an gcomhar seo, bhí an fhoireann ceannaireachta agus an fhoireann ar fad in ann torthaí a bhaint amach ar gach ceann den mheascán gníomhaíochtaí éagsúla a bhfuil cuntas orthu sa tuarascáil bhliantúil seo.

Tá Iascach Intíre Éireann agus foireann na heagraíochta meáite ar chúram a dhéanamh d'iasc agus gnáthóga in Éirinn. Mar a dhéanaimid i dtólamh, beimid dírithe inár n-iarrachtaí coiteanna ar acmhainní iascaigh na tíre a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú agus a fhorbairt chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir feasta.

**Suzanne Campion,**
POF gníomhach

# Comhaltaí boird

| | |
|---|---|
| **Séamus Neely** | Ceapachán 14/02/2023, deireadh téarma 15/01/2024 |
| **Tom Barry** | Ceapachán 14/02/2023, deireadh téarma 15/01/2024 |
| **An tOll. Thomas Collins** (Cathaoirleach) | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Jackie Maguire** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Maria Graham** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **An Dr Jonathan Derham** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **An Dr Paul Connolly** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Raymond O'Dwyer** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Aebhín Cawley** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Karin Dubsky** | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Lorraine O'Donnell** (Ionadaí Foirne) | Ceaptha 16/01/2024 |
| **Francis O'Donnell** (Comhalta Boird de bhrí oifige) | Ceaptha 02/11/2020 |
| **An Dr Cathal Gallagher** (Leas-POF) | 06/03/2024–05/09/2024 |
| **Barry Fox** (Leas-POF) | 06/09/2024–05/03/2025 |
| **Suzanne Campion** (Leas-POF) | 06/03/2025– |



***Íomhá:*** *an tOll. Tom Collins, an tAire Eamon Ryan agus an Dr Cathal Gallagher (Leas-POF) i gCeanncheathrú Iascach Intíre Éireann in Iarthar na Cathrach an 12 Meitheamh 2024.*



# Foirne Bainistíochta Iascach Intíre Éireann

## Cinn Feidhme

| | |
|---|---|
| Francis O'Donnell | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (agus Comhalta boird de bhrí oifige) |
| Suzanne Campion | Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha |
| Paula Byrne | Ceann Acmhainní Daonna |
| Barry Fox | Ceann Oibríochtaí |
| An Dr Cathal Gallagher | Ceann Taighde agus Forbartha |

## Stiúrthóirí Ceantar Abhantraí

| | |
|---|---|
| An Dr Ronan Matson | IIÉ Bhaile Átha Cliath, Ceantar Abhantraí an Oirthir – CAO |
| Lynda Connor | IIÉ Chluain Meala, Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt – CAOD |
| Seán Long | IIÉ Mhaigh Chromtha, Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt – CAID |
| David McInerney | IIÉ Luimnigh, Ceantar Abhantraí na Sionainne – CAS |
| An Dr Rachel Cooper | IIÉ na Gaillimhe, Ceantar Abhantraí an Iarthair – CAI |
| Mary Walsh | IIÉ Bhéal an Átha, Ceantar Abhantraí an Iarthair – CAI |
| An Dr Milton Matthews | IIÉ Bhéal Átha Seanaidh, Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt – CAIT |

# An Ghníomhaireacht agus Obair na Gníomhaireachta

Is é Iascach Intíre Éireann an comhlacht reachtúil atá freagrach as na ceantair iascaigh intíre in Éirinn. Oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil (RCAC).

Tá príomhfheidhm Iascach Intíre Éireann leagtha amach faoi Alt 7(2) den Acht um Iascach Intíre 2010. Déantar tagairt san Acht don acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. Is iad seo a leanas feidhmeanna ginearálta Iascach Intíre Éireann:

- Caomhnú, cosaint, bainistíocht, margaíocht, forbairt agus feabhsú iascach intíre, lena n-áirítear an tslatiascaireacht farraige a chur chun cinn, a chothú, a éascú, agus comhairle a chur ar an Aire ina leith.
- Beartais agus straitéisí náisiúnta a bhaineann le hiascaigh intíre agus an tslatiascaireacht farraige a fhorbairt, agus comhairle a chur ar an Aire ina leith.
- Féachaint lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm agus go mbaintear amach an beartas agus na straitéisí mar a shocraítear an méid sin leis an Aire.

## Fís

Acmhainn an iascaigh intíre a fhágáil sa riocht is inbhuanaithe agus is féidir ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

## Bunchuspóir

Acmhainní iascaigh intíre agus acmhainní slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú, agus a n-inbhuanaitheacht agus a mbithéagsúlacht nádúrtha a uasmhéadú dá réir.

## Luachanna

**Oibrímid i gcomhar a chéile le teann gairmiúlachta.**

**Bímid díreach, follasach agus freagrach.**

**Táimid tiomanta don mhaoirseacht agus don inbhuanaitheacht.**

**Gníomhaímid le hurraim agus le hionracas.**



# Léargas Ginearálta

Tá os cionn 70,000 km d'aibhneacha agus sruthanna agus os cionn 144,000 heicteár (ha) de lochanna in Éirinn, iad ar fad faoi dhlínse Iascach Intíre Éireann. Scaoiltear go díreach isteach san fharraige ó chuid mhór de na sruthchúrsaí seo agus bítear ag tacú le speicis a úsáideann timpeallacht na mara ar feadh a saolré (mar shampla, bradán, breac geal, eascann, loimpre).

Mar chuid de shainordú Iascach Intíre Éireann, tá an eagraíocht freagrach as oibreacha cosanta, caomhnaithe agus forbartha a chur i gcrích i gcás na n-uiscí intíre ar fad atá sa Stát. Á cur san áireamh sa fhreagracht seo tá an fharraige, suas le 12 mhuirmhíle ó bhonnlínte. Tá freagracht glactha ag Iascach Intíre Éireann le tamall de blianta anuas as doingean mara a chosaint, ar speiceas go díreach don tslatiascaireacht áineasa é in Éirinn (ní iascaireacht tráchtála) agus as an gclár píolótach taighde ar an Tuinnín Gorm Atlantach slatiascaireachta.

Déanann Iascach Intíre Éireann gach gné den timpeallacht uisceach a chosaint mar a dhéanann i gcás na gcúinsí ar fad a théann i bhfeidhm ar na pobail bhitheacha ar fad sna huiscí. Á gcur san áireamh anseo tá aon chúinsí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar iomadú pobal éisc.

Déanann an eagraíocht scéimeanna maoinithe a chur chun cinn agus a riar. Is tríothu sin a chuirtear i gcrích tionscadail inbhuanaithe iascaigh, ó chéim na forbartha go cur i bhfeidhm. Úsáidtear cur chuige caighdeánach ón bpleanáil go dtí an feidhmiú. Cuirtear na tionscadail seo i gcrích i gcomhréir leis an reachtaíocht reachtúil iomchuí. Cloítear le rialachas, beartais agus nósanna imeachta cuí don tseirbhís phoiblí.

Cuirtear cláir faireacháin agus cláir don taighde feidhmeach i láthair in Iascach Intíre Éireann, iad dírithe den chuid is mó ar speicis éisc agus na gnáthóga a mbíonn siad iontu a chaomhnú. Féachtar sna cláir Thaighde agus Forbartha seo le bonn fianaise a thabhairt chun tacú le lucht déanta beartas, reachtóirí, bainisteoirí agus páirtithe leasmhara eile le hacmhainn inbhuanaithe iascaigh intíre a chothú do na glúnta atá le teacht. Cuirtear comhairle eolaíochta ar fáil don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide trí na cláir seo.

Bítear ag díriú ar spriocanna straitéiseacha gnó na heagraíochta a bhaint amach, ar fhreagairt do dhúshláin agus ar dhul in oiriúint dóibh. Tá grúpaí oibre a thrasnaíonn feidhmeanna éagsúla ag obair le tionscnaimh áirithe a chur i gcrích, cuir i gcás na foirne a bhíonn ag plé leis an Nuáil, leis an nGaeilge agus leis an gclár Glas. Is iad aonaid tacaíochta na heagraíochta ná Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus TFC.

# Cuspóirí Ardleibhéil

Tá trí phríomhfheidhm le comhlíonadh ag Iascach Intíre Éireann, mar atá an acmhainn iascaigh intíre a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú. I gcomhréir le Plean Corparáideach 2021-2025, déantar na Cuspóirí Ardleibhéil a athbhreithniú agus a mheas sna réimsí seo: Gnáthóga, Iasc, Páirtithe Leasmhara, Inbhuanaitheacht, an Fhoireann, Bainistiú Corparáideach agus Nuáil.




| | |
|---|---|
| **GNÁTHÓGA** | Gnáthóga éisc a fhorbairt agus a fheabhsú go hinbhuanaithe |
| **ÉISC** | Pobail éisc fhiáine na hÉireann a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú |
| **PÁIRTITHE LEASMHARA** | Dul i dteagmháil go gníomhach le páirtithe leasmhara i maoirseacht leanúnach ar ár n-acmhainní comhroinnte |
| **INBHUANAITHEACHT** | Ról ceannaireachta a imirt maidir lenár spriocanna i ngníomhú ar son na haeráide agus na bithéagsúlachta a bhaint amach |
| **ÁR BHFOIREANN** | Luach a chur inár ndaoine agus tacú lena bhforbairt agus lena bhfeidhmíocht |
| **BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH** | Cultúr luach ar airgead a chothú agus ár bhfeidhmíocht á meas againn ar bhealach intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach |
| **NUÁIL** | Leas a bhaint as cumhacht na nuála chun leanúint de sheirbhís iascaigh nua-aimseartha a sholáthar |

Déanann cuid mhór de réimsí/tionscadail/cláir oibre Iascach Intíre na hÉireann gníomhartha éagsúla sna Cuspóirí Ardleibhéil a chomhlíonadh. Úsáidtear deilbhíní na gCuspóirí Ardleibhéil (thuas) le hiad a aibhsiú sa tuarascáil seo.

Tá an tuarascáil seo leagtha amach de réir teidil caibidlí chun léiriú a thabhairt ar na Cuspóirí Ardleibhéil atá ag an eagraíocht sa Phlean Corparáideach. Ina dhiaidh sin, tugtar fo-cheannteidil le léiriú a thabhairt ar an obair a dhéanann gach rannán leis na gníomhartha a bhaineann leis na Cuspóirí Ardleibhéil a chur i gcrích.



# 1

# Cuspóir Ardleibhéil: Gnáthóga

## GNÁTHÓGA ÉISC A FHORBAIRT AGUS A FHEABHSÚ GO hINBHUANAITHE



# 1. Gnáthóga

## GNÁTHÓGA ÉISC A FHORBAIRT AGUS A FHEABHSÚ GO hINBHUANAITHE

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um Ghnáthóga:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| **1.1** | Struchtúir agus acmhainní oiriúnacha a chruthú san eagraíocht chun díriú ar ghnáthóga éisc a chothú agus a athchóiriú. Úsáidfear an chumhacht reachtaíochta iomchuí go léir leis an méid seo a dhéanamh agus cloífear leis an reachtaíocht sin. | Méadú ar an méid den ghnáthóg is oiriúnaí d'éisc a chaomhnófar agus a chothófar fad a mhairfidh an Plean Corparáideach seo. |
| **1.2** | Forbairt bhreise a dhéanamh ar bhonn fianaise chun tacú leis an obair seo agus tosca comhshaoil á gcur san áireamh, tosca mar cháilíocht an uisce, uirbiú, dianfheirmeoireacht, foraoisiú agus an tionchar fadtéarmach a bheidh ag an athrú aeráide. | Méadú ar an méid den ghnáthóg is oiriúnaí d'éisc a chaomhnófar agus a chothófar fad a mhairfidh an Plean Corparáideach seo. |
| **1.3** | Dul i mbun plé i gcomhar le gníomhaireachtaí iomchuí eile chun tuiscintí, eolas agus ceachtanna a thaifeadadh agus a phlé. Fágfaidh sé seo go gcosnófar agus go bhfeabhsófar gnáthóga éisc agus an teacht ag iasc ar na gnáthóga sin toisc go mbainfear bacainní i gcomhar le páirtithe leasmhara eile. | Méadú ar an méid den ghnáthóg is oiriúnaí d'éisc a chaomhnófar, a rachfar isteach inti agus a chothófar fad a mhairfidh an Plean Corparáideach seo. |

# Réamhrá

Cuireann oibrithe Iascach Intíre Éireann tionscadail chlaochlaitheacha i gcrích sna Ceantair Abhantraí d'fhonn gnáthóga éisc a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhealaí inbhuanaithe. Baintear leas sa Ghníomhaireacht as an saineolas atá againn san eagraíocht sna réimsí seo: bainistiú iascaigh, maoirseacht ar thionscadail, athchóiriú gnáthóg aibhneacha, forbraíocht, innealtóireacht, riarachán agus measúnacht timpeallachta. Déanann Iascach Intíre Éireann a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla i ngach tionscadail, go gcloítear le cuspóirí straitéiseacha agus leis na caighdeáin is airde dá bhfuil ann den rialachas agus beartas seirbhíse poiblí.

Mar bhonn agus mar thaca faoin obair oibríochtúil ar fad a dhéanann Iascach Intíre Éireann chun acmhainn iascaigh na hÉireann a chosaint agus a chaomhnú tá taighde fianaisebhunaithe a chuidíonn linn eolas cruinn a fhorbairt maidir le hiascaigh na tíre agus a ngnáthóga. Is de bharr an taighde a dhéanaimid atá tuiscint chríochnúil againn ar na dúshláin atá romhainn agus is féidir linn freagraí cuí a fhorbairt, bídís sin ina dtreoirlínte oibríochta, oibreacha bonneagair nó bearta chun brúnna comhshaoil aitheanta a mhaolú. Tá cuid de na torthaí ardleibhéil atá bainte amach sa Rannóg Taighde agus Forbartha ar leathanach 95.

Bhunaigh Iascach Intíre Éireann an Rannóg Maolaithe Bacainní in 2024. Tugadh tacaíocht d'acmhainní an Aonaid Speisialtóireachta Gnáthóg agus cuireadh go suntasach leo. Is fearr, mar sin, a bheidh an tAonad in ann comhairle shaineolach a chur ar fáil maidir le gnáthóga aibhneacha a thabhairt ar ais má bhíonn na gnáthóga sin buailte ag tubaistí nádúrtha agus gníomhaíocht daoine. Agus na hacmhainní nua seo ann, tá an Ghníomhaireacht réidh le méadú suntasach a bhaint amach ar an líon tionscadal, agus ar chaighdeán na dtionscadal sin, ina dtugtar faoi athchóiriú gnáthóg aibhneacha.

Tá scéimeanna suntasacha maoinithe i bhfeidhm ag Iascach Intíre Éireann trína mbaintear torthaí éifeachtacha amach i dtionscnaimh ríthábhachtacha, cuir i gcás Ciste Iascaigh Lár Tíre, an Ciste um Athchóiriú, Caomhnú agus Cosaint Breac Geal agus an ciste 'Go Fishing'. Bhí na cistí seo ríthábhachtach agus baineadh leas astu chun tacú le páirtithe leasmhara tionscadail éifeachtacha a chur i gcrích ina rabhthas ag díriú ar athchóiriú gnáthóg, maolú bacainní agus iarrachtaí for-rochtana.

Is de bharr na n-éachtaí seo atá Iascach Intíre Éireann in ann an inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn agus deiseanna ionchuimsitheachta a chur ar fáil le go mbeidh teacht ag daoine ar an dúlra. Déantar a chinntiú go mairfidh tionchar dearfach na hoibre i bhfad ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí.

An toisc is tábhachtaí ar fad ionas go mbeidh gnáthóg ag an iasc le go mbeidh rath orthu ná cáilíocht an uisce. Déanaimidne iniúchtaí rialta ar cháilíocht an uisce chun leibhéil truaillithe i ngnáthóga éagsúla a mheas. Is é an beartas atá againne cás dlí a thabhairt i gcoinne eagraíochtaí agus daoine i dtaca le cionta comhshaoil má bhíonn damáiste suntasach do ghnáthóg nó truailliú suntasach ann, go háirithe má bhíonn marú éisc i gceist.



Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

***Íomhá:*** *An líon iniúchtaí ar cháilíocht an uisce agus ar ghnáthóga*







# Torthaí tábhachtacha

Thug Iascach Intíre Éireann faoi oibreacha ar ghnáthóga agus oibreacha caomhnaithe in 2024 agus na príomhthorthaí seo a leanas ann

**30** tuarascáil chomhshaoil

**27km** de chothabháil ionsrutha

**17** plean deartha

**10 km** d'athbhunú ionsrutha

**25km** de ghnáthóg sceite uibheacha oscailte

Léiríonn na cás-staidéir seo a leanas na hoibreacha agus tionscadail ar thug Iascach Intíre Éireann fúthu in 2024.

## **Cás-staidéar:** Athchóiriú gnáthóg san Ifearnóg i gContae na Mí

De dheasca fadhbanna stairiúla ó thaobh draenála de sa Bhóinn, is ríthábhachtach gnáthóga a fheabhsú le go mbainfear amach feabhsú ar láithreáin scéachtana agus méadú ar an líon salmainidí i gContae na Mí.

Mar fhorbairt ar oibreacha i mblianta roimhe, thóg Iascach Intíre Éireann faoi obair shuntasach chun gnáthóga a fheabhsú ar an Ifearnóg, craobh-abhainn de chuid na Bóinne. D'fhág an biseach ar an aimsir agus an talamh tirim gurbh fhéidir áiteanna sclagacha a chothromú agus síolta féir a athshíolú. Cuireadh crainn óga agus cuireadh isteach sconsa le go bhfásfadh fásra bruachánach arís.

Rinneadh iarratas ar mhaoiniú breise tríd an gCiste Caomhnaithe Bradán. Cuireadh tuarascáil scagtha Measúnachta Cuí le chéile. Tugadh faoi réamhshuirbhéanna in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an áit a gcuirfí na leapacha gairbhéil a leagan amach. Cuireadh iad siúd isteach ansin i dtréimhse oibreacha ionsrutha an tsamhraidh.



Cuireadh fálta isteach i mí na Samhna leis an gcrios bruachánach a chosaint ar bheostoc agus le deis a thabhairt don fhásra nua socrú. Chomh maith leis sin, cuireadh córais uisce ghrianchumhachtaithe isteach don bheostoc chun cuidiú le feirmeoirí sa cheantar.

Tá an láithreán athchóirithe iomlán á chosaint anois ar bheostoc. Ba chóir, mar sin, go dtiocfadh feabhas suntasach ar chlaiseanna sceathraí bradán feadh 2 km den abhainn.

Thug an bord agus daoine den fhoireann ardbhainistíochta in Iascach Intíre Éireann cuairt i mí na Nollag ar an láithreán nuachóirithe agus rinne siad clampa crann óg dúchasach a chur cois na habhann.

Thug Oifig na nGnáthóg faoi réamhshuirbhé ar gach láithreán ina dtugtar faoi oibreacha athchóirithe gnáthóg i ndobharcheantar na Bóinne. Dá bharr sin, faoi phlean nua, ba chóir go dtiocfadh laghdú suntasach ar an bpleanáil don athchóiriú gnáthóg agus ar an scagadh measúnachtaí cuí a bheidh le déanamh agus go mbeadh Iascach Intíre Éireann in ann obair cúpla bliain a phleanáil roimh ré.

***Íomhá:*** *Fásra bruachánach feabhsaithe ar bhruacha na hIfearnóige.*

# **Cás-staidéar:** Tionscadail forbartha gnáthóg, Gaillimh

Tugadh faoi réimse de thionscadail forbartha gnáthóg in 2024 i gCeantar Abhantraí an Iarthair. Tugadh faoi thionscadail a cuireadh i gcrích ar na láithreáin seo a leanas i ndobharcheantair Loch Coirib, Loch Measca agus Loch Ceara: Cnoc Rois, an Tóchar, an Caol, an Machaire Beag agus an Baile Nua.

Rinneadh an scagadh agus na measúnuithe cuí agus fuarthas na ceadanna pleanála cuí sular cuireadh tús leis an obair. Rinneadh oibreacha ionsrutha ar na láithreáin seo, mar shampla, cuireadh isteach sraonairí péireáilte agus sraonairí malartacha, rinneadh an gairbhéal a athleagan síos agus cuireadh 96 tona de ghairbhéal.

Tionscadail eile a bhí ann ná athailíniú coraí, fálú agus dúnadh caolbhealaí óil. Chomh maith leis na hoibreacha atá beartaithe do 2024, cuireadh an scagadh i gcrích go luath do tionscadal comhpháirteach ar Abhainn na Crannaí i gcomhar le Comhghuaillíocht na Coiribe Thoir.

Chuaigh oibrithe ó Iascach Intíre Éireann i mbun plé le húinéirí talún agus chuir 60 tona de ghairbhéal leis an abhainn i mí Mheán Fómhair. Táthar le leanúint ar aghaidh in 2025 leis an obair atá le cur i gcrích i dtionscadal Abhainn na Crannaí, cuir i gcás fálú agus óltóirí gréine a chur isteach. Tugadh faoi thionscadail chomh maith ar dhobharcheantar Abhainn an Chláir.

Tugadh chomh maith faoin obair bhliantúil chun sruthanna dhobharcheantair Loch Coirib, Loch Measca agus Loch Ceara a chothabháil. Rinne os cionn de 7,090 méadar a ghlanadh i gcaolta. Baineadh salachar uisceach ó ghairbhéal scéachtana. Mar chuid de na cúraimí bliantúla cothabhála rinneadh cothabháil ar chuid de na bruacha, fuarthas réidh le bacainní agus cuireadh isteach 264 tona de ghairbhéal.



*__Íomhá:__ Oibrithe ó Iascach Intíre Éireann ag cur isteach fálú le beostoc a choinneáil amach.*



*__Íomhá:__ An bonn ar a gcuirfí caidéal grianchumhachtaithe agus aonad óil beostoic sula gcuirfí isteach iad.*





*__Íomhá:__ Taifeadann oibrithe an áit le gairbhéal a chur isteach (clé) agus sampla de bheostoc agus teacht acu gan srian ar an sruthchúrsa (deas).*

# **Cás-staidéar:** Tionscadail athchóirithe Abhainn an Tóchair agus Abhainn an Chaoil

Cuisle i ndobharcheantar na Coiribe is ea Abhainn an Tóchair atá buailte go dona ag an draenáil. I láithreán an tionscadail, bhí grinneall na habhann íslithe os cionn 10 méadar agus bhí cúig mhéadar go deich méadar de chartadh dreideála carntha ar an dá thaobh. San áit a raibh púróg agus gairbhéal nádúrtha roimhe bhí dríodair fhíneálta tagtha isteach, timpeallacht nach mbeadh fóirsteanach do bhithraí ionsrutha.

Tugadh faoi thionscadal athchóirithe gnáthóige chun cosaint cois bruaigh a fheabhsú agus chun an ghnáthóg a fheabhsú do phiardóg liathbhán (Austropotamobius pallipes), loimpre mhara (Petromyzon marinus), loimpre shrutháin (Lampetra planeri), bradán Atlantach (Salmo salar) agus madraí uisce (Lutra lutra).

Cuidiú a bhí sa tionscadal seo i dtreo na gcuspóirí caomhantais a bhaint amach don Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Coirib. Toradh eile a bhí ar an tionscadal seo ná go ndearnadh láithreáin scéachtana a fheabhsú do bhradán Atlantach, loimpre shrutháin agus loimpre mhara.



***Íomhá:*** *Seachadadh na carraige chun sraonairí a thógáil in Abhainn an Tóchair.*

Thug oibrithe ó Iascach Intíre Éireann faoi athchóiriú na gnáthóige in Abhainn an Tóchair i gCathair Loistreáin agus tacaíocht acu ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Gníomhaíochtaí éagsúla a bhí ann, cuir i gcás sraonairí péireáilte agus malartacha a thógáil, linnte a thochailt, bolláin a chur isteach agus 54 tonna nua de gairbhéal scéachtana.

Bhí an abhainn in ann filleadh ar staid níos nádúrtha dá bharr agus forbraíodh linnte doimhne le go mbeadh cosaint ag bradán fásta agus bradán óg. I bpáirt mar thoradh ar ghlanadh na leapacha gairbhéil, forbraíodh gnáthóg do scéachtaint bradán agus loimprí fásta.

***Íomhá:*** *Gairbhéal scéachtana á thabhairt isteach.*



***Íomhá:*** *Athchóiriú ar láithreán Abhainn an Tóchair inar tugadh isteach gnéithe ionsrutha, sraonairí cuir i gcás.*








Tá trí áit in Abhainn an Chaoil ina bhfuil sreabhadh agus doimhneacht atá sásúil chun leapacha gairbhéil mór go leor a sholáthar do scéachtaint breac. Le himeacht aimsire, tá na leapacha gairbhéil éirithe scaipthe agus cailcithe agus is doiligh ag breac scéachtaint mar sin.

Rinneadh iarracht sa tionscadal feabhsaithe gnáthóige leis na leapacha gairbhéil a rácáil, a dhíbhalcadh agus a mhéadú le go mbeidís ní b'oiriúnaí do scéachtaint salmainidí. Spreagfar an bhithéagsúlacht san obair toisc go ndéanfar cáilíocht na gnáthóige a fheabhsú do speicis mar an madra uisce agus piardóg liathbhán.



***Íomhá:*** *Gabháil agus athlonnú piardóg in Abhainn an Chaoil.*



***Íomhá:*** *Cora cloiche athmhúnlaithe ina stua in aghaidh srutha agus gairbhéal scéachtana le hathdháileadh suas an abhainn.*

# **Cás-staidéar:** Fiaile ionrach (*Líobhógach Afracach/ Lagarosiphon major*) á bainistiú

*Speiceas ionrach is ea líobhógach Afracach/Lagarosiphon major* a tugadh faoi deara i Loch Coirib den chéad uair in 2005. Má fhágtar an fhiaile gan í a bhainistiú, féadfaidh sí cur isteach ar ghnáthóga nádúrtha, acmhainní slatiascaireachta agus loingseoireacht bád. Fásann an planda seo go gasta agus tá sé in ann plandaí uisceacha dúchasacha a shárú a fhágann go gcailleann iasc agus inveirteabraigh foinsí riachtanacha bia agus gnáthóga.





***Íomhá:*** *Oibríochtaí móra meicniúla gearrtha fiailí (Lagarosiphon major) i Loch Coirib.*

I gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe, tá Iascach Intíre Éireann ag obair ó 2008 le scaipeadh Lagarosiphon major a stopadh. Tá modhanna éagsúla ann faoi láthair chun fiailí ionracha a bhaint den loch, cuir i gcás báid speisialaithe gearrtha fiailí agus tumadóirí ag úsáid matrach siúite in-bhithmhillte (plúchadh) chun athfhás a stopadh.

Baineadh feidhm as gearradh meicniúil le 131,600 m$^2$ ar fad a chóireáil. Úsáideadh matrach siúite le 43,800 m$^2$ eile a chóireáil. Cóireálacha 175,400 m$^2$ ar fad a rinneadh mar sin.



***Íomhá:*** *Matrach siúite leagtha ar thóin an locha le feiceáil ó thaifeadadh dróin.*





***Íomhá:*** *Matrach siúite ó bháid á úsáid ag tumadóirí.*

## **Cás-staidéar:** Tionscadal athchóirithe gnáthóige Abhainn an Bhaile Nua

Cainéal á chothú ag fuarán is ea Abhainn an Bhaile Nua a ghabhann isteach sa Mhuaidh ar an taobh thoir den inbhear. Táthar tar éis an cainéal seo a athrú agus a ghearradh go domhain chun críocha draenála talún, arbh in an réasúnaíocht ba mhó leis an bplean athchóirithe.

Mar thoradh ar oibreacha draenála agus teacht ag beostoc uirthi, tá an abhainn fágtha gan cosaint ar shreafaí cothaitheach agus dríodair ó thailte thart uirthi. Dá bharr, tá an struchtúr nádúrtha gnáthóige caillte, tá an bhithéagsúlacht laghdaithe agus níl deiseanna chomh maith sin ann mar iascach.

Ar an 24 Lúnasa 2024, rinne oibrithe ó Iascach Intíre Éireann maoirseacht ar an obair chun sraonairí péireáilte agus malartacha a thógáil. Bhainistigh siad an obair chun linnte a dhoimhniú, bolláin a leagan agus leapacha breise gairbhéil scéachtana a thógáil.

Tógadh fálú chun stoc a choinneáil amach agus chun an scaoileadh dríodair mar gheall ar póitseáil beostoic a chealú. Cuireadh isteach dhá chaidéal ghrianchumhachtaithe isteach agus na trachanna óil lena mbaineann ionas go mbeadh uisce ag an mbeostoc. Ar a bharr sin, cuireadh fearnóga dúchasacha le go mbeadh scáth ann do na linnte.



***Íomhá:*** *Sraonairí malartacha agus leagan bollán in áiteanna éagsúla in Abhainn an Bhaile Nua.*



***Íomhá:*** *Sraonairí péireáilte, leagan bollán agus gairbhéal scéachtana in áiteanna éagsúla.*




***Íomhá:*** *Fálú a tógadh le stoc a choinneáil amach agus caidéil ghrianchumhachtaithe a cuireadh isteach.*

Gnáthóga

Éisc

Páirtithe leasmhara

Inbhuanaitheacht

Ár bhFoireann

Corparáideach An lucht bainistíochta

Nuáil

Ráitis Airgeadais

# Cás-staidéar comhoibríoch:
## Cosaint agus athchóiriú gnáthóg in Abhainn Bhullaba

Páirceanna Náisiúnta National Parks

Chuaigh Iascach Intíre Éireann i mbun oibre i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le maoiniú a fháil le tabhairt faoi thionscadal cosanta agus athchóirithe gnáthóige in Abhainn Bhullaba.

Mar chuid den phacáiste bhí 2.8 km d'fhálú bruachánach le cur isteach agus crios cosanta 5 mhéadar le leagan amach ar an dá bhruach den abhainn. Obair eile a bhí i gceist sa phacáiste ná go raibh crainn dhúchasacha leathanduilleacha le cur sa chrios bruachánach agus stráice beag d'oibreacha boginnealtóireachta rialaithe creimthe le cur isteach.

Ar an ábhar go raibh an pacáiste oibre chomh mór sin, b'éigean maoiniú breise a fháil ó fhoinsí eile seachas Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal Iascach Intíre Éireann. Ós rud é gur cuid de LCS na Leanainne (Cód an Láithreáin 002176) iad na haibhneacha a rabhthas ag díriú orthu, bhí aon oibreacha a bhí á gcur i bhfeidhm i dteideal maoiniú a lorg faoi Scéim Maoinithe Caomhantais na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Ó tharla go bhfuil cúpla ceann de Leasanna Cáilitheacha an-íogair ann (mar shampla, diúilicín péarla fionnuisce), b'éigean Measúnacht Chuí agus ceadú na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a chur isteach mar thacaíocht don phacáiste oibre. Tionóladh sraith comhchruinnithe i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha leis an tionscadal a phlé ansin.

Bronnadh cistiú meaitseála i ndeireadh 2024 chun tús a chur leis na hoibreacha go luath in 2025. Sampla é an pacáiste oibre a cuireadh le chéile de chomhar éifeachtach idir gach gníomhaireacht. Is féidir é a úsáid mar eiseamláir le tionscadail athchóirithe gnáthóige den chineál céanna a chur i ngníomh i limistéir Natura 2000 amach anseo.



# Athchóiriú Abhainn Fheartraí i gContae Chill Mhantáin

Chuir Iascach Intíre Éireann, i gcomhar leis an ngnólacht foraoiseachta tráchtála Coillte, oibreacha athchóirithe i gcrích i mbliana san fhómhar ar Abhainn Fheartraí (SCF-24-0252) sa Ghleann Mór, i mBaile Mhurcha Rua. Bhíothas in ann an obair seo a dhéanamh i gcomhar a chéile a bhuí le maoiniú €23,000 ón gCiste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal mar aon le €8,000 a thug Coillte féin.

Ní raibh an cuspóir atá sa Treoir Réime Uisce á bhaint amach sa chuid sin d'Abhainn Fheartraí atá sa Ghleann Mór, is é sin stádas "maith" éisc. B'éigean an abhainn a athchóiriú toisc go raibh taiscumar agus damba taobh thuas den láithreán tar éis cur isteach ar shruth na habhann agus ar dhinimic nádúrtha an chainéil. Dá bharr sin, bhí gnáthóg na habhann éirithe ní ba shimplí agus, dá réir, ní raibh leibhéal sásúil d'ábhar scéachtana cuí do bhradán Atlantach agus breac sa láithreán.

Mar gheall ar na hoibreacha a rinneadh, beidh timpeallacht ionsamhlaithe gnáthóige nádúrtha ann, beidh tacaíocht ann do phobail éisc le go mbeidh siad níos seasmhaí agus beidh tacaíocht ann chun stádas níos airde a bhaint amach i gcaighdeán an uisce amach anseo. Is é a bhí i gceist san athchóiriú ná crainn roghnaithe a leagan (speicis neamhdhúchasacha) ó bhruach na habhann, agus gnáthóga móradhmaid agus gairbhéal garbh a chur isteach san abhainn.

Déanfaidh Iascach Intíre Éireann faireachán ar an obair ar na láithreáin ionas go mairfidh na buntáistí d'éiceachóras na habhann agus le go mbeifear in ann tuairisciú ar thionchar an athchóirithe ar ghnáthóga agus ar speicis.

Sampla de thionscadal comhpháirteach atá sa chomhar seo, obair ar mhaithe le gnáthóga nádúrtha in Éirinn a fheabhsú mar thoradh ar shaineolas teicniúil, eolas agus foghlaim. Leis an tionscadal seo, tá an bealach á réiteach do thograí athchóirithe amach anseo a rachaidh chun tairbhe don bhithéagsúlacht, do cháilíocht an uisce agus don mhaolú ar an athrú aeráide.

COILLTE



# **Cás-staidéar:** Athchóiriú agus bainistiú bruscarnaí móradhmaid abhann

Cuid nádúrtha d'éiceachórais fholláine aibhneacha is ea bruscarnach móradhmaid a chomhlíonann réimse feidhmeanna éiceolaíocha agus geomorfacha. Baintear leas go forleathan as athbhunú móradhmaid i dtionscadail athchóirithe aibhneacha chun gnáthóga a athbhunú agus pobail éisc a fháil ar ais. In Éirinn, tá tionscadail mar seo in easnamh agus ní dhéantar go leor faireacháin chun taifead a choinneáil de na buntáistí measta don bhithéagsúlacht.

Tá easpa mhór tuisceana ann faoin dóigh a fhorbraítear gnáthóg móradhmaid, faoi éifeacht na gnáthóige agus faoi na deiseanna in Éirinn sa chleachtas athchóirithe. Chun dul i ngleic leis an easpa tuisceana seo, fuarthas maoiniú ó Iascach Cósta ar Mhionscála in 2024 le hiniúchadh a dhéanamh ar an méid seo:

- Éifeachtacht móradhmad á thabhairt isteach arís mar ghné de bhainistiú gnáthóige salmainidí.
- Scálaí ama (i.e. 1 bhliain ≥ 5 bliana) maidir le sásúlacht modhanna athchóirithe gnáthóg ina n-úsáidtear struchtúir mhóradhmaid agus aon chothabháil a theastaíonn lena bhfeidhm éiceolaíochta a chothabháil.

I mbliain a haon, rinneadh suirbhéireacht fhairsing bonnlíne i dtrí abhainn, is iad sin an Dothra, Abhainn Ghleann Cuilinn agus Abhainn Fheartraí. Ó thaobh bruscarnach móradhmaid de, bhí gnáthóga mar sin ann in 13 láithreán agus ní raibh in 10 láithreán. Léiríonn torthaí tosaigh go mbíonn baint ann idir bruscarnach móradhmaid ionsrutha agus méid agus éagsúlacht i bhfad níos airde éisc ar chéimeanna éagsúla den saol.

***Fíor:*** *Líonmhaireacht breac donn/geal a taifeadadh i láithreáin suirbhéireachta i dtrí abhainn (an Dothra, Abhainn Ghleann Cuilinn, Abhainn Fheartraí).*



# Samhaltú spás-ama ar theochtaí srutha

Rinne Iascach Intíre Éireann samhail spás-ama Ordlathach Bhayesach a fhorbairt le Neasúchán Neadaithe Comhtháite Laplace chun gnáthóga a bheadh seasmhach ó thaobh na haeráide de a shainaithint.

An cuspóir atá ann ná sonraí teochta ón gClár Taighde um Maolú ar an Athrú Aeráide agus ó líonra náisiúnta monatóireachta Thionscadal Oifig na nOibreacha Poiblí um an Athléimneacht Aeráide a shamhaltú go cuí.

Úsáidfear na sonraí chun tuartha laethúla mionsonraithe a chur ar fáil i líonraí na n-aibhneacha ar fad i ndobharcheantair an staidéir. Cuirfear uath-chomhghaol spásúil agus ama san áireamh.

Sa chéad chéim, rinneadh tionchar screamhuisce (athróg thábhachtach a théann i bhfeidhm ar theocht srutha) a shamhaltú sna dobharcheantair ar fad.

Sa chéad chéim eile, úsáidfear na sonraí screamhuisce seo chun samhlacha a fhorbairt do gach dobharcheantar, an Mhuaidh ar dtús.




***Íomhá:*** *Éifeacht iarmharach spásúil i gcás na samhla dé-ainmniúla screamhuisce. Léiríonn an dath dearg na láithreáin a n-imríonn screamhuisce tionchar orthu. Léiríonn an dath gorm láithreáin aerchúpláilte.*




***Íomhá:*** *Teochtaí tuartha mionsonraithe don Mhuaidh don 23 Iúil 2022 le linn tonn teasa.*

# **Cás-staidéar:** Taighde chun faireachán dobharcheantar a fheabhsú

Is riachtanach don timpeallacht agus dár bhfolláine go mbeidh uiscí glana sláintiúla ann. Ceann de na treochtaí is suntasaí atá feicthe i gcláir faireacháin in Éirinn ná an meath ar na dobharlaigh abhann gan mhilleadh (Stádas Ard) ó dheireadh na 1980idí.

I Meán Fómhair 2023, bhronn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maoiniú ar Iascach Intíre Éireann agus foireann taighde ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, chun tabhairt faoi chlár oiriúnach monatóireachta le measúnú a dhéanamh ar an staid ina bhfuil dobharlaigh aibhneacha bheartaithe.

Sa tionscadal 55 mí seo, bainfear leas as creat freagartha brú strusaire chun athruithe ar dhobharlaigh abhann ardstádais a bhrath agus chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht beart leis na dobharlaigh a chosaint agus a athchóiriú.

Sa tionscadal, cuirfear leis na modhanna reatha úrscothacha eolaíochta don fhaireachán dobharcheantar agus úsáidfear sonraí atá ann cheana féin ar dhálaí dobharcheantar agus cuislí. Beidh measúnú deisce tosaigh ann ar dtús agus úsáidfear modhanna samplála allamuigh chun measúnú a dhéanamh ar stádas gnéithe roghnaithe bitheolaíochta agus tacaíochta.

Cuireadh tús leis an bhfaireachán bonnlíne i mBealtaine 2024. Rinneadh measúnú ar 118 láithreán ar fad, an measúnú dírithe ar stádas cáilíochta éiceolaíochta maicrinveirteabrach agus ar anailís ar na feidhmeanna. Rinneadh cothaigh a thomhas faoi dhálaí ardsreafa in 62 láithreán agus dálaí sreafa íseal in 85 láithreán. Rinneadh carbón orgánach tuaslagtha a thomhas in 10 láithreán.

***Tábla 1:*** *Suirbhéireachtaí ar láithreáin i nDobharcheantair Cuspóra Ardstádais le linn faireachán bonnlíne, 2024 (an tionscadal Athchóiriú):*

| Dobharcheantar | Catagóir Riosca | Maicrinveirteabrach | Dríodar | Cothaitheach (ard) | Cothaitheach (íseal) | DOC |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Abhainn Mhór | I mbaol | 47 | 47 | - | 19 | 10 |
| An Abha Bheag (Cill Bhrain) | I mbaol | 13 | 13 | 24 | 20 | - |
| An Ghréin | I mbaol | 21 | 21 | - | - | - |
| Na hOileáin | I mbaol | 17 | 17 | - | 20 | - |
| An tSimhin | Níl baol ann | 6 | 6 | - | - | - |
| An tSeabharthanach | I mbaol | 14 | 14 | 38 | 26 | - |
| **Líon iomlán** | | **118** | **118** | **62** | **85** | **10** |



***Íomhá:*** *Breac donn a gabhadh le linn seisiún leictriascaireachta i ndobharcheantar cuspóra ardstádais na hAbhann Móire, Iúil 2024.*



***Íomhá:*** *Eallach déiríochta agus mairteola a chonacthas gar do dhobharlaigh cuspóra ardstádais, an Abha Bheag agus Na hOileáin faoi seach.*



***Íomhá:*** *Cuil cloch (Perla bipunctata/lásóg dhébhallach, tacsóin íogaire den Plecoptera) a chonacthas i ndobharcheantar cuspóra ardstádais na Gréine, Co. an Chláir.*

# Clár Taighde um Chothabháil

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú ar fáil d'fhoireann an Chláir Taighde Cothabhála Draenála Comhshaoil chun measúnú ar fud an dobharcheantair a dhéanamh ar dhobharcheantair thábhachtacha i Scéim Draenála na hOifige.

In 2024, an dobharcheantar a bhí ann ná an Mháigh, áit ar tugadh faoi shuirbhéireachtaí leictriascaireachta agus gnáthóg chomh maith le measúnuithe ar bhacainní chun brúnna sa chóras a aimsiú. 2,077 bacainn fhéideartha a bhí sa Mháigh. Mar sin, d'oibrigh foireann an Chláir Taighde Cothabhála Draenála Comhshaoil i gcomhar le foireann an Chláir Náisiúnta Bacainní le measúnú a dhéanamh ar an dobharcheantar.

Rinneadh 1,677 struchtúr ar fad a mheas agus aithníodh go bhfuil 102 struchtúr (6.08% acu) ag cur isteach ar iascbhealaí. Is éard atá sa chuid is mó acu seo lintéir bheaga d'fhorsheastáin ar dhroichid a bhfuil fadhbanna gluaiseachta ag baint leo, cuir i gcás bacainní roimh léim nó snámh. Tá 20 cora ar phríomhchainéal na Máighe faoi láthair. Sin dlús suntasach coraí in achar measartha gairid.

Is struchtúir atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí iad 40 struchtúr ar a laghad de na struchtúir a aithníodh. An t-aicmiú a dtiteann siad faoi ná lintéir/forsheastáin droichid (39 struchtúr) agus cora/gaiste dríodair (1 struchtúr amháin). Oifig na nOibreacha Poiblí atá mar phríomhpháirtí leasmhar don chlár seo. Úsáidtear na sonraí a fhaigheann siad ón gclár faireacháin seo chun gníomhartha ina Straitéis Gníomhaíochta Bithéagsúlachta féin, 2022-2026, a chur i gcrích chomh maith le gníomhartha i dTuarascáil a Measúnachta Straitéisí Timpeallachta le haghaidh Gníomhaíochtaí Cothabhála don Draenáil Artaireach.





***Íomhá:** (Barr) Cora agus gaiste dríodair arna sainaithint sa phríomhlíne den Lúbach (C1/34). (Ar dheis) coraí Oifig na nOibreacha Poiblí (3 cinn le feiceáil) suas an abhainn ó dhroichead Chaisleán Riobaird ar phríomhchainéal na Máighe agus radharc suas an abhainn i dtreo Chromadh.*

## **Cás-staidéar:** Suirbhéireacht fadtéarma ar dhéine scéachtana loimpre mara sna teophointí

Speiceas atá luaite in Iarscríbhinn II faoi Threoir an AE um Ghnáthóga is ea loimpre mhara (*Petromyzon marinus*). Imíonn an speiceas ar imirce scéachtana gach bliain ó thimpeallacht na mara go gnáthóga úruisce.

Déanann siad neadacha suntasacha a thochailt. Bhí siad siúd le feiceáil go furasta in áiteanna áirithe ar fud na tíre i mBealtaine agus Meitheamh 2024. Samplaí d'áiteanna móra scéachtana ná an Mhaoilchearn in Áth an Choite, an tSionainn in Plassey, an Forghas in Inis, an tSiúir i gCluain Meala agus an Bhearú Tigh Moling.

Ó 2013, tá foireann na Treorach maidir le Gnáthóga ag tabhairt faoi shuirbhéireacht bhliantúil teophointí sna háiteanna seo agus in áiteanna eile. An aidhm atá ann ná taifead a dhéanamh d'am, fairsinge agus leanúnachas bliantúil iarrachtaí póraithe.

Tá scéim suirbhéireachta fadtéarma Iascach Intíre Éireann do loimpre mhara á leagan amach i gcomhthéacs ina bhfuil meath ar phobail fhásta éisc i dtíortha eile san Eoraip. Bíonn foireann na Treorach um Ghnáthóga ag obair i gcomhar lena gcomhionann sa Phortaingéil, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSualainn, tíortha eile ina bhfuil imní léirithe faoin líon íseal sceitheoirí athfhillteacha agus faoin meath ar dhálaí timpeallachta a bhíonn le sárú acu.

Sa tréimhse 2013-2023, is é a tháinig as an bhfaireachán i dteophointí in Éirinn ná go raibh taifid scéachtana réasúnta seasmhach den chuid is mó. In 2024, áfach, aithníodh go raibh ganntanas pluaisneoga loimpre mara in áiteanna éagsúla in LCS na Sionainne Íochtair, ganntanas aisteach ar dhíol imní é.

In Áth an Choite, níor taifeadadh ach 14 phluaisneog. De ghnáth, d'aithneofaí idir 80 agus 100 pluaisneog ar an stráice 120 méadar seo den Mhaoilchearn. Níor taifeadadh aon phluaisneoga ar an tSionainn in Plassey. De ghnáth, bheadh suas le 20 pluaisneog ansin faoin Droichead Beo i dtailte Ollscoil Luimnigh.

Taifeadadh scéachtaint sa stráice cois lár Inse den Fhorghas (14 phluaisneog). Bhí laghdú mór ar an líon díobh anseo (níos lú ná 50% díobh ann), áfach, nuair a rinneadh comparáid le blianta eile. San am céanna, bhí scéachtaint ann ar na leibhéil lena rabhthas ag súil in áiteanna mar Chluain Meala agus Tigh Moling.



***Íomhá:*** *Teophointe scéachtana loimpre mara sa Mhaoilchearn in Áth an Choite, Contae Luimnigh.*

Leanfar ar aghaidh leis an tsuirbhéireacht ar theophointí in 2025 agus ina dhiaidh. Teastóidh bliain nó dhá bhliain eile den bhreathnóireacht sula dtuigtear an laghdú ar ghníomhaíocht in 2024, bíodh sé ina laghdú sealadach nó más léiriú atá ann go bhfuil rud níos tromchúisí i gceist.

Is léir ón tacar sonraí fadtéarma ó thaifid neadacha ó na láithreacha is coitianta a mbíonn scéachtaint loimpre mara iontu a luachmhaire atá an faireachán seasmhach bliantúil d'fhonn faisnéis faoin bpobal a sholáthar agus treochtaí a d'fhéadfadh a bheith diúltach a aithint.

# An Clár Náisiúnta Bacainní

## An Rannóg Náisiúnta Bacainní

Leanadh ar aghaidh i gcaitheamh 2024 leis an obair ar an gClár Náisiúnta um Maolú Bacainní atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá gealltanas caipitil €104 milliún sa mhaoiniú don tréimhse 2024-2027.

Cuireadh rannóg nua ar bun in Iascach Intíre Éireann. Earcaíodh Ceann na Rannóige um Maolú Bacainní. Rinneadh dul chun cinn ar an earcaíocht don fhoireann úr i gcaitheamh na bliana. Fostaíodh gairmithe tógála, sainchomhairleoirí réadmhaoine agus dlí agus oibrithe riaracháin a bhfuil taithí chuí acu.

Nuair a bheidh céim na hearcaíochta curtha i gcrích, beidh 28 ball foirne in Iascach Intíre Éireann dírithe go hiomlán ar an maolú ar bhacainní ar fud na tíre.




***Íomhá:*** *Earcaíocht chun na foirne Bacainní.*

## Aidhmeanna na Rannóige Maolaithe Bacainní

Is é is aidhm don Chlár Náisiúnta um Maolú Bacainní an hidreamoirfeolaíocht agus nascacht a fheabhsú in aibhneacha i ndobharcheantair in Éirinn. Leis sin a bhaint amach, dírítear go straitéiseach ar rudaí a chuireann bac roimh ghluaiseacht éisc agus ar struchtúir a bhaineann d'fhoirmiú, sreabhadh agus feidhm aibhneacha.

Tabharfar an Rannóg um Maolú ar Bhacainní tacaíocht leis na gealltanais a bhaint amach mar atá leagtha amach sa doiciméad Plean Gníomhaíochta Uisce 2024: Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn. Cuidiú a bheidh sa chlár fosta chun tabhairt faoi cheanglais faoin Treoir Réime Uisce maolú a bhaint amach ar an mbrú hidreamoirfeolaíochta ar chuislí aibhneacha.

## Rialachas

In 2024, bhunaigh an Rannóg um Maolú Bacainní na struchtúir don rialachas inmheánach a theastódh chun bainistíocht chuí a dhéanamh ar an infheistíocht bheartaithe i mbonneagar caipitil, €104 milliún, thar an timthriall maoinithe ceithre bliana. Gnéithe a bheidh ríthábhachtach má tá an clár le cur i gcrích go héifeachtach ná gnásanna bainistíochta tionscadail, acmhainní teicneolaíochta faisnéise, próisis soláthair agus bainistiú conarthaí.

Rinneadh dul chun cinn ar an gCiste Maolaithe Bacainní i ndeireadh 2024. Tá sé ceaptha chun maoiniú le dul i ngleic la Bacainní a scaipeadh de réir na fianaise eolaíochta is fearr. Seolfar an Ciste in 2025. In éineacht leis sin cuirfear Creataí le haghaidh Seirbhísí Teicniúla ar bun faoina gcuirfear tacaíocht ar fáil d'acmhainneacht agus saineolas Iascach Intíre Éireann tionscadail maolaithe bacainní a sholáthar go náisiúnta agus faoina ndéanfar an méid sin de réir scála níos mó.

# Rannpháirtíocht Páirtithe

## Leasmhara

Tá plé fairsing déanta ag an bhfoireann um Maolú Bacainní le príomhpháirtithe leasmhara chun dul i gcion ar lucht ceaptha beartas san earnáil ar fad. Bhí plé ann i gcomhar leis na heagraíochtaí seo:




Chuaigh an fhoireann Bacainní in Iascach Intíre Éireann i mbun plé go gníomhach le forbróirí mar chomhairlí reachtúil faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, lena áirithiú go gcloítear le ceanglais reachtúla i dtaca le bealach éisc nuair a bhíonn an phleanáil agus tógáil ar bun ar thionscadail forbartha cois uisce.

## Samhaltú tosaíochtaí ó thaobh bacainní de

Go dtí seo, tá measúnú déanta ag foireann an Chláir Náisiúnta Bacainní ar 33,000 bacainn den ~73,500 bacainn fhéideartha atá ann roimh imirce éisc in Éirinn.

Próiseas é seo atá trom ar am agus ar acmhainní. Beidh tamall de bhlianta ann sula gcuirfear i gcrích é. Tá samhail thuarthach spásúil á forbairt chun dlús a chur leis an bpróiseas mar sin.

Úsáidfear na sonraí ón 33,000 bacainn atá measúnaithe cheana féin don tsamhail chun tuartha a dhéanamh faoin dóchúlacht i gcás an ~40,500 bacainn atá fágtha. Agus an tsamhail spásúil i bhfeidhm, aithneofar na bacainní a bhfuil seans "ard" agus seans "íseal" ann gur bacainn éisc iad. Beidh an clár reatha measúnaithe bacainní níos gasta dá réir.




***Íomhá:*** *Stádas na mbacainní atá aimsithe in aibhneacha in Éirinn. Déanfaidh samhail na mbacainní tuarthaí do na láithreáin ghorma.*

# Lógó an Chláir Náisiúnta Maolaithe Bacainní

Roghnaigh an rannóg nua um Maolú Bacainní lógó don chlár in 2024. Bainfear leas as an lógó chun obair na foirne a chur chun cinn. Beidh an lógó lárnach i mbrandáil an chláir agus in iarrachtaí chun daoine a chur ar an eolas faoi chuspóirí an chláir.

# An Plean Gníomhaíochta don Uisce

Tugann cuspóirí hidreamoirfeolaíochta an Phlean Gníomhaíochta Uisce, 2024, treoir straitéiseach in obair na Rannóige um Maolú ar Bhacainní. D'aithin an fhoireann um Bacainní na cuspóirí hidreamoirfeolaíochta ('HM') seo a leanas a bhfuil dul chun cinn le déanamh orthu:

| | |
|---|---|
| **HM 3** | Cuirfidh Iascach Intíre Éireann clár athchóirithe ar bun chun an drochthionchar ó obair thógála roimhe seo i ndobharlaigh nó gar dóibh a mhaolú. |
| **HM 4** | Cuirfear Plean Oibre Gníomhaíochta Earnála le chéile don Hidreamoirfeolaíocht. Istigh sa doiciméad beidh bearta agus pleananna chun dul i ngleic leis an 448 dobharlach atá i mbaol mar gheall ar bhrúnna ón hidreamoirfeolaíocht. Á gcur san áireamh anseo tá bacainní, cainéalú, draenáil, dríodar agus cosaint ar thuilte. |
| **HM 5** | Táthar ag moladh anois go dtreoróidh Iascach Intíre Éireann treoirthionscadal ilghníomhaireachta dobharcheantair ar an Dothra, ó fhoinse go farraige. Is é is aidhm don tionscadal féachaint an bhféadfaí na cúig bhacainn is suntasaí in íochtar an dobharcheantair le go mbeidh teacht ag speicis imirceacha éisc ar an dobharcheantar seo atá éirithe an-uirbeach. |
| **HM 6** | Beidh Iascach Intíre Éireann i gceannas ar threoirthionscadal a dtabharfar faoi do Chora Áth an Choite i gContae Luimnigh. Beidh deis ann sa tionscadal modh comhoibríoch dearaidh dírithe ar an éiceolaíocht a thástáil. Ina theannta sin, déanfar deiseanna do rannpháirtíocht bhreise pobail a thástáil. |
| **HM 8** | Is é is aidhm do threoirthionscadal beartaithe ar an tSláine i gCloch Ámainn gluaiseacht éisc a fheabhsú trí scéim hidrileictreach meánscála i dtionscnamh comhoibríoch stáit agus pobail. Déanfar cíoradh ar dtús sa treoirthionscadal maidir lenar féidir an maolú a bhaint amach. Rachfar ar aghaidh ansin chuig na chéad chéimeanna eile de réir mar is cuí. |

# Maolú ar bhacainní, Abhainn Droichead Bhaile an Ghleanna

Chuir Iascach Intíre Éireann an tionscadal Droichid Chill Mhantáin i gcrích in 2012. Rinneadh staidéar sa tionscadal ar 103 struchtúr sa chontae agus rinneadh iad a aicmiú de réir an bhaoil a bhain leo i gcás bealach éisc speiceas éagsúla éisc. D'oibrigh Iascach Intíre Éireann le hIontaobhas Aibhneacha Chill Mhantáin Thoir, Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil chun an ghnáthóg agus bithéagsúlacht a fheabhsú d'iasc imirceach in aibhneacha agus sruthanna Chill Mhantáin. Bhí tacaíocht bhreise ann ó úinéirí talún sa cheantar agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Is thar chraobh-abhainn den Doiríoch Bheag atá Droichead Abhainn Bhaile an Ghleanna, ar bhóthar an L3205. Tógadh go mall sna 1700idí é. Cuireadh in iúl i dtuarascáil in 2012 go raibh baol ard ann gur bacainn roimh ghluaiseacht éisc é an droichead seo. Dá bhrí sin, thug Iascach Intíre Éireann faoi mheasúnú in 2020 de réir Fhóram na hAlban agus Thuaisceart Éireann don Taighde Comhshaoil thart ar an struchtúr.

Ba é tátal an mheasúnaithe go rabhthas ag cur isteach go suntasach ar an ngluaiseacht do gach speiceas éisc mar gheall ar dhoimhneacht an uisce ar asraon fhorsheastán an droichid agus an titim le sruth ón bhforsheastán. B'fhéidir go bhféadfadh salmainidí fásta léim ar fhorsheastán an droichid ach, mar gheall ar chomh héadomhain atá an uisce, ní féidir leo snámh thairis.

Cuireadh an tionscadal ar bun in 2021 nuair a bronnadh €50,000 ar bhonn coinníollach ar Iontaobhas Aibhneacha Chill Mhantáin Thoir ón gCiste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal. Faoin tionscadal seo, cuireadh an maoiniú ar fáil do dhearadh mionsonraithe an rampa carraige, don ráiteas faoin modh tógála a ghabhann leis an dearadh, don mheasúnú ar an tionchar éiceolaíochta agus don Scagadh don Mheasúnacht Chuí.

Nuair a deimhníodh nach dteastódh cead pleanála don tionscadal, bronnadh €114,855.40 eile ar Iontaobhas Aibhneacha Chill Mhantáin Thoir ón gCiste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal leis an rampa carraige a thógáil. Tógadh an rampa carraige ansin i gcomhréir leis an bplean a bhí comhaontaithe agus an ráiteas modhanna ionas go bhféadfadh an réimse iomlán speiceas éisc (agus aicmí aoise) atá dúchasach sa Doiríoch Bheag imirce thoiliúil a dhéanamh.

Agus na hoibreacha curtha i gcrích anois, tá gach speiceas éisc imirce atá dúchasach sa Doiríoch Bheag (bradán, breac geal, loimpre agus eascann) in ann gluaiseacht tríd an mbealach éisc. Ina theannta sin, tá teacht ag iasc imirce anois ar 10 km de ghnáthóg scéachtana, rud nach raibh roimhe.



***Íomhá:*** *An rampa carraige nua ar an Doiríoch Bheag/Abhainn Bhaile an Ghleanna.*





***Íomhá:*** *Forsheastán an droichid roimh ré (ar chlé) agus ina dhiaidh (ar dheis) i mBaile an Ghleanna, Contae Chill Mhantáin.*



***Íomhá:*** *Dearadh an Rampa Carraige.*

## **Cás-staidéar:** Cora Áth an Choite, Contae Luimnigh

Aithnítear gur bac suntasach í Cora Áth an Choite a stopann gluaiseacht shaor éisc, cuir i gcás bradán Atlantach, loimpre mhara, loimpre shrutháin, breac agus eascanna.

I dTionscadal Bhealach Éisc Áth an Choite, is é is aidhm don ghrúpa idirghníomhaireachta dul i ngleic leis an mbacainn agus Abhainn na Maoilchearna a athbhunú ina cruth nádúrtha saorshreafa.

In 2024, rinne an Fhoireann um Bacainní dul chun cinn ar chéim an Bhreithmheasa ar Roghanna den tionscadal. Tá Comhairliúchán Poiblí le bheith ann an 29 Eanáir 2025. Meastar go bhféadfaí oibreacha tógála a dhéanamh sa samhradh in 2026 ag brath ar chead pleanála.



***Íomhá:*** *Cora Áth an Choite: tionscadal chun Bacainní a Mhaolú. Grianghraf den chora reatha.*

## **Cás-staidéar den chomhar:** Teampall Doire, Contae Thiobraid Árann

Bhí Iascach Intíre Éireann ag obair in 2024 le hinnealtóirí i gComhairle Contae Thiobraid Árann chun an maolú ar bhacainní a chur san áireamh i dtionscadal athshlánaithe droichid i dTeampall Doire.

Cuireadh rampa carraige isteach mar réiteach don bhealach éisc ar an nGaothach chun maolú a bhaint amach ar fhorsheastán domhain coincréite droichid nárbh fhéidir le speicis imirceacha éisc dul thairis nuair a bhíodh sreabhadh íseal ann.

Is léir ón tionscadal a thábhachtaí atá an comhar idir an rannóg um Bóithre sna hÚdaráis Áitiúla agus Iascach Intíre Éireann má táthar chun bacainní a mhaolú ar fud na tíre.



***Íomhá:*** *Forsheastán Coincréite Droichid i dTeampall Doire, Contae Tiobraid Árann; grianghraf réamhoibreacha.*

***Íomhá:*** *Droichead i dTeampall Doire, Contae Thiobraid Árann, grianghraf i ndiaidh na n-oibreacha de rampa carraige nua bealaigh éisc.*





# 2

# Cuspóir Ardleibhéil: Iasc

**POBAIL ÉISC FHIÁINE NA hÉIREANN A CHOSAINT, A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ**



# 2. Éisc

## POBAIL ÉISC FHIÁINE NA hÉIREANN A CHOSAINT, A CHOTHABHÁIL AGUS A FHEABHSÚ

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um Éisc:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| 2.1 | Pleananna 5 bliana, agus acmhainní cuí ann dóibh, agus clár bliantúil rioscabhunaithe cosanta iascach a chur le chéile a chuimseoidh bearta cosanta agus caomhnaithe do speicis atá faoi chosaint, atá leochaileach agus atá i mbaol. | Díreofar acmhainní de réir measúnú riosca agus, mar sin, tiocfaidh méadú ar stoic éisc i dtimpeallachtaí fionnuisce agus mara. |
| 2.2 | Beartais agus cláir fianaisebhunaithe a chur i bhfeidhm chun speicis a chosaint, iad dírithe ar an maolú agus oiriúnú i ré seo an athraithe aeráide. | Na pobail reatha de speicis dhúchasacha, speicis atá faoi bhagairt nó speicis leochaileacha (i dtimpeallachtaí fionnuisce agus mara araon) a choinneáil ar an leibhéal céanna agus, más féidir, a fheabhsú). |
| 2.3 | Pleananna bainistíochta iascaigh a fhorbairt, iad bunaithe ar an taighde ar an samhaltú fianaisebhunaithe is fearr dá bhfuil ann. Cuidiú ar dtús leis an mbainistíocht ar iascaigh breac donn fiáin. | Beartas bunaithe ar an eolaíocht mar thacaíocht leis na cúiseanna le bainistiú a dhéanamh ar iascaigh 'bhainistithe' breac donn fiáin ar mhodh inbhuanaithe. |
| 2.4 | Saoráidí reatha uisceshaothraithe a fheabhsú. Féachaint an bhféadfaí saoráidí nua a fhorbairt. | Iasc (neamhfhiáin) a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus na háiseanna a sholáthar chun freagairt do thubaistí éiceolaíocha nó chun dul i mbun gnímh má bhíonn éisc i mbaol a ndíothaithe logánaithe. |

# Réamhrá

Is iad seo a leanas na príomhéachtaí a baineadh amach in Iascach Intíre Éireann in 2024 ar mhaithe leis an Iasc. Istigh leis na héachtaí tá achoimre ar staitisticí tábhachtacha iascaigh agus cás-staidéar a shoiléiríonn an obair ardchaighdeáin atá ar bun ar fud na hÉireann.

## Athbhreithniú ar Chosaint Iascach – staitisticí tábhachtacha do 2024:

Thug oibrithe patróil Iascach Intíre Éireann 179,419 uair a chlog do ghníomhaíochtaí patróil, mar atá i dTábla 3. Tugtar an líon patról agus an miondealú ar na cineálacha éagsúla patróil i dTábla 4:

***Tábla 2:*** *Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála:*

| Uaireanta a caitheadh ar phatróil frithphóitseála | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| Patróil locha | 30,852 | 30,151 |
| Patróil abhann | 64,903 | 67,494 |
| Patróil mhara | 6,977 | 7,090 |
| Patróil chósta/inbhir | 29,791 | 30,183 |
| Dordphatróil | 10,418 | 10,640 |
| Patróil BFT | 1,396 | 1,452 |
| Patróil coise | 40,224 | 32,409 |
| **Líon iomlán na n-uaireanta** | **184,561** | **179,419** |

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

***Tábla 3:*** *An cineál patróil*




## Forfheidhmiú iascach, iniúchtaí agus seiceálacha comhlíontachta Iascach Intíre Éireann:

***Tábla 4:*** *An líon iniúchtaí ar iascaigh*

| Iniúchtaí ar shealbhóirí ceadúnais agus slatiascairí | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| Iniúchtaí ar shealbhóirí ceadúnais tráchtála bradáin agus bric ghil | 503 | 407 |
| Iniúchtaí ar shlatiascairí áineasa le haghaidh ceadúnais agus/nó ceada | 15,387 | 16,860 |
| Iniúchtaí ar shlatiascairí eile | 15,322 | 18,655 |
| Líon na slatiascairí dord a seiceáladh le haghaidh chomhlíonadh na reachtaíochta agus na rialachán iascaigh | 2,110 | 2,815 |
| **Líon iomlán na n-iniúchtaí iascaigh** | **33,322** | **38,737** |

***Tábla 5:*** *An líon foláireamh agus fógraí pionóis muirear seasta a eisíodh*

| An líon foláireamh agus fógraí pionóis muirear seasta | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| Líon foláireamh arna n-eisiúint le slatiascairí | 504 | 402 |
| An líon fógraí pionóis muirear seasta a eisíodh | 297 | 292 |

***Tábla 6:*** *An líon seiceálacha comhlíonta*

| Líon seiceálacha comhlíonta | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| Líon ceannaithe éisc arna seiceáil | 181 | 158 |
| An líon bialann/óstán/tithe aíochta a seiceáladh | 58 | 112 |
| **Líon iomlán na seiceálacha comhlíonta** | **239** | **270** |

# Maruithe éisc

***Tábla 7:*** *Marú éisc de réir bunúis:*




- **10** Cúiseanna eile (galar, cúiseanna nádúrtha)
- **4** De bharr cleachtais talmhaíochta
- **4** De bharr oibríochtaí tionsclaíocha
- **6** De bharr cleachtas bardasach




- **1** De bharr cleachtais talmhaíochta
- **0** De bharr oibríochtaí tionsclaíocha
- **5** De bharr oibreacha bardasacha
- **11** Cúiseanna eile (galar, cúiseanna nádúrtha)

# An líon ionchúiseamh a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche

***Tábla 8:*** *An líon ionchúiseamh a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche:*

| Prosecutions | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| An líon ionchúiseamh **a tionscnaíodh** as cionta iascaigh | 77 | 99 |
| An líon ionchúiseamh **a tugadh chun críche** as cionta iascaigh | 81 | 64 |
| An líon ionchúiseamh **a tionscnaíodh** as cionta comhshaoil | 24 | 39 |
| An líon ionchúiseamh **a tugadh** chun críche as cionta comhshaoil | 21 | 27 |

# Urghabháil míreanna mídhleathacha in 2024

***Tábla 9:*** *Earraí neamhdhleathacha a urghabhadh:*




| | |
|---|---|
| **21** | Urghabháil ar muir |
| **61** | Urghabháil i bhfionnuisce |
| **55** | Urghabháil in inbhir |
| **1** | Urghabtha (daingnithe) |

Fad iomlán na líonta a urghabhadh in 2024
**4,560.5mm**




| | |
|---|---|
| **31** | Urghabháil ar muir |
| **64** | Urghabháil i bhfionnuisce |
| **56** | Urghabháil in inbhir |
| **0** | Urghabtha (daingnithe) |

Fad iomlán na líonta a urghabhadh in 2023
**5,449m**

## **Patróil Cosanta Iascach** sa samhradh in 2024:

**223**
láithreán aibhneacha a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 11 abhantrach

**26**
loch a ndearnadh suirbhéireacht orthu

**9**
dobharlach trasdultach a ndearnadh suirbhéireacht orthu

## **An líon éisc a taifeadadh** in 2024:

**11,585**
iasc in aibhneacha

**16,460+**
i lochanna

**11,782**
iasc in uiscí trasdultacha

### Iasc in Aibhneacha

stádas éiceolaíoch do 2023 a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gcaitheamh 2024: Tugadh 'stádas éiceolaíoch éisc' in 2024 do 170 láithreán aibhneacha a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2023 (ard: 17 láithreán, maith: 53, measartha: 73, olc: 23 agus dona: 4). As 41 suirbhéireacht a rinneadh arís in 2023, tháinig feabhas ar 4 láithreán, meath ar 17 láithreán agus d'fhan stádas 20 láithreán mar an gcéanna.

### Iasc i Lochanna

stádas éiceolaíoch do 2023 a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gcaitheamh 2024: Tugadh 'stádas éiceolaíoch éisc' in 2024 do 27 loch a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2023 (ard: 5 loch, maith: 10, measartha: 5, olc: 3 agus dona: 4). As na suirbhéireachtaí a rinneadh arís in 2023, tháinig feabhas ar 8 loch, meath ar 7 loch agus d'fhan stádas 12 loch mar an gcéanna.

Rinneadh an stádas éiceolaíoch don **Iasc in Uiscí Trasdultacha** do 2023 a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i gcaitheamh 2024: Tugadh stádas éiceolaíoch éisc do 5 dhobharlach thrasdultacha a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2023 (1 dobharlach: maith, 3: measartha, 1: go dona). As na suirbhéireachtaí a rinneadh an dara huair in 2023, tháinig feabhas ar 1 dobharlach agus meath ar 4 cinn.

**9**
**Iasc in Aibhneacha**
Bileoga eolais do shuirbhéireachtaí ar dhobharlaigh a cuireadh i gcrích in 2024, cur síos ar stádas stoc éisc in aibhneacha a ndearnadh suirbhéireacht orthu i gcaitheamh 2023.

**27**
**tuarascáil ar lochanna**
a cuireadh i gcrích in 2024, cur síos ar stádas stoc éisc i lochanna a ndearnadh suirbhéireacht orthu i gcaitheamh 2023.

**1**
**Cuireadh Tuairisc Achomair de réir na Creat-treorach Uisce** i gcrích inar tugadh cuntas ar stádas éiceolaíoch éisc i ndobharlaigh a ndearnadh suirbhéireacht orthu in 2023.

Chuir Iascach Intíre Éireann fíochán ó shamplaí éisc ar fáil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (ó 16 loch agus 3 abhainn a ndearnadh suirbhéireacht orthu ó 2021-2023) le go ndéanfaí tástáil tosaíochtaí le haghaidh **substaintí guaiseacha** orthu.

Rinneadh suirbhéireacht in 2023 ar stádas éiceolaíoch an éisc in 33 dobharlach abhann, 27 loch agus 5 dobharlach thrasdultacha agus rinneadh an méid sin a thuairisciú in 2024 ar **Bhunachar Sonraí** an Chórais Faisnéise Uisce don Eoraip atá ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

Léiriú atá sna cás-staidéir seo a leanas ar an obair atá déanta ag Iascach Intíre Éireann faoin gcuspóir ardleibhéil Iasc.

## Ciontú bainte amach as cionta sa Bhearú, Contae Cheatharlach

***Íomhá:*** *Bád agus líonta a urghabhadh ar an mBearú.*



D'éirigh le hIascach Intíre Éireann ciontuithe a bhaint amach i gcoinne triúr fear as cionta a bhain le líontán neamhdhleathach bradáin. Gearradh fíneálacha agus costais beagnach €2,000. Cuireadh i leith na gCosantóirí go ndearna siad iarracht bradán a ghabháil go neamhdhleathach agus gur úsáid siad bád chun cabhrú le cion a dhéanamh. Thit an eachtra amach sa Bhac ar an mBearú, Contae Cheatharlach, ar an 8 Meán Fómhair 2024.

Urghabhadh ceithre líon agus bád ar an mBearú. Gabhadh triúr fear. Iarracht ar phóitseáil tráchtála a bhí anseo ar a raibh monatóireacht faoi cheilt ar bun ag baill foirne. Baineadh feidhm as ceamaraí faoi cheilt le faireachán a dhéanamh ar an limistéar. Chuaigh na hoibrithe i dtaithí ar an áit sa samhradh. D'fhreagair ceathrar oifigeach glaoch faoin eachtra agus chuaigh amach. Gabhadh an triúr fear agus an líon á úsáid acu.

Éisteadh an cás os comhair Chúirt Dúiche Chill Chainnigh an 26 Samhain 2024. Phléadáil na Cosantóirí ciontach as inneall seasmhach a úsáid chun bradán a ghabháil contrártha d'alt 97(1). Phléadáil siad ciontach chomh maith as líon a úsáid chun iasc a ghabháil contrártha d'alt 96(1)(a) agus as bád a úsáid mar chabhair chun cion a dhéanamh contrártha d'alt 285A(1) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959.

Tar éis di éisteacht leis an bhfianaise, ghearr an Breitheamh Carthy fíneáil €250 an duine ar na cosantóirí ar Chúiseamh 1 den Toghairm, is é sin as inneall seasmhach a úsáid chun bradáin a ghabháil contrártha d'alt 97(1) d'Acht 1959. Gearradh €400 an duine orthu chun íoc as costais an ionchúisimh. Thug an breitheamh 120 lá do na fir na suimeanna a íoc agus chuir na cúisimh eile san áireamh. Dhearbhaigh an Breitheamh Carthy gur forghéillte a bhí an bád a d'úsáid na Cosantóirí.

## Idircheapadh líontáin neamhdhleathaigh bradáin, Iarthar Chorcaí

Ar an 2 Iúil agus an 10 Iúil 2024, d'idircheap Oifigigh Iascaigh bradáin a gabhadh go neamhdhleathach á dtabhairt i dtír ar dhá ché i Leithinis Bhéarra, Iarthar Chorcaí.

Urghabhadh 49 bradán, líon neamhdhleathach agus dhá fheithicil a úsáideadh leis an iasc a iompar. Luach €2,556 a bhí ar an mbradán de réir luachála. Cuireadh de láimh iad ar Ordú agus tugadh do dhá theach leasaithe sa cheantar iad.

Urghabhadh na feithiclí faoi alt 285A, Cuid XVII den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959, arna leasú. Tá na cásanna á n-ionchúiseamh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí – cás amháin acu sa Chúirt Chuarda Choiriúil agus an cás eile sa Chúirt Dúiche.



***Íomhá:*** *36 bradán Atlantach fiáin a urghabhadh an 2 Iúil 2024.*



***Íomhá:*** *13 bradán Atlantach fiáin a urghabhadh an 10 Iúil 2024.*

## **Cás-staidéar:** Marú éisc Loch an Chláir, Clár Chlainne Mhuiris



I ndeireadh mhí Aibreáin, thit marú suntasach éisc amach thar choicís i Loch an Chláir, Clár Chlainne Mhuiris i gContae Mhaigh Eo. Tugadh faoi imscrúdú comhshaoil. Rinneadh tástáil agus anailís ar shamplaí uisce nuair a tuairiscíodh an cás d'Oifigí Iascaigh sa limistéar.

Mharaigh sceitheadh ó stáisiún caidéalaithe fuíolluisce bás 945 iasc ar a laghad taobh istigh de choicís.

Áis thábhachtach áitiúil slatiascaireachta is ea Loch an Chláir. Tá teacht ar an áit ag duine a úsáideann cathaoireacha rothaí. Tá seastáin iascaireachta ar snámh, siúlóidí lúbtha, spásanna le suí agus foscadh ann. Chuir Iascach Intíre Éireann na háiseanna isteach in 2016 i gcomhar leis an Scéim Fostaíochta Pobail sa cheantar.

Meastar go mbaineann corradh le 3,500 duine leas fóillíochta as an bpáirc gach seachtain.

***Íomhá:** Sampla d'iasc garbh marbh a fuarthas ó Loch an Chláir síos an abhainn ón doirteadh eisiltigh.*

## **Cás-staidéar comhoibríoch:** Oibríocht Árainn Mhór



Mar chuid d'iarrachtaí caomhantais agus cosanta Iascach Intíre Éireann chun dul i ngleic le líontóireacht neamhdhleathach bradán Atlantach ar an bhfarraige, cuireadh Oibríocht Árainn Mhór ar bun chun dul i ngleic le gníomhaíocht neamhdhleathach amach ó chósta iarthuaiscirt Dhún na nGall.

Baineadh feidhm as báid righne inséidte Iascach Intíre Éireann den déanamh Delta chun tabhairt faoi phatróil farraige in iarthar Dhún na nGall idir an 6ú lá agus an 8ú lá de mhí Iúil. Ar an 8 Iúil, aimsíodh bád agus an criú i mbun iascaireachta cois na mbruach ar 00.20 uair, ar an mbealach chun Uaighe, taobh istigh de Thor an Éidigh.

Nuair a idircheapadh an soitheach, fuarthas amach go raibh líon bradáin á ligean le sruth acu. Thionlaic oibrithe ó Iascach Intíre Éireann an soitheach ar ais go Cé Pholl an Mhadaidh mar ar urghabhadh an sruthlíon agus dhá bhradán. Líon 371 slat a bhí ann.

***Íomhá:** Sruthlíon agus dhá bhradán a urghabhadh amach ó Árainn Mhór.*

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# **Cás-staidéar:** Oibríocht faireachais in Inbhear na Sionainne

I mí Iúil, mar thoradh ar thuairisc a fuarthas ó shlatiascaire sa cheantar, cuireadh Iascach Intíre Éireann ar an eolas faoi líon a bhí leagtha síos i bPointe na Maighne cóngarach do Chill Rois, Inbhear na Sionainne. Níor thóg sé i bhfad ar an bhfoireann freagairt ina leith. Nuair a thángthas ar an líon, rinneadh cinneadh oibríocht faireachais a chur ar bun leis na daoine a bhí freagrach as a gabhadh.

Bhí beirt oifigeach i bhfolach síos an abhainn ón líon agus oifigeach eile suas an abhainn. Agus an clapsholas ag titim, timpeall leathuair an chloig i ndiaidh lán mara, tháinig beirt i dtreo na láithreach. Thug siad faoin líon a tharraingt chucu agus iasc a chur i mála. Tháinig na hoifigigh amach ansin agus d'éiligh ar na daoine fanacht mar a raibh siad.

D'imigh an bheirt acu ar a teitheadh ach fuarthas agus coinníodh duine acu. Tugadh rabhadh don fhear a coinníodh agus taifeadadh na sonraí a thug sé. Urghabhadh an t-iasc agus an líon agus ionchúisíodh an duine. Fuarthas amach go rabhthas tar éis fiche a haon bradán Atlantach agus aon doingean mara Eorpach amháin a ghabháil. Líon 120m a bhí ann. Bhí an cás á liostú lena lua i gCúirt Dúiche Chill Rois ach ní raibh an duine i láthair. Eisíodh barántas binse lena ghabháil.



***Íomhá:*** *Bradán a gabhadh i bPointe na Maighne in Inbhear na Sionainne.*

***Íomhá:*** *Líon a gabhadh i bPointe na Maighne in Inbhear na Sionainne.*



# Bradán Atlantach

## Dobharcheantar Innéacs Náisiúnta Salmainidí, Abhainn na hOirimhe

Tháinig deireadh lena oibríochtaí do 2024 leis an ngaiste suas an abhainn chun monatóireacht a dhéanamh ar bhradán agus breac geal fásta a fhilleann agus leis an tsampláil ghnáthúil a bhain leis. Ina theannta sin, rinne an gaiste monatóireacht ar iasc clibeáilte le trasfhreagróir comhtháite éighníomhach, ar salmainidí clibeáilte eile, ar bhaint éisc rainse agus ar iasc galrach. D'fhill 1,203 bradán fiáin agus 1,356 breac geal san iomlán ar an gcóras in 2024.

Rinneadh faireachán in 2024 ar na sruthanna brainlíní agus éisc sceite i gcás bradáin agus breac geal. Cláraíodh 404 brainlín bradáin, 408 brainlín bric ghil, 18 iasc sceite bric ghil agus 5 iasc sceite bradáin ar fad. Cuireadh i gcrích an chlibeáil PIT agus NANO DST (Clibeanna Stórála Sonraí) agus clibeáil fuaime chuí ar na brainlíní. Tá an obair seo deartha chun ráta marthanais mara a mhonatóiriú agus imirce a rianú.

Ina theannta sin, rinneadh faireachán ar bhradán clibeáilte fillte PIT i gCora na Gaillimhe (an líon bradán fásta fillte as na cohóirt óga a clibeáladh in 2022 agus 2023). Cuireadh clib PIT ar 1,100 brainlín bradáin fhiáin san iomlán i gCora na Gaillimhe in 2024.

## An clár um bradán bándearg

Tugadh faoi mheasúnuithe comhordaithe allamuigh agus saotharlainne in 2024 ar chineálacha éagsúla scagairí eDNA in Éirinn (agus i dtíortha eile san Eoraip) sa chéad chéim den tionscadal PINKTrack atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

Is é is aidhm don tionscadal seo faireachán a dhéanamh ar bhradán bándearg san Aontas Eorpach, an bailiú samplaí a chaighdeánú agus modhanna anailísíochta a chaighdeánú.

## An tionscadal GeneFlow

Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal GeneFlow in 2024. Tógadh 1,411 sampla ar fad as 55 abhainn.

Is é is aidhm don tionscadal an leibhéal den ionghabháil ghéiniteach a ríomh i suas le 200 stoc bradán fiáin Éireannach ó bhradán saothraithe a d'éalaigh thar na trí bliana de théarma an tionscadail.

Tionscadal comhpháirteach is ea GeneFlow idir Iascach Intíre Éireann, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Teagasc, an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia. Tá tacaíocht ann don tionscadal ó Iascach Intíre Éireann agus ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe trí Fhoras na Mara.



## Clár leictriascaireachta ar fud na nDobharcheantar

Cuireadh obair allamuigh i gcrích ar fud na tíre don Chlár bliantúil leictriascaireachta ar fud na nDobharcheantar.

Déantar táirgeacht bradán óg a mheas in aibhneacha in Éirinn. Rinneadh 41 dobharcheantar agus fo-dhobharcheantar san iomlán a shampláil in 2024.



## Ionadaíocht eolaíochta a rinneadh agus comhairle a tugadh

Chuir Iascach Intíre Éireann triúr ionadaithe eolaíochta ar fáil don Sainghrúpa Teicniúil um Bradán. Rinne an Grúpa stádas na stoc bradán in Éirinn in 2024 a mheas agus thug comhairle eolaíoch chuí i dtaca le séasúr iascaireachta 2025. Cuireadh cuid mhaith d'fhoireann Oibríochtaí Iascach Intíre Éireann ar fáil chun tacaíocht a thabhairt leis an obair seo.

Chuir Iascach Intíre Éireann ionadaithe eolaíochta ar fáil do Bhuanchoiste Eolaíochta Thuaisceart Éireann maidir le Bradán. Rinneadh na huiríll i gcruinnithe le páirtithe leasmhara éagsúla, iad seo a leanas ina measc: an Fóram Náisiúnta Iascaigh Intíre; Club Iascaireachta Bhaile Easa Dara; úinéirí na n-iascach san Abhainn Mhór, san Abhainn Dubh agus i Loch na Ceathrún Móire; páirtithe leasmhara slatiascaireachta na Muaidhe.

Chuir Iascach Intíre Éireann fáilte roimh Mheitheal na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara maidir le Bradán san Atlantach Thuaidh a bhí i nGaillimh i Márta 2024. Chomh maith leis sin, chuir IIÉ agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) fáilte roimh thoscairí chuig an gcruinniú den Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh i gCathair na Mart i Meitheamh 2024.




***Íomhá:*** *Chuir Iascach Intíre Éireann fáilte roimh Mheitheal na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara maidir le Bradán san Atlantach Thuaidh a bhí i nGaillimh i Márta 2024.*

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe Leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An Iucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# Clár Náisiúnta Monatóireachta Eascann

Bliain tuairiscithe a bhí in 2024 faoi Rialachán AE na nEascann (1100/2007). D'eisigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara glao ar shonraí in Iúil 2024. D'fhreastail foireann an Chláir Monatóireachta Eascann ar chruinniú den Mheitheal um Eascanna san Albáin chun comhairle agus moltaí a chur ar fáil d'fhonn eascann a chaomhnú i ngach limistéar dá raon maireachtála.

De réir na comhairle, níor chóir aon ghabhálacha a dhéanamh in aon ghnáthóga in 2025 nuair a chuirtear cur chuige an réamhchúraim i bhfeidhm. Baineann sé seo le gabhálacha áineasa agus le gabhálacha tráchtála (á gcur san áireamh chomh maith tá gabhálacha eascann gloine don dobharshaothrú agus athstocáil).

Mar a bhí i mblianta eile, tá an líon iasc óg inghafa fós íseal i gcás eascann ghloine agus luathóg. I gcás eascann ghloine, ba 1.1% in 2024 (figiúr sealadach) an líon iasc óg inghafa agus 0.5% in 2023 (leasaithe chun dáta). Sa tsraith innéacs "Áiteanna eile san Eoraip", ba 7.2% in 2024 (figiúr sealadach) an líon iasc óg inghafa agus 7.4% in 2023 (leasaithe chun dáta). Ba 11.4% in 2023 (leasaithe chun dáta) innéacs an lín iasc óg inghafa i gcás eascann bhuí den mheán geoiméadrach ó 1960–1979. Léirítear i sraitheanna ó 1980 go 2024 go bhfuil an líon eascann óg inghafa ar leibhéal an-íseal fós (ICES, 2024).

Tá an eascann Eorpach i mbaol criticiúil agus tá an líon iasc óg inghafa ar leibhéal níos lú ná 10% i gcomparáid le leibhéil stairiúla. Mar sin, is ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar an eascann ghloine agus ar luathóga a thagann go hÉirinn. Tá an faireachán seo ina chuidiú chun cuntas a thabhairt ar aon athruithe a thagann chun cinn mar gheall ar na bearta bainistíochta atá curtha i bhfeidhm faoi Rialachán AE na nEascann.

I gcomhar le hoibrithe áitiúla Iascach Intíre Éireann, déanann an Clár Monatóireachta Eascann monatóireacht ar an líon iasc óg inghafa i gcás eascann ghloine agus luathóg in áiteanna áirithe in Éirinn (Abhainn Eidhneach, Abhainn na Féile, an Mháigh, an Choirib, an Bhóinn). Tá sonraí úsáideacha amshraitheanna ginte ón gClár Monatóireachta Eascann, sonraí a chuirtear leis na torthaí idirnáisiúnta agus a úsáidtear i gcomhairle caomhantais.



***Íomhá:*** *Eascanna gloine ó ghaiste foscaidh in Inbhear na Bóinne*

**Eascann ghloine, áiteanna eile san Eoraip, innéacs an lín iasc óg inghafa**




***Íomhá:*** *Eascann ghloine, áiteanna eile san Eoraip, innéacs an lín iasc óg inghafa, ó ICES, 2024.*

# **Cás-staidéar:** Tuairisc chun dáta ar Anailís 2016 ar Dhlús Eascann

In 2016, rinne Foras na Mara agus Iascach Intíre Éireann anailís ar fhlúirse eascann bhuí do na blianta 2002 go 2011. Rinneadh tuartha bunaithe ar an anailís maidir le táirgeadh bliantúil i gcás eascann gheal.

Rinneadh obair den chineál céanna ansin in 2024 do na blianta 2012 go 2022. Fuarthas amach gur tháinig laghdú ar an líon eascann sna blianta ó 2013 go 2017. Bhí flúirse ard eascann ansin ann faoi dheireadh na hamshraithe in 2022.

Rinneadh réamh-mheastacháin ar dhlús i gcás eascann bhuí do gach réimse abhann in Éirinn ar líonra aibhneacha an tréithrithe agus samhaltaithe dobharcheantar de réir taifeach garbh.




***Íomhá:*** *Amshraith ón aonad bainistithe eascann maidir le flúirse iomlán eascann buí agus táirgthe eascann geal.*




***Íomhá:*** *Flúirse thuartha eascann buí i ngach deighleog abhann in 2022*

# Clibeáil Gabhála agus Scaoilte Saor Tuinnín (CHART)

Tá an clár bailithe sonraí seo do shaoránaigh bunaithe ar eolaíocht agus ag feidhmiú ó 2019 i leith. Tá deiseanna ann faoin gclár don tslatiascaireacht ardchaighdeáin do speicis aitheanta iascaireachta spóirt ar shoithí údaraithe. Cuireann an clár cnuasach sonraí tábhachtacha eolaíochta ar fáil faoi éiceolaíocht tuinnín chomh maith.

Rinneadh 294 tuinnín gorm Atlantach ar fad ar rug slatiascairí orthu a thomhas, a chlibeáil agus a scaoileadh saor in 2024 ó 22 árthach scipéara cairte arna n-údarú go speisialta. Gabhadh 1.25 tuinnín gorm Atlantach an lá an bád ar an meán. Ráta ní b'ísle a bhí ansin i gcomparáid leis an meánráta do na trí bliana roimhe.

Tuairiscítear na sonraí eolaíochta go léir don Choimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT), an eagraíocht idirnáisiúnta idir-rialtasach um iascaigh atá freagrach as tuinníní a chaomhnú.





# Slatiascaireacht farraige: sonraí gabhálacha áineasa

Tugann Iascach Intíre Éireann faoi Shuirbhé Slatiascaireachta Áineasa Mara na hÉireann chun gabhálacha slatiascaireachta áineasa in uiscí in Éirinn a mheas. Dírítear ar throsc, mangach, doingean mara, ealásmabrainciach agus ar speicis mhórimirceacha. Mar an Ghníomhaireacht atá freagrach as an tslatiascaireacht farraige, tá de chúram ar Iascach Intíre Éireann suirbhéireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí maidir le gabháil slaite agus fad don Choimisiún Eorpach ó gach cuid de chósta 3,000 km na hÉireann.

Rinneadh eolas ar an méid ó gach speiceas a ghabh agus a scaoil slatiascairí saor a bhailiú ar bhealaí éagsúla: suirbhéanna duine le duine ar an láthair, ó dhialanna tuairiscithe gabhálacha a choinnigh slatiascairí agus scipéirí cairte go deonach. Tuairiscíodh na dialanna seo ón gcladach, ó bháid bheaga agus ó earnáil na slatiascaireachta cairte. Cuireadh na meastacháin ón bpobal slatiascairí i bhfeidhm chun an ghabháil náisiúnta a léiriú agus leis na sonraí a léiriú de réir scála méadaithe.




Na speicis is mó a mbeireann an 250,000 slatiascaire farraige in Éirinn orthu ná ronnach, mangach, fíogach, doingean mara agus faoitín.

Is í an tslatiascaireacht farraige is mó a chuireann ar bhonn eacnamaíoch leis an tslatiascaireacht in Éirinn, ar leibhéal 29% den rannchuidiú eacnamaíoch iomlán san earnáil slatiascaireachta ar fad.

Tá sonraí gabhála áineasa d'Éirinn i dtaca le mangach, doingean mara agus faoitín á gcur le próiseas leanúnach tagarmharcála ICES do gach speiceas.

# Staidéar ar theiliméadracht éisc

Is féidir clibeanna leictreonacha éisc a úsáid chun patrúin ghluaiseachta, úsáid gnáthóg agus rátaí marthanais éisc a rianú. Tugadh faoi bhrainlíní imirceacha bradáin a chlibeáil agus a mhonatóiriú in 2024 in Abhainn na hOirimhe. Baineadh feidhm as clibeanna bídeacha teochta. Tugadh faoin gclibeáil mar chuid den tionscadal SMOLTRACK agus an aidhm ann monatóireacht a dhéanamh ar shaol brainlíní bradáin i dtimpeallachtaí úruisce agus farraige.

Tá ráta marthanais timpeall 5% ann ar fud na tíre ó bhrainlín go hiasc fásta. Dá réir sin, ba chóir go bhfillfeadh líon beag bradán a clibeáladh in 2024 ina n-iasc fásta i samhradh 2025. Úsáideadh níos mó ná 100 clib in 2024.

Rinneadh diansampláil i gcuid mhór aibhneacha ach níor thángthas ach ar fhíorbheagán brainlíní (breac geal nó bradán). Tabharfar faoin tsampláil in 2025 arís chun athbhreithniú a dhéanamh ar an toradh samplála ó 2024 nach raibh súil leis.

Mar chuid den tionscadal maidir le Céiticigh, Ealásmabrainciaigh, Turtair agus Éanlaith Mhara (CETUS), ar comhpháirtí ann é Iascach Intíre Éireann, tá clibeanna fuaime agus satailíte fós á n-úsáid chun gearrthóirí a chlibeáil. Baintear feidhm as na clibeanna chun monatóireacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann gearrthóirí as an ngnáthóg áitiúil, ar a ndílseacht don láithreán agus ar phatrúin imirce. Ceann de na príomhchuspóirí in CETUS, atá á mhaoiniú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ná bearnaí san eolas a líonadh i dtaca le speicis áirithe atá i mbaol.

# Bainistíocht iascaireachta spóirt mhara agus staidéar caomhantais

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gclibeáil ar speicis de shiorcanna, sciataí agus roic faoi Chlár Clibeála Éisc Spóirt Mara. Clibeanna comhghnásacha plaisteacha atá á n-úsáid. Tá an clár eolaíochta saoránach fadtréimhse seo á reáchtáil ar leibhéal an phobail ó bhí na 1970idí ann.

Is iad slatiascairí oilte agus scipéirí cairte a chlibeálann an t-iasc ar bhonn na heolaíochta saoránach i limistéir mhuirí éagsúla thart ar chósta na hÉireann. Tá anailís á déanamh ar shonraí ag baint go sonrach le speicis (i.e. gearrthóir agus sciata coiteann) d'fhonn foilseacháin eolaíochta a chur ar fáil.

Beifear in ann leas a bhaint as ábhar foilsithe bunaithe ar na tacair sonraí stairiúla seo chun cur leis an eolas atá ann ar bhitheolaíocht agus éiceolaíocht na speiceas seo. Cuidiú a bheidh ann chun limistéir thosaíochta a shonrú ó thaobh gnáthóige de ar chóir iad a chur san áireamh faoi Dhlí an Aontais Eorpaigh maidir le hAthchóiriú an Dúlra.

# Inis Airc

Tionscadal ildisciplíneach is ea Inis Airc ina ndéantar nasc a chothú idir bitheolaithe, lucht ceaptha beartas agus an pobal chun cur le dúshaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní faoi leith atá in Éirinn ó thaobh siorcanna de. San am céanna, is é is aidhm don tionscadal torthaí ó thaobh leasa de a fheabhsú do na hainmhithe seo in uiscí na hÉireann.

Chuige sin, d'fhoilsigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Iascach Intíre Éireann páipéar athbhreithnithe ar 'eolaíocht gabhála agus scaoilte ealásmabrainciach'. Tá staidéar mionsonraithe ullmhaithe maidir le gluaiseachtaí, rátaí fáis agus idirdheighilt ghnéasach i measc gearrthóirí atá i mbaol criticiúil san Atlantach Thoir Thuaidh.

Tá an staidéar bunaithe ar anailís ar thacar sonraí fadtéarma Iascach Intíre Éireann maidir le clibeáil.

# Clár Náisiúnta Doingean Mara

Tá cáil ar Éirinn mar áit thábhachtach don tslatiascaireacht le haghaidh doingean mara. Tá ardmheas ag slatiascairí farraige ar an speiceas aitheanta seo.

Rinne Iascaireacht Intíre Éireann monatóireacht leanúnach ar stoic doingean mara in 2024, a ndéantar iad a bhainistiú go hiomlán don tslatiascaireacht. Dúnadh an t-iascach tráchtála i 1990 le go bhféadfadh an stoc teacht ar ais arís.

Tá anailís á déanamh ar stádas doingean nuaghinte, óg agus fásta d'fhonn tuairiscí bliantúla chun dáta a thabhairt ar stádas an stoic ar chéimeanna éagsúla den saol. Is ó ghainní éisc a fhaightear saolréimeanna agus rátaí fáis an doingin don chlár seo, ar eolas riachtanach é sin lena bhainistiú.



# An tionscadal DiadSea

In 2024, cuireadh leabhrán sainaitheanta le chéile mar tháirge insoláthartha don tionscadal DiadSea mar uirlis sainaitheanta éisc, go háirithe speicis éisc dhiadromaigh in uiscí taoide agus cósta. Aithnítear go dtéann speicis éisc dhiadromaigh ar imirce idir timpeallachtaí úruisce agus muirí feadh a saolré. Go stairiúil, ní dhéantaí taifeadadh ceart ar na speicis atá luaite sa leabhrán. Ba mhinic iad a chaitheamh de láimh nó go dtugtaí neamhaird orthu mar sheachghabháil.

Tá na speicis éisc seo millteanach tábhachtach ar bhonn éiceolaíoch, cultúrtha agus geilleagrach (i dtíortha áirithe). Tugann siad léiriú maith ar na hathruithe a bhíonn ag teacht ar phróisis aeráide. Is riachtanach iasc diadromach a shainaithint go cruinn sa timpeallacht mhuirí má táthar leis na bearnaí san eolas a líonadh maidir le dáileadh an éisc san fharraige.

Dáileadh na leabhrán ar Shuirbhéireacht éisc ghrinnill in Éirinn agus ar shuirbhéireachtaí Iceco agus an aidhm ann méadú a bhaint amach ar an tuairisciú ar iasc diadromach san fharraige agus cruinneas níos fearr a bhaint amach i sainaithint speiceas. Cuireadh an leabhrán i láthair le linn cruinniú ráithiúil Seirbhísí Sainchomhairleoireachta maidir le hÉiceachórais Iascaigh i Meán Fómhair 2024.

Úsáidfear na leabhráin in 2025 chun tuairisciú minicíochta ar iasc diadromach a fheabhsú ar shoithí taighde, i measc slatiascairí áineasa cósta agus i measc grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara eile ar fud na hÉireann. Cuireadh an leabhrán i dtoll a chéile i gcomhar le Russell Poole ó Fhoras na Mara.




***Íomhá:** Leathanach clúdaigh, an leabhrán chun iasc diadromach a shainaithint.*

# Grúpa oibre eolaíochta maidir leis an bPrótacal um Uisce Te

Cuireann an Grúpa Oibre Eolaíochta maidir leis an bPrótacal um Uisce Te fianaise ar fáil chun tacú le Prótacal Iascach Intíre Éireann um Uisce Te in iascaigh thábhachtacha stáit le haghaidh bradán agus breac geal.

Tá an t-athrú aeráide sainaitheanta ag IIÉ ar cheann de na bagairtí is mó atá os comhair na timpeallachta uiscí agus na bpobal éisc níos leithne faoi láthair agus feasta.

Má bhíonn leibhéil ísle fearthainne ann ar feadh tamaill mar aon le haimsir shocair ghrianmhar, is é a thagann as sin uaireanta ná go n-éiríonn teocht an uisce i lochanna agus in aibhneacha níos airde ná an leibhéal atá cuid mhór speiceas éisc in ann glacadh leis. Tá na salmainidí (bradán Atlantach, breac donn agus breac geal) ar na speicis is leochailí atá ann.

Má bhíonn tréimhsí fada tirime ann, éiríonn leibhéil uisce níos ísle agus, dá bharr, tagann laghdú san iomlán ar an méid iomlán de ghnáthóg fhliuch agus bíonn sreabhadh malltriallach ann in aibhneacha. Ar an gcaoi chéanna, fágann grianradaíocht ard lae go mbíonn teochtaí arda in aibhneacha a éiríonn chuig an leibhéal is airde go mall sa tráthnóna ach a fhanann, uaireanta, níos airde san oíche ná teocht a bheadh inghlactha ag salmainidí.

Má bhíonn na dálaí seo ann san am céanna in éineacht le leibhéil ísle ocsaigin thuaslagtha, féadfaidh dálaí fomharfacha agus ansin marfacha do shalmainidí a bheith ann. Mar sin, ní mór cleachtais slatiascaireachta a athrú chun leas éisc a chosaint.

Dá réir sin, d'fhorbair an Grúpa Oibre córas soilse tráchta chun iascaigh a dhúnadh agus a athoscailt ag brath ar theochtaí díobhálacha uisce. Bunaíodh an córas soilse tráchta ar athbhreithniú ar an litríocht agus ar phrótacail eolaíochta.

Moltar córais faireacháin fíor-ama nó trí spotseiceáil sa lá gach 6 uair an chloig (6:00, 12:00 agus 18:00) a úsáid chun faireachán a dhéanamh go rialta ar theocht an uisce i láithreáin thábhachtacha slatiascaireachta le linn tréimhsí den aimsir the.

Moltar gur chóir do bhainisteoirí iascaigh an t-iascach a dhúnadh má bhíonn teocht an uisce 20 °C nó os a chionn sin nuair a dhéantar dhá cheann de spotseiceálacha uirthi in aon tréimhse 24 uair an chloig amháin. Má bhíonn teochtaí uisce níos teo ná 18 °C, ba chóir don bhainistíocht comhairle a chur aire bhreise a thabhairt agus slatiascaireacht ar bun. Nuair a dhúntar iascach, ba chóir an athoscailt a shocrú bunaithe ar dhá léamh ar theocht an uisce, ceann i ndiaidh a chéile, mar choinníoll.

Tá tuilleadh oibre ar bun faoi láthair ag an nGrúpa Oibre chun iniúchadh a dhéanamh ar theochtaí ocsaigine tuaslagtha i linnte coinneála bradán. Fuarthas dhá logálaí sonraí ar ocsaigin thuaslagtha (an Fheoir agus an Mhuaidh) in 2024 mar chuid den mhonatóireacht.



***Íomhá:****Scéimléaráid a thaispeánann bandaí teochta an uisce dár chóir cleachtais slatiascaireachta a leasú.*

## Moltaí an chórais soilse tráchta



<18ºC - GLAS

(Iascaireacht ceart go leor)

18-20ºC - ÓMRA

Rabhaidh le heisiúint go bhféadfaí iascaigh a dhúnadh má leanann ar aimsir ag téamh

>20ºC - DEARG

(dúnadh iascaireachta molta)

***Íomhá:*** *Sonraí faoi theocht an uisce ó cheithre iascach bradán agus breac geal san earrach/sa samhradh in 2023. Cuireann an líne bhriste an tairseach 20°C in iúl. Tá éagsúlacht sna teochtaí i ngach abhainn. Mar is léir ó shonraí roimhe seo, bíonn difear suntasach sa teocht idir aibhneacha, rud a léiríonn an tábhacht atá le bainistíocht go sonrach don láithreán. Léiríonn an chuid atá scáthaithe uaine tonn teasa i Meitheamh 2023, tráth ar dúnadh iascach na Muaidhe (Béal an Átha), iascach na hOirimhe agus iascach na Gaillimhe ar feadh 10 lá.*



***Íomhá:*** *Sampla praiticiúil – de réir an Phrótacail um Uisce Te, dhúnfaí an láithreán an 11 Iúil dá mbeadh dhá léamh dhearga ann i ndiaidh a chéile i dtréimhse 24 uair an chloig. Bheidís dúnta go dtí an 22 Iúil 2022. D'fhéadfaí iad a oscailt arís dá mbeadh dhá léamh ghlasa i ndiaidh a chéile ann.*

# An Fheoir 2022

| | Lá 1 | | | Lá 2 | | | Lá 3 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Am | 06:00 | 12:00 | 18:00 | 06:00 | 12:00 | 18:00 | 06:00 | 12:00 | 18:00 |
| Teocht | 17.4°C | 18.1°C | 19.4°C | 17.8°C | 18.7°C | 20.7°C | 18.2°C | 19.0°C | 20.1°C |
| Comhairle | Oscailte | Rabhadh | Rabhadh | Oscailte | Rabhadh | Rabhadh | Rabhadh | Rabhadh | Dúnta |




| | Lá 1 | | | Lá 2 | | | Lá 3 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Am | 06:00 | 12:00 | 18:00 | 06:00 | 12:00 | 18:00 | 06:00 | 12:00 | 18:00 |
| Teocht | 18.8°C | 18.9°C | 19.6°C | 17.7°C | 18.1°C | 18.5°C | 16.8°C | 17.7°C | 19.5°C |
| Comhairle | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Oscailte | Rabhadh |

# Taighde Fionnuisce

## Taighde ar an mBreac Donn

Ceann de na torthaí is tábhachtaí a tháinig as an gClár Náisiúnta Breac Donn do 2024 ná gur leanadh ar aghaidh leis an gclár chun Gealóg Breac Donn a innéacsú a bhaineann leis na fo-dhobharcheantair seo de chóras na Siúire: Loch Ainninn, Loch Ceara agus an Chlóideach. Rinneadh suirbhéireacht ar 53 láithreán ar fad: 21 láithreán ar fud Loch Ainninn, 16 láithreán ar fud Loch Ceara agus 16 láithreán ar an gClóideach. Rinneadh suirbhéireacht ar 15 láithreán sa tsuirbhéireacht ar Bhreac Cróinín sa Chamchuairt (an Bhrosnach Bheag, córas lár na Sionainne). Cuireadh an tsuirbhéireacht i gcrích ar dhá loch: Loch Oileán Éadaí (Caisleán an Bharraigh) agus Loch Meilbhe. Obair shuirbhéireachta eile a rinneadh ná staidéar píolótach gaiste ar bhrainlíní breac donn mar aon le staidéar píolótach ceamara faoi uisce ar cuireadh tús leis ar fho-abhainn de chuid Loch Ainninn.

Foilsíodh an tuarascáil ón tSuirbhéireacht Leictriascaireachta i nDobharcheantar Loch Meilbhe. Cuireadh tús le Staidéar Géineolaíochta Bhreac Loch Meilbhe. Tugadh faoi bhunachar sonraí ó shuirbhéireachtaí leictriascaireachta breac donn in aibhneacha chun freagairt d'iarrataí oibríochtúla agus tionscadail taighde. Is é a bhí i gceist i gCéim a haon ná iontráil sonraí, glanadh sonraí agus iniúchadh cáilíochta inar baineadh feidhm as



Excel agus R. Tá Céim a Dó ar bun anois chun rogha 'asbhain, trasfhoirmigh, lódáil' a fhorbairt le haghaidh sonraí le dul i ngeobhunachar sonraí/i mbunachar sonraí SQL lena lódáil suas chuig Tairseach Sonraí Oscailte Iascach Intíre Éireann.

Thug foireann Sonraí agus Staitisticí Iascach Intíre Éireann cuidiú i gcothabháil an mheasúnaithe ar bhradán tríd an mbunachar sonraí SQL. Rinneadh scripteanna R a fhorbairt d'iasc a bheadh ag dul in aois (mar shampla, péirse, bradán, breac). Rinneadh script R in-athdhéanta inscálaithe a fhorbairt don tionscadal DiadSea chun sonraí sprice a asbhaint, a achoimriú agus a léarscáiliú ó na milliúin pointí sonraí i mbunachar sonraí ICES ónar féidir léarscáil idirghníomhach a chruthú chun cuidiú le taighdeoirí i gcéim na taiscéalaíochta sonraí.



***Íomhá:*** *Gaiste alúmanaim éisc agus ceamara faoi uisce, Abhainn an Dísirt, Loch Ainninn.*




***Íomhá:*** *Réiteach R chun sonraí faoi speicis dhiadromacha ón mBunachar Sonraí ar Shuirbhéireachtaí Tráil (DATRAS) a chíoradh.*

# Cás-staidéar:

## Sonraí maidir le ruabhreac Artach á n-úsáid chun ró-iascaireacht a mheas

Cuireadh múnla fadbhunaithe chun stoc éisc a mheasúnú (múnla a úsáidtear in iascaigh farraige) i bhfeidhm ar shonraí maidir le ruabhreac Artach ó Loch Iascaigh chun leochaileacht an speicis i leith na ró-iascaireachta agus suaiteacha antrapaigineacha eile a mheas.

De réir an mhúnla (cóimheas sceite féideartha de réir faid, LB-SPR), déantar comparáid idir acmhainneacht síolraithe éisc i bpobal saothraithe nó buailte agus an acmhainneacht sin i bpobal nach ndéantar a iascach, nó i bpobal nach bhfuil buailte ag tosca antrapaigineacha.

Cé go bhfuil leibhéal ard éiginnteachta i gceist sa tsamhail, bhí athruithe ar an bhfad i bpobail in 2012 agus 2022 i gcomparáid le 2006.




***Íomhá:*** *básmhaireacht bhreise mheasta LB-SPR (is é sin, meastachán ar bhásmhaireacht bhreise, líon básanna os cionn an leibhéil lena mbeifí ag dréim go nádúrtha), de réir roghnaíocht iomlán, do shuirbhéireachtaí 2006, 2012, 2022 ar fhad, gan iasc níos lú ná 15 cm a áireamh.*




***Íomhá:*** *Meastacháin ar chóimheas sceite féideartha (SPR) ón tsamhail LB-SPR bunaithe ar chomhdhéanamh faid suirbhéireachta do ruabhreac Artach ar Loch Iascaigh 2006, 2012 agus 2022. Léiríonn an líne bhriste dhearg spriocphointe tagartha tipiciúil de SPR = 0.4 (40%). Léiríonn an líne neamhbhriste dhearg an pointe tagartha teorann de SPR = 0.3 (30%).*

Gnáthóga

Éisc

Páirtithe leasmhara

Inbhuanaitheacht

Ár bhFoireann

Corparáideach An lucht bainistíochta

Nuáil

Ráitis Airgeadais

# Cás-staidéar:

## Suirbhéireacht ar dhobharcheantar Loch Meilbhe

Loch-chóras trasteorann is ea Loch Meilbhe atá ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta. Tá trí speiceas chomhcheantrach breac ann (samlachán, giolla rua agus breac fíochmhar). Sa Liosta Dearg leasaithe (2022/23), tá an stádas 'leochaileach' tugtha do na trí speiceas de bhreac i Loch Meilbhe. Tá monatóireacht níos cuimsithí agus níos mó de bhonnlíne faisnéise bitheolaíochta ag teastáil go géar i dtaca leis na speicis seo chun bonn eolais a chur ar fáil d'iarrachtaí caomhantais.

Rinneadh láithreáin a shampláil i gcúig cinn de fho-dhobharcheantair thábhachtacha agus in 15 chóras atá níos lú chun measúnú ginearálta a dhéanamh ar stádas stoc éisc i ndobharcheantar Loch Meilbhe. Sa chuid den dobharcheantar atá i dTuaisceart Éireann, rinne an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochtaí Bitheacha nó oibrithe ó Iascach Intíre Éireann suirbhéireacht ar an láithreán.




### Príomhthorthaí:

- Tá fo-aibhneacha ar fad an locha a ndearnadh iad a shampláil ag cur le pobail fhásta salmainidí an Locha.
- Fuarthas breac sna fo-aibhneacha ar fad a ndearnadh suirbhéireacht orthu. Níor taifeadadh bradán ach sna haibhneacha móra.
- Ó bhí luath na 1990idí ann, tá laghdú tagtha ar stoic breac óg in Abhainn an Bhealaigh.
- Tá méadú suntasach tagtha ar sciar an bhradáin i gcomparáid leis an mbreac in Abhainn an Chontae, méadú ó sciar ní ba lú ná 30% go sciar os cionn 80% sa tréimhse 2001 go 2022.
- Tá feabhas tagtha ar an líon bradán in Abhainn an Chontae ó rinneadh oibreacha leasúcháin ar an mbealach éisc. Tá laghdú tagtha ar an líon breac ó rinneadh an tsuirbhéireacht in 2001, áfach.
- Tá sé le tuiscint ó thorthaí na suirbhéireachta go bhfuil scéachtaint ann idir leibhéal measartha agus leibhéal maith i gcás bradán agus breac agus gur in Abhainn Ghleann Ainimh agus Abhainn an Bhealaigh atá an leibhéal is airde táirgiúlachta sna hiasclanna.

***Íomhá:** An Clúdach ó Shuirbhéireacht Leictriascaireachta Dhobharcheantar Loch Meilbhe.*

# Cás-staidéar:

## Foilseachán nua - *Maruithe Éisc in Éirinn: Stair, Stádas Reatha agus Téarnamh*




***Íomhá:*** *Foilseachán le hIascach Intíre Éireann, IFISH – Fish Kills in Ireland: History, Current Status and Recovery.*

D'eisigh Rannóg Taighde agus Forbartha Iascach Intíre Éireann tuarascáil i mí Lúnasa 2024 ina bhfuil cuntas ar threochtaí i gcás maruithe éisc in Éirinn ó 1969 go 2022. Bailíodh agus digitíodh sonraí ó 2,107 teagmhas maraithe éisc sa staidéar. Bhí teacht ar shonraí spásúla do 1,738 cás de mharú éisc. Dá réir, bhí foireann an tionscadail in ann ciseal seirbhíse gné a fhorbairt lena chur ar fáil don phobal. Foilsíodh sin chomh maith ar Thairseach Sonraí Oscailte Iascach Intíre Éireann i mí Lúnasa 2024 ar an nasc seo. Tá deais agus feidhmchlár ArcGIS Survey123 forbartha chomh maith don tuairisciú inmheánach.

Tá laghdú tagtha ar an líon maruithe éisc ó cuireadh tús leis an tuairisciú in 1969. Leibhéil arda a bhí ann sna 1980idí. Bhí an leibhéal ab airde den tuairisciú ar mharuithe éisc sna 1980idí ann san am céanna a rabhthas ag tabhairt faoi dhiansaothrú na talmhaíochta in Éirinn. In ainneoin go bhfuil na leibhéil ag éirí níos ísle ó bhí 2012 nó mar sin ann, tá samplaí ann de líon réasúnta ard maruithe éisc, den chuid is mó san am céanna a raibh tonnta teasa agus triomach ann.

Ba i míonna an tsamhraidh ba mhó a mbíodh maruithe éisc ann, iad taifeadta i ngach contae ó 1969. Ba i gcontae Chorcaí agus contae an Chabháin a bhí an sciar ab airde de mharuithe éisc. I gcontae Ros Comáin agus contae na hIarmhí a bhí an sciar ab ísle díobh.

Ó thaobh maruithe éisc de, seacht gcinn déag a tuairiscíodh in 2023 agus ceithre cinn is fiche in 2024. Bhí trí cinn de mharuithe suntasacha éisc ann in 2024 sna haibhneacha seo: Abhainn Ealla (Corcaigh), Abhainn Eachroma (Cill Mhantáin) agus Abhainn Bhaile Easa Dara (Sligeach). Maraíodh na mílte iasc sna heachtraí seo, bradán, breac, breac geal, eascann agus loimpre ina measc.

# **Cás-staidéar:** An clár monatóireachta um iasc i lochanna

Faoin gclár monatóireachta ar lochanna, tugtar tacaíocht ar fáil do chláir thaighde éagsúla in Iascach Intíre Éireann. Samplaí de na cláir thaighde sin: clár na Creat-Treorach Uisce, an Clár Taighde Náisiúnta um Gharbhiasc agus Liús, taighde ar Eascanna agus clár na Treorach maidir le Caomhantas Éisc agus Gnáthóg.

Rinne Iascach Intíre Éireann measúnú ar stádas stoc éisc in 27 loch i gcaitheamh 2023. Tugtar eolas sna suirbhéireachtaí maidir le speicis éisc a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh caomhantais de chomh maith le speicis atá luachmhar in iascach slatiascaireachta. Tugtar eolas sna suirbhéireachtaí ar stádas na stoc i lochanna faoi leith agus ar leibhéal náisiúnta níos ginearálta.

Déantar méadrachtaí stádais éisc a ríomh le haghaidh na lochanna ar fad chun tacú sa phróiseas chun cáilíocht lochanna a shonrú i gcomhthéacs na Creat-Treorach Uisce. Cláraíodh agus próiseáladh breis is 12,300 iasc in 2023.




***Íomhá:*** *Tugann suirbhéireachtaí léargas ar mhéid choibhneasta an phobail éisc thar thréimhse ama. Sa sampla seo, feictear flúirse choibhneasta (gabháil éisc de réir iarracht aonaid) péirse a gabhadh i suirbhéireachtaí ar Loch Fearna, Contae Dhún na nGall, idir 2007 agus 2023. Ba in 2014 ar dtús a taifeadadh péirse i suirbhéireachtaí ar an loch.*

## Cás-staidéar:
## Bran agus hibridí deimhnithe i Loch Léin, Contae Chiarraí

Tá Loch Léin suite idir Páirc Náisiúnta Chill Airne, na Cruacha Dubha agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Dhobharcheantar Abhainn Chárthaí. Ar na speicis éisc faoi chosaint tá sead fhallacsach Chill Airne agus bradán Atlantach. Tá pobal beag de ruabhreac Artach i Loch Léin chomh maith. Tá pobail na speicis sin faoi bhagairt mar gheall ar mheath ar cháilíocht an uisce, an t-athrú aeráide agus coilíniú pobal éisc neamhdhúchasach. Is go díreach sa loch atá pobal shead fhallacsach Chill Airne, níl taifead ar phobal díobh i lochanna eile.

Tá suirbhéireacht déanta ar na stoic éisc i Loch Léin cúig huaire ag Iascach Intíre Éireann ó bhí 2008 ann. Taifeadadh ruán ann den chéad uair i suirbhéireacht 2008 ar stoc an éisc. Tá taifead orthu i ngach suirbhéireacht ar an loch ó shin. Is oibrithe ó na rannóga Taighde agus Oibríochtaí Iascach Intíre Éireann, Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt, a rinne an tsuirbhéireacht is deireanaí ar Loch Léin, Contae Chiarraí, ón 3 Meán Fómhair go dtí an 6 Meán Fómhair 2024.

Taifeadadh sé bhrán ar fad. Idir 15 cm agus 16.8 cm ar fad a bhí siad. Gabhadh trí cinn déag de hibridí ruáin brain chomh maith. Idir 12.3 cm agus 17.6 cm ar fad a bhí siad. Má tá hibridiú le bheith ann, caithfidh pobal an dá speiceas tuismitheoireachta a bheith sa loch. Ó tharla go bhfuil hibridí brain ann, thuigfí as sin go bhfuil pobal scéachtana bran sa loch anois.

Tá aois an éisc seo le cinneadh fós. Bíodh sin mar atá, bheadh raon méide an bhrain agus a hibrid ag teacht le méid éisc a bheadh réasúnta óg. D'fhéadfadh sé go léiríonn an t-iasc seo scéachtaint idir bran a tugadh isteach le gairid agus pobal seanbhunaithe an ruáin.

Ní léir na himpleachtaí fadtéarma a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar bhran. Tá an méadú mór ar phobail de bhran agus hibridí de róiste agus bran tite amach ó rinneadh bran a choilíniú i Loch Measca. Má bhíonn coilíniú ann, tá sé léirithe go dtéann bran nuathagtha i bhfeidhm ar éiceolaíocht lochanna éadoimhne ina dhiaidh.





# 3

# Cuspóir Ardleibhéil: Páirtithe Leasmhara

**DUL I dTEAGMHÁIL GO GNÍOMHACH LE PÁIRTITHE LEASMHARA I MAOIRSEACHT LEANÚNACH AR ÁR nACMHAINNÍ COMHROINNTE**

# 3. Páirtithe leasmhara

## DUL I dTEAGMHÁIL GO GNÍOMHACH LE PÁIRTITHE LEASMHARA I MAOIRSEACHT LEANÚNACH AR ÁR nACMHAINNÍ COMHROINNTE

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um Páirtithe Leasmhara:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| 3.1 | Struchtúir agus acmhainní oiriúnacha a chruthú san eagraíocht chun díriú ar ghnáthóga éisc a chothú agus a athchóiriú. Úsáidfear an chumhacht reachtaíochta iomchuí go léir leis an méid seo a dhéanamh agus cloífear leis an reachtaíocht sin. | Méadú ar an méid den ghnáthóg is oiriúnaí d'éisc a chaomhnófar agus a chothófar fad a mhairfidh an Plean Corparáideach seo. |
| 3.2 | Iascaigh faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe chun tairbhe na bpríomhpháirtithe ar fad. | Iascaigh stáit á mbainistiú go héifeachtúil ar bhealach inbhuanaithe. |
| 3.3 | Bonneagar agus comhthaobhacht slatiascaireachta Iascach Intíre Éireann a uasghrádú agus a nuachóiriú chun teacht leis an éileamh ar ghníomhaíochtaí slatiascaireachta. | A chinntiú go bhfuil bonneagar rochtana slatiascaireachta sábháilte agus oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil an t-eolas ar fad cothrom le dáta. |
| 3.4 | Tacaíocht a thabhairt le bainistiú, forbairt agus athchóiriú iascach príobháideach/poiblí (nach le hIascach Intíre Éireann iad) eile. | Iascaigh phríobháideacha/ phoiblí/eile á mbainistiú go héifeachtúil ar bhealach inbhuanaithe. |

# Réamhrá

Baineann sainchúram Iascach Intíre Éireann le cosaint, bainistiú, caomhantas, forbairt agus forás iascach fionnuisce in Éirinn. Tá réimse leathan páirtithe leasmhara ag Iascach Intíre Éireann. Baintear feidhm as ardáin agus modhanna éagsúla chun plé leo. Féadfaidh an eagraíocht an bealach a réiteach mar sin do chomh-mhaoirseacht na hacmhainne seo le chéile.

Déanann Iascach Intíre Éireann struchtúir shlatiascaireachta a bhainistiú ar fud na réigiún. Seastáin slatiascaireachta, dreapaí, clárchosáin agus droichid coise atá ann. Úsáideann Iascach Intíre Éireann feidhmchlár léarscáileanna allamuigh dar teideal Asset Tracker atá bunaithe ar ARC GIS (córas faisnéise geografaí) chun na gnéithe seo de gach sócmhainn a iniúchadh agus a thaifeadadh ar bhunachar sonraí léarscáilithe beo: cineál, áit agus bail an struchtúir.

Déanann oibrithe ó Iascach Intíre Éireann iniúchtaí bliantúla ar gach struchtúr aonair le bail an struchtúir a dheimhniú agus le haon deisiúcháin nó cothabháil a theastódh a aimsiú. Nuair is gá, aithnítear in iniúchtaí aon phíosa den trealamh is gá a bhaint nó a dheisiú, nó más gá rud nua a chur isteach agus déanann siad na socruithe lena chur isteach.

Le tamall de bhlianta anuas, tá ábhair a mbaineann leibhéal íseal cothabhála leo á n-úsáid ag Iascach Intíre Éireann, ábhair cuir i gcás adhmad plaisteach, snáithínghloine agus dreapaí alúmanaim seachas na struchtúir adhmaid a d'úsáidtí i mblianta eile.

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe Leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# Príomhéachtaí in 2024:

Thug Iascach Intíre Éireann **cur i láthair maidir leis an tsuirbhéireacht leictriascaireachta ar dhobharcheantar na Life** do Ghrúpa Páirtithe Leasmhara na Life.

Gníomhach **i dTionscadal Beatha Loch Ceara** i dtaca le stoic breac donn agus suirbhéireachtaí ar phobail óga éisc.







Bhíothas ag plé le LAWPRO agus LETPA (Cumann Caomhantais Breac Loch Ainninn) i gcomhráite faoi phleananna ag ullmhú **do Phlean Bainistithe Dhobharcheantar Loch Ainninn**.

**Chuathas i gcomhar le 8 gclub slatiascaireachta breac donn** lena dtorthaí ó chomórtais slatiascaireachta a thógáil (Loch Meilbhe, Loch Con, Loch Cuilinn, Loch Ceara, Loch Measca agus Loch Coirib ina measc).

**Thug léacht ar líne** mar chuid de Chúrsa Athchóirithe Aibhneacha san Fhionlainn, cúrsa á reáchtáil ag comhghleacaithe sa réimse céanna san Fhionlainn.

Thug foireann Sonraí agus Staitisticí Iascach Intíre Éireann cuidiú chun an **nuachtlitir maidir le Taighde agus Forbairt** a fhoilsiú le scéalta agus an t-eolas is deireanaí a chur ar fáil do chomhghleacaithe in Iascach Intíre féin agus don phobal.

Chuir an fhoireann Sonraí agus Staitisticí **an cheardlann Taighde** le chéile dár gcomhghleacaithe taighde in Iascach Intíre Éireann chun an acmhainneacht taighde agus forbartha a fheabhsú.

**D'eagraigh caint maidir le tionscadal an Ionaid Taighde don Gheilleagar agus Forbairt Agraibhia (CREDA)** –obair chomhpháirteach atá ar bun ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bhfuil tacaíocht acu ó Iascach Intíre Éireann.

Thug tacaíocht i gcuid d'eipeasóid den tsraith '10 Things to Know About' ar RTÉ ag baint le CREDA.



***Íomhá:** Baill d'fhoireann Iascach Intíre Éireann a ghlac páirt sa tsraith ar RTÉ '10 Things to Know About' Loch Meilbhe (foinse: leathanach Facebook '10 Things to Know About').*

# Bonneagar Iascach Intíre Éireann

Bhainistigh Iascach Intíre Éireann an stoc bonneagair slatiascaireachta reatha arís i rith na bliana, obair a fhágann go bhfuil deiseanna slatiascaireachta áineasa ann ag ár bpáirtithe leasmhara i gcónaí.

Rinneadh iniúchadh ar níos mó ná 2,906 sócmhainn slatiascaireachta in 2024 ó thaobh sábháilteachta agus cothabhála de lena chinntiú nach mbeadh slatiascairí áineasa i mbaol díobhála.

| Sócmhainní Slatiascaireachta | Déanmhais nua | Déanmhais Dheisithe | Déanmhais Athsholáthartha |
|---|---|---|---|
| Dreapaí rochtana | 12 | 34 | 20 |
| Seastáin slatiascaireachta | 14 | 201 | 40 |
| Droichid coisithe | 3 | 41 | 0 |
| **Rianta feabhsaithe** | **2.7 km** | | |

Chomh maith leis na déanmhais slatiascaireachtaí, tógadh fánán feabhsaithe i gCoill na hAirde i Loch Síleann ionas gur féidir le slatiascairí a mbáid a lainseáil ar an loch a leaindeáil arís.

## Cás-staidéar:
## Imeacht maidir le Speicis Dhúchasacha, Zú Bhaile Átha Cliath




Bhí Iascach Intíre Éireann páirteach in imeacht de chuid Zú Bhaile Átha Cliath maidir le speicis dhúchasacha, ócáid a mheall timpeall 10,000 cuairteoir. Deis ar dóigh d'Iascach Intíre Éireann a bhí san ócáid le ról na heagraíochta, speicis dhúchasacha éisc in Éirinn agus inveirteabraigh uisceacha a chur os comhair an phobail.

An buaicphointe a bhí ann do na cuairteoirí ná umar éisc Iascach Intíre Éireann agus eiseamail bheo ann, breac donn agus muóg bradáin ina measc. Bhí quizeanna agus comórtais dathadóireachta do dhaoine óga agus a dteaghlach ag seastán Iascach Intíre Éireann chomh maith.

Ar an lá deireanach de, thug corradh le 2,000 dalta ó mheánscoileanna ar fud na tíre cuairt orainn. Fuair Iascach Intíre Éireann aiseolas an-dearfach a thug léargas ar fhuinneamh agus díograis na n-oibrithe le linn an imeachta seo.

***Íomhá:*** *Baill foirne ó Iascach Intíre Éireann ag a seastán le linn imeacht na Speiceas Dúchasach i Zú Bhaile Átha Cliath.*

## **Cás-staidéar:** Feirm éisc Ros Cré agus feirm éisc an Choillín

Bliain ghnóthach ab ea 2024 ar fheirmeacha éisc Iascach Intíre Éireann i Ros Cré agus sa Choillín (an Muileann gCearr). Scaoileadh beagnach 100,000 breac gabhála amach as feirm Ros Cré chun críocha slatiascaireachta.

***Tábla 11:*** *Líon garbh éisc i Ros Cré agus sa Choillín*

| Feirm Éisc Ros Cré | 2024 |
|---|---|
| Breac Donn | 25,125 |
| Breac Dea-dhathach | 73,400 |

| Feirm éisc an Choillín (an Muileann gCearr) | 2024 |
|---|---|
| Breac Donn (gealóg fhiáin neamhbheathaithe - Loch Uail) | 280,000 |
| Breac Dea-dhathach | 1,500 |

Cuireadh iasc ar fáil d'áiteanna ar fud na tíre ó na feirmeacha éisc seo, rud a d'fhág go mbeadh na mílte in ann páirt a ghlacadh sa tslatiascaireacht.

D'infheistigh Iascach Intíre Éireann trealamh úr i bhfeirmeacha éisc, cuir i gcás feithicil Gator, sórtálaí uibheacha breac agus beathaitheoirí úra uathoibríocha.

Agus sinn ag dul i dtreo 2025, féachtar ar an dá fheirm éisc chun bheith ag saothrú ar an tslí is éifeachtúla agus is barainní agus is féidir d'fhonn luach ar airgead a bhaint amach.

## **Cás-staidéar:** Deiseanna chun bheith ag obair i gcomhar leis an nGarda Síochána

Bhí cruinniú ag Iascach Intíre Éireann i mí na Nollag 2024 leis an nGarda Síochána chun ceisteanna comhleasa a phlé. An aidhm a bhí leis an gcruinniú ná féachaint an mbeadh deiseanna ann don chomhar idir an dá eagraíocht.



***Íomhá:*** *Cruinniú idir Iascach Intíre Éireann agus an Garda Síochána.*

Bíonn Iascach Intíre Éireann agus an Garda Síochána ag obair go dlúth le chéile mar atá. Bíonn cúnamh an Gharda Síochána ag teastáil ó Iascach Intíre Éireann ó am go chéile. Bhí deis againn sa chruinniú obair Iascach Intíre Éireann a chur i láthair don Gharda Síochána agus cúiseanna imní an dá pháirtí a phlé.

Chuir Iascach Intíre Éireann seisiún eolais i láthair maidir le hoibríochtaí, reachtaíocht agus gníomhaíochtaí cosanta chomh maith le teophointí reatha sa réimse oibríochtaí a mbíonn an tAonad Coiscthe Coireachta ag plé leo chomh maith.  Cruinniú éifeachtach a bhí ann. Cuireadh leis an bhfeasacht ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha iascaireachta.

Thug an Garda Síochána achoimre ar an tsamhail a dtugtar SARA uirthi (Scanadh, Anailís, Freagairt, Measúnú). Próiseas réiteach fadhbanna atá ann a úsáidtear sa phóilíneacht i speictream iomlán na coiriúlachta.  Tá úsáid á baint as an tsamhail go forleathan ar fud na cruinne chun idirghabháil a dhéanamh i réimse leathan de choireacht fiadhúlra agus cásanna mar sin a bhainistiú.

Bhí gach a raibh i láthair buíoch as an bhfaisnéis a tugadh agus as teagmhálaithe a fháil. Cruinniú an-dearfach a bhí ann. Thoiligh an dá dhream leanúint ar aghaidh leis an obair feasachta agus leis an gcomhar.

## **Cás-staidéar:** Bonneagar feabhsaithe do chuairteoirí agus slatiascairí in iascaigh cheadaithe

Iascach ceadaithe de chuid Iascach Intíre Éireann atá in Iascach na Gaillimhe ar bhruacha na Coiribe. Bunaithe ar iniúchóireacht sábháilteachta ar an láithreán, thug baill foirne faoi oibreacha i mí Feabhra agus go luath i mí an Mhárta ar an lámhráille chun sábháilteacht a fheabhsú do shlatiascairí agus cuairteoirí.

Cuireadh lámhráille timpeall 1,200 méadar isteach agus tá feabhas bainte amach dá bharr ar chaighdeáin sábháilteachta agus ar an taithí a bhíonn ag cuairteoirí ar an láithreán, forbairtí a thugann faoiseamh do shlatiascairí.

Tugadh faoi oibreacha forbartha chomh maith ar iascach na hOirimhe i Raon Iascaireachta 2 le go mbeadh teacht ní b'fhearr ag slatiascairí air. Cuireadh isteach droichead coiste miotail. Rinneadh oibreacha riachtanacha cothabhála ar dhreapaí agus sconsaí sa limistéar chomh maith.



***Íomhá:*** *Droichead slatiascaireachta a cuireadh isteach i Raon Iascaireachta 2, Iascach na hOirimhe.*

## **Cás-staidéar:** Ceangal cuileog i Meánscoil Bhaile an Róba



***Íomhá:*** *Taispeántas ábhar agus trealaimh.*

I mí na Samhna, thug baill foirne ó Iascach Intíre Éireann cuairt oideachais ar Mheánscoil Bhaile an Róba chun ceangal cuileog a thaispeáint do dhaltaí idirbhliana.

Ghlac fiche dalta páirt i seisiún tosaigh inar foghlaimíodh gnéithe den tslatiascaireacht dóibh le suim a mhúscailt iontu sa tslatiascaireacht, san iasc agus i dtimpeallacht an éisc.

Taispeánadh an trealamh do na daltaí agus d'fhoghlaim siad na scileanna tosaigh chun ábhair a cheangal de dhuán.

# Oideachas agus For-rochtain

Tá oibrithe in Iascach Intíre Éireann ar fud na hÉireann páirteach go gníomhach san obair chun clár oideachais na gníomhaireachta Something Fishy a chur i láthair i mbunscoileanna. D'oibrigh oibrithe in Iascach Intíre Éireann le 103 bunscoil in 2024, sin méadú 129% i gcomparáid le 2023.

Tugadh tacaíocht agus spreagadh do chorradh le 2,000 dalta chun eolas a chur ar éiceachórais uisceacha. D'fhoghlaim siad faoi, mar shampla, na gnéithe eile d'iasc agus saolré éisc, caomhnú, cáilíocht an uisce, speicis ionracha agus slatiascaireacht inbhuanaithe.

I gCeantar Abhantraí an Iarthuaiscirt, an cur chuige a bhíonn ann de ghnáth chun an clár Something Fishy a chur i láthair ná an abhainn a thabhairt isteach sa seomra ranga. Faightear bradán agus breac óg ó aibhneacha agus sruthanna áitiúla ionas gur féidir leis na páistí iad a iniúchadh, agus eolas a chur ar bhitheolaíocht an éisc agus ar na tréithe sainiúla a bhaineann leo. Tugtar samplaí speiche d'inveirteabraigh ó shruthanna agus aibhneacha isteach le go mbeidh deis ag páistí breathnú orthu faoi mhicreascóip.

Iarradh ar aon scoileanna a ghlac páirt sa chlár Something Fishy tionscadal a chur isteach chuig Ionad Oideachais Dhún na nGall i ndeireadh an téarma scoile. Bronnadh an chéad duais ar Scoil Náisiúnta Ghartáin i nDún na nGall in 2024. Cuireadh an tionscadal sin ar aghaidh ansin chuig an gcomórtas náisiúnta agus bhain siad sin fosta.

Ó tharla go raibh a comhdháil do 2024 á tionól ag an Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh (NASCO) i gContae Mhaigh Eo, tugadh cuireadh ar Scoil Náisiúnta Ghartáin chun bheith i láthair. Bronnadh an duais ar an scoil as an gcomórtas náisiúnta Something Fishy a bhaint.

Is iad Kim Daman-Randau (Uachtarán NASCO), Emma Hatfield (Rúnaí NASCO), Ignacio Granell (Ceann Toscaireachta AE) agus Cathal Gallagher (POF Gníomhach, Iascach Intíre Éireann) a bhronn an duais. D'fhreastail an tOifigeach Iascaigh Tommy Mooney agus Siobhán Martin ó Ionad Oideachais Dhún na nGall ar an searmanas bronnta duaiseanna fosta.

Níl ach méid teoranta acmhainní in Iascach Intíre Éireann chun tabhairt faoi obair for-rochtana. Is cóitseálaithe cúnta cáilithe iad na sainchomhairleoirí slatiascaireachta ar fad ar an bhFoireann Rannpháirtíochta Pobail Slatiascaireachta. Tá oiliúnaí cóitseálaithe cáilithe ina measc chomh maith.

Gan ach méid teoranta acmhainní acu, bíonn an fhoireann ag cuidiú le hiarratais ad hoc ar chóitseáil de réir mar is féidir de réir ama agus tacaíocht foirne. Tugtar tús áite d'imeachtaí ina ndírítear ar phobail a mbítí ag freastal orthu ó mhaoiniú ó na Cuntais Dhíomhaoine, is iad sin daoine atá faoi bhuntáiste eacnamaíoch agus oideachais agus daoine faoi mhíchumas.

Chuir an fhoireann 13 lá oiliúna ar fáil in 2024, iad ag obair le grúpaí ón gCabhán, Longfort, Iarmhí, ó Chorcaigh, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Ros Comáin. I measc na ngrúpaí a rabhamar ag obair leo bhí daoine óga de bhunadh áiteanna faoi mhíbhuntáiste, daoine fásta faoi mhíchumas agus príosúnaithe i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh.



***Íomhá:** Claire Murray (lár) ag glacadh leis an duais thar ceann Scoil Náisiúnta Ghartáin ó thoscairí ón Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh*

***Íomhá:** Imeacht Oideachais agus For-rochtana chun blaiseadh den tslatiascaireacht a thabhairt do rannpháirtithe úra.*



# Plé leis na meáin

Phléigh Iascach Intíre Éireann le beagnach 250 ceist ó na meáin ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2024 i gcomparáid le 178 ceist in 2023. B'in méadú beagnach 40%. Taobh leis an méadú ar an méid ceisteanna ó na meáin bhí fás ar an gclúdach sna meáin i bhfoinsí ar líne, sa phreas agus sna meáin chraolta.

Léiriú é sin ar an obair éifeachtach réamhghníomhach a dhéanann an Fhoireann Cumarsáide agus an méadú dá réir ar an tsuim atá ag na meáin san obair a bhíonn ar bun ag Iascach Intíre Éireann. In 2024, d'eisigh an fhoireann 68 eisiúint chuig na meáin agus 97 ráiteas chun teachtaireachtaí tábhachtacha a chraobhscaoileadh don phobal.

D'éirigh leis an bhfoireann clúdach a bhaint amach sna meáin agus an bhéim ar Iascach Intíre Éireann sa scéal féin nó taobh thiar de. 1,635 alt ar fad a bhí ann mar sin. Dearcadh thar a bheith dearfach a bhí le brath sna meáin i mórchuid mhór na míreanna.

Ba mhinic clúdach príomh-ama ar raidió agus teilifís náisiúnta ar chláir nuachta agus ar irischláir RTÉ. Áit a raibh clúdach againn ná Morning Ireland mar aon le clúdach go minic san Irish Times, ar TheJournal.ie, san Irish Independent agus san Irish Examiner. Mar gheall ar an bpoiblíocht ardiomrá seo, bhíothas in ann teachtaireachtaí tábhachtacha a chraobhscaoileadh chuig pobal iontach mór agus níos mó daoine a chur ar an eolas faoi chuspóir straitéiseach Iascach Intíre Éireann, is é sin aire a thabhairt d'iasc agus gnáthóga in Éirinn.

**68**
**preaseisiúint**

**97**
**ráiteas do na meáin**

**246**
**ceist ó na meáin freagartha**

**1,635**
**alt nuachtán sna meáin ina luaitear IIÉ**



# Plé leis na meáin dhigiteacha agus shóisialta

Cuireadh arís in 2024 le pobal Iascach Intíre Éireann ar na meáin shóisialta agus an eagraíocht ag féachaint le pobail níos mó a fhorbairt agus teacht ar bhealaí úra le cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Foilsíodh ábhar tarraingteach físe agus grianghrafadóireachta ar chainéil X, LinkedIn, Facebook, Instagram agus YouTube na heagraíochta.

Mheall Iascach Intíre Éireann beagnach **35,500 leantóir in 2024 ar chainéil meán sóisialta na heagraíochta**, méadú beagnach 10% i gcomparáid le 2023. Foilsíodh nuacht agus faisnéis ó Iascach Intíre Éireann beagnach gach lá. Chuaigh sé i bhfeidhm ar neart daoine agus léiríodh neart suime ann, cuir i gcás toghanna, scaipeadh, tráchtanna, amhairc, luanna, ceisteanna chomh maith le daoine a chliceáil ar an nasc.

Ar an iomlán, bhí an pobal iontach báúil le hIascach Intíre Éireann. Tugadh cuid de na scéalta faoi deara ansin sna meáin agus tuairiscíodh mar mhíreanna nuachta iad.

**Tháinig méadú go 5,505 leantóir** ar an líon leantóirí againn ar LinkedIn, 1,090 leantóir breise ó bhí 2023 ann. Taispeánadh postálacha a foilsíodh 377,553 uair agus spreag siad 8,000 freagairt.

Bhí **23,102 leantóir ag cainéal Facebook Iascach Intíre Éireann** in 2024, méadú os cionn 1,400 leantóir i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Breathnaíodh ar ábhar 788,000 uair, bhí os cionn 24,000 cás d'idirghníomhú ann, cliceáladh ar naisc 8,700 uair agus chuathas i bhfeidhm ar 1.1 milliún duine. An phostáil ba mhó ar amharcadh uirthi ná físeán gearr inar taispeánadh eascanna óga á monatóiriú ag Iascach Intíre Éireann. Mheall sin 363,100 amharc agus 493 idirghníomhú le lucht úsáide na meán.

Ar Instagram, **tháinig méadú 53% ar an bpobal meáin,** b'in méadú ó 672 leantóir in 2023 go 1,030 leantóir in 2024. D'oibrigh an t-ardán go han-mhaith d'Iascach Intíre Éireann. Baineadh amach 86,294 amharc ar an inneachar agus pobal meáin 8,300 duine. Bhí leibhéal ard rannpháirtíochta ann chomh maith, b'in 4,100 idirghníomhú le hábhar. An scéal is mó a raibh tóir air ná físeán mallghluaiseachta ina bhfacthas bradán fiáin Atlantach ag léim thar eas i Maigh Eo.

Mheall **cainéal YouTube Iascach Intíre Éireann 1,502 rannpháirtí agus breathnaíodh ar fhíseáin dár gcuid 70,000 uair**. An dara físeán ba mhinice a rabhthas ag brath air in 2024 ná léiriúchán le baill foirne de chuid Iascach Intíre Éireann faoin tslí a mbíonn bradán ag scéachtaint in aibhneacha in Éirinn. Mheall sé breis is 4,130 amharc le linn na bliana.

Mheall físeán poiblíochta leibhéal suntasach daoine ó thaobh líon féachana de, físeán de Chathaoirleach Iascach Intíre Éireann ag cur síos ar róil éagsúla seirbhíse poiblí na gníomhaireachta. Rinne Iascach Intíre Éireann an físeán a léiriú, a stiúradh agus a chur in eagar mar chuid de chruinniú den Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh i gCathair na Mart i mí an Mheithimh.



An tslí a mbíonn bradán ag sceitheadh uibheacha in aibhneacha in Éirinn




Ról IIÉ ag tacú leis an mbradán Atlantach in Éirinn

## Fisheriesireland.ie

Acmhainn lárnach dhigiteach is ea láithreán gréasáin corparáideach Iascach Intíre Éireann fisheriesireland.ie, áit a gcuirtear nuacht, eolas agus acmhainní i láthair do chustaiméirí na heagraíochta. Thug beagnach **178,000 duine cuairt ar an láithreán gréasáin in 2024** i gcomparáid le 135,446 duine in 2023, méadú 30%.




Éachtaí móra eile:

- Ba iad na leathanaigh ba mhó tóir ag cuairteoirí ná na rannóga seo: foilseacháin, taighde, gairmeacha agus speicis.
- **507 duine ar an meán a d'úsáid an láithreán gréasáin gach lá** in 2024.
- Tháinig cuid mhór cuairteoirí chuig an láithreán gréasáin ó chainéil Iascach Intíre Éireann ar an meáin shóisialta. Thit sé sin amach mar thoradh ar nasc gréasáin a chur in airde in éineacht le gach postáil ar an meáin shóisialta. Chuaigh Facebook go speisialta i bhfeidhm ar líon ard daoine.
- Cuairteoirí in Éirinn ba mhó a bhí ann agus ansin cuairteoirí sa Ríocht Aontaithe agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- An mhír nuachta ba mhó tóir a bhí ar an láithreán gréasáin ag Iascach Intíre Éireann ná eolas ar mharú suntasach éisc in Abhainn Ealla i gContae Chorcaí i mí an Mheithimh.
- Rinne pobal úsáide an láithreáin gréasáin beagnach **1,500 comhad pdf a íoslódáil 34,400 uair** ó láithreán gréasáin Iascach Intíre Éireann in 2024.

## Idirghníomhú Gaeilge

Bhí Iascach Intíre Éireann comhlíontach i gcumarsáid na heagraíochta i nGaeilge lena custaiméirí. Caitheadh 5% den chaiteachas fógraíochta ar fad ar fhógraíocht sna meáin Ghaeilge. I nGaeilge a foilsíodh fógra as gach cúig fhógra i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla.

Foilsíodh faisnéis phoiblí agus fógraí poiblí go dátheangach ar láithreán gréasáin corparáideach na heagraíochta. D'fhoilsigh foireann Cumarsáide na heagraíochta ábhar dátheangach ar na meáin shóisialta. Craoladh feachtas náisiúnta earcaíochta ar an raidió i nGaeilge agus i mBéarla le hoifigigh shéasúracha iascaigh a aimsiú. Ar an dóigh chéanna, bhí daoine den fhoireann páirteach ar stáisiúin Ghaeilge sna meáin, Raidió na Gaeltachta ar cheann acu, le nuacht agus eolas a phlé i nGaeilge.

Tá meitheal dírithe ar an nGaeilge gníomhach i gcur chun cinn na teanga ar fud na heagraíochta agus in iarrachtaí lena chinntiú go gcomhlíonfaimid na dualgais atá orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021. Ghlac daoine den Fhoireann Cumarsáide páirt i seimineáir á n-eagrú ag comhlachtaí Stáit, cuir i gcás Seirbhísí Eolais an Rialtais.

Chuaigh Iascach Intíre Éireann i mbun plé le Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí, líonra nuabhunaithe chun daoine atá ag obair san earnáil phoiblí a thabhairt le chéile i gcás gur spéis leo a gcuid Gaeilge a úsáid, a chleachtadh nó a fhorbairt.

Bhí Iascach Intíre Éireann gníomhach chomh maith ag tabhairt faoi dhoiciméid agus ábhar a aistriú go Gaeilge i gcaitheamh 2024.




# 4

## Cuspóir Ardleibhéil: Inbhuanaitheacht

**RÓL CEANNAIREACHTA A IMIRT MAIDIR LENÁR SPRIOCANNA I nGNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA A BHAINT AMACH**



# 4. Inbhuanaitheacht

## RÓL CEANNAIREACHTA A IMIRT MAIDIR LENÁR SPRIOCANNA I nGNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA A BHAINT AMACH

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um Inbhuanaitheacht:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| 4.1 | Spriocanna reatha laghdaithe $CO_2$ agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach de réir na reachtaíochta: 7% de laghdú gach bliain (laghdú 50% faoi 2030). Éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach ar an leibhéal is airde agus an lorg éiceolaíoch ó ghníomhaíochtaí Iascach Intíre Éireann a laghdú chuig an leibhéal is ísle. | Laghdú 7% ar a laghad ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí ($CO_2$) gach bliain. Cur oiread is féidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide d'Éirinn, 2021. |
| 4.2 | Inbhuanaitheacht iasc dúchasach a dhaingniú agus bithéagsúlacht a choimeád de bharr clár um oiriúnú don athrú aeráide, agus maolú air, a thabhairt isteach. | Beifear tar éis straitéisí fianaisebhunaithe a fhorbairt agus a chur i ngníomh leis an tionchar ón athrú aeráide ar ghnáthóga agus pobail éisc a mhaolú. |
| 4.3 | Maoirseacht inbhuanaithe iascach a chur chun cinn i gcomhréir leis an reachtaíocht. | Bainistíocht inbhuanaithe iascach i gcomhréir leis an reachtaíocht. |

# Réamhrá

Ceanglaítear ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí a gcuid gníomhartha ar son na haeráide a thuairisciú faoi Shainordú na hEarnála Poiblí don Ghníomhú ar son na hAeráide. Faoin Sainordú, tugtar tacaíocht do chomhlachtaí san earnáil phoiblí a thugann dea-shampla agus a léiríonn an gníomhú atá riachtanach ar son na haeráide chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn faoi 2030.

Rinne Iascach Intíre Éireann leasuithe chun dáta in 2024 ar an treochlár ó Aibreán 2019 lena oibleagáidí a chomhlíonadh. Cuireadh an chéad dréacht den treochlár leasaithe ar fáil go luath in 2023 agus an dara dréacht i nDeireadh Fómhair 2023. Cuireadh an dréacht reatha le chéile i Lúnasa 2024.

Ós rud é go bhfuil sé ar ghníomhaireacht de na gníomhaireachtaí móra comhshaoil in Éirinn, tá an uaillmhian agus an cumas in Iascach Intíre Éireann oibleagáidí náisiúnta na heagraíochta i leith an ghníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach. Tá dualgas ar leith ar Iascach Intíre Éireann ról ceannaireachta a ghlacadh in iarrachtaí le dul i ngleic leis an athrú aeráide seo i bhfianaise an chaidrimh dhosháraithe atá ann idir an cliseadh aeráide agus géarchéim na bithéagsúlachta.

Sa téacs seo a leanas tá samplaí de na héachtaí is tábhachtaí atá bainte amach in Iascach Intíre Éireann i réimse na hinbhuanaitheachta.

## Príomhéachtaí in 2024:

### Méadú 8% ar an taisteal i bhfeithiclí leictreacha in 2024 i gcomparáid le 2023

Rinne foireann Iascach Intíre Éireann dul chun cinn suntasach arís ar an dícharbónú in obair fhlít na heagraíochta. Taistealaíodh 924,259 km i bhfeithiclí leictreacha in 2024. Seo méadú 8% ar an bhfigiúr ó 2023 (852,922 km). Léiriú atá ann ar ghealltanas fadtéarma lorg carbóin Iascach Intíre Éireann a laghdú.

## Fad Míosúil Taistil FL (km) 2022–2024




***Íomhá:*** *An t-achar a taistealaíodh (ciliméadair) i bhfeithiclí leictreacha in Iascach Intíre Éireann, 2022 go 2024.*

## Laghdú 3.6% ar ídiú breosla in 2024 i gcomparáid le 2023

Tháinig laghdú 3.6% ar ídiú breosla Iascach Intíre Éireann (10,355 lítear breosla) in 2024 i gcomparáid le figiúirí 2023. Léiriú atá anseo ar an dea-thionchar ón dícharbónú ar an gcostas oibriúcháin agus ar an inbhuanaitheacht comhshaoil.

Tá an laghdú seo mar chuid de 27,914 kg de laghdú carnach iomlán ar choibhéis dé-ocsaíde carbóin (28 tona $CO_2e$) san iompar do 2024.

Tá an t-aistriú go feithiclí leictreacha agus an laghdú dá réir ar ídiú breosla ag cur go mór le hiarrachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá iarrachtaí Iascach Intíre Éireann ag teacht le spriocanna ginearálta comhshaoil na heagraíochta d'iascaigh. Is ionann an laghdú ar ídiú breosla agus coigilteas costais don eagraíocht. Léiriú atá ann ar an inmharthanacht eacnamaíoch má ghlactar le feithiclí leictreacha agus má dhéantar infheistíocht i mbonneagar luchtaithe.

## Tomhaltas Carnach Míosúil Breosla 2023–2024




***Íomhá:*** *Úsáid mhíosúil breosla Iascach Intíre Éireann, 2023 vs 2024.*

## Úsáid Mhíosúil Bhreosla Iompair IIÉ 2023 v 2024




***Íomhá:*** *Úsáid breosla Iascach Intíre Éireann, 2023 vs 2024.*

## 224,576 kWh ar fad a ghin na córais fhótavoltacha gréine in 2024

Tá 672,559 kWh ginte ag fiche córas fótavoltach gréine ó bhí 2018 ann. Gineadh 224,576 kWh in 2024 féin.

Seo léiriú ar ionchur suntasach sa ghiniúint fuinnimh in-athnuaite.

Mar thoradh ar an 20 córas fótavoltach gréine in Iascach Intíre Éireann, tá 198,338 kg de choibhéis $CO_2$ ($CO_2e$) bainte ón atmaisféar.

### PV Ginte ag IIÉ




***Íomhá:*** *An fuinneamh fótavoltach a gineadh in Iascach Intíre Éireann.*



***Íomhá:*** *Painéil dín*

## Tús le húsáid ola plandúla hidreachóireáilte i bhfeithiclí na heagraíochta

Bithbhreosla ísealcharbóin atá san ola glasraí hidreachóireáilte (HVO) atáthar in ann a úsáid seachas díosal.

Ceann de na buntáistí is suntasaí a bhaineann le bithdhíosal in-athnuaite HVO ná na deiseanna a bhaineann leis laghdú ollmhór a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fheithiclí na heagraíochta. Tar éis dúinn triail éifeachtach a reáchtáil, tá HVO á úsáid anois i bhfeithiclí díosail Iascach Intíre Éireann.

Tá 63 feithicil leictreach ag an eagraíocht anois, timpeall 30% d'fheithiclí na heagraíochta. Tá 67 feithicil ar fad ceadaithe chun feidhmiú mar fheithiclí a úsáideann Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO). Déanfar iad a aistriú ina bhfeithiclí HVO de réir a chéile agus teicneolaíocht na bhfeithiclí leictreacha á forbairt chun riachtanais Iascach Intíre Éireann a shásamh le gur féidir feithiclí tarraingthe a chumhachtú.




| Site Name | Site Address | County |
|---|---|---|
| CIRCLE K JUNCTION 5 M9 | Junction 5 M9, Rathcrogue, R93 N2X8 | Carlow |
| CIRCLE K FERMOY J14 M8 | Moorepark West, Fermoy, P61 HP52 | Cork |
| CIRCLE K EXPRESS LIFFORD LETTERKENNY RD | Letterkenny Road, Lifford, F93 RKW6 | Donegal |
| CIRCLE K DUBLIN PORT | Dublin Port Company Service Station, Pro, D03 W0Y8 | Dublin 3 |
| CIRCLE K NEWLANDS | Fonthill Road South, Clondalkin, D22 N9R3 | Dublin 22 |
| CORRIB OIL | Tuam Road, H91 X5PW | Galway |
| CIRCLE K KILL SOUTH | Naas Road, Kill, W91 TP38 | Kildare |
| CIRCLE K CITYNORTH J7 M1 | City North Business Campus, Gormanstown, K32 VR44 | Meath |
| CIRCLE K MONAGHAN | Coolshannagh, Monaghan, H18 T282 | Monaghan |
| CIRCLE K CASHEL | Junction 8, M8 Cashel, Waller's-Lot, Cashel, E25 R722 | Tipperary |
| Keatings Fuel Depot | Cannistown, Navan C15XV18 | Meath |
| Circle K Express Portlaoise | Mountmellick Road ,Portaloise R32T2YA | Laois |
| Circle K Parkway West | , The Hill, Lucan Road Old, Palmerstown, Dublin 20 D20CY82 | Dublin |
| Circle K Ballysimon | Ballysimon Road, Monaclinoe, Limerick V94 V1KF | Limerick |
| Circle K Express Trim | Dublin Road, Trim, Meath C15 V4KKW | Meath |
| CIRCLE K EXPRESS DUNDALK | Dublin Road, Dundalk, Louth, A91 YN3F | Louth |
| CIRCLE K EXPRESS CASEYS AUTOCENTRE | Athlone Road, Roscommon, F42 RY88 | Roscommon |

***Íomhá:*** *Líonra HVO IIÉ.*

## An tAistriú chun na neodrachta carbóin

Tá an t-aistriú in Iascach Intíre Éireann chun na neodrachta carbóin ar bun i gcónaí agus feithiclí leictreacha breise á gcur lena bhfuil againn cheana. 63 feithicil leictreach atá ag an eagraíocht anois, 30% de na feithiclí ar fad atá againn. Tiocfaidh fás leanúnach ar an líon feithiclí leictreacha, ach tá an ghné seo éirithe níos dúshlánaí ná mar a bhí. Ní oiriúnach atá feithiclí leictreacha go dtí seo d'obair cuir i gcás ualach trom a tharraingt ná obair ar shiúl ón mbóthar.

Tá a straitéis athraithe ag an eagraíocht mar sin agus táthar ag glacadh leis an Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO) in ionad díosail le laghdú a bhaint amach ar astaíochtaí i bhfeithiclí innill dócháin inmheánaigh (ICE).

Chuir an bainisteoir Seirbhísí Allamuigh próiseas tairisceana i gcrích in 2024 le go mbeadh fáil ag Iascach Intíre Éireann ar sholáthar HVO inbhuanaithe i réamhchúirteanna poiblí. Tá 67 feithicil dár gcuid réidh don HVO faoi láthair, rud a fhágann go bhféadfadh an eagraíocht astaíochtaí a laghdú níos mó i gcás timpeall 30% eile de na feithiclí atá againn.

Is féidir laghdú suas le 90% a bhaint amach ar astaíochtaí má úsáidtear ola glasraí hidreachóireáilte. Mar sin, ba chóir go mbeadh Iascach Intíre Éireann a aistear a rianú i dtreo na sprice do 2030, is é sin 51% de laghdú a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.



# Foirne Glasa Iascach Intíre Éireann

## Beartas fuinnimh, plean gníomhaíochta agus plean don stoc foirgneamh

Is iad an leictreachas agus an gás nádúrtha na príomhfhoinsí fuinnimh in Iascach Intíre Éireann. Baintear feidhm as an leictreachas don soilsiú, cumhacht agus aerchóiriú. Úsáidtear gás nádúrtha, gás peitriliam leachtach (GPL) agus ceirisín don téamh. Tugtar faoin monatóireacht agus tuairisciú ar ídiú fuinnimh sna láithreáin éagsúla.

Tá beartas fuinnimh na heagraíochta, an plean gníomhaíochta agus an clár gaolmhar iniúchta fuinnimh ar fad mar bhonn faoi thionscadail feabhsaithe fuinnimh in Iascach Intíre Éireann. Tá beart bailithe sonraí ar bun san eagraíocht mar sin (iniúchadh fuinnimh den chuid is mó) chun breathnú ar na príomhtháscairí feidhmíochta fadtéarma (go 2050) don iarfheistiú. An cuspóir atá ann ná stoc iomlán na bhfoirgneamh a uasghrádú go Foirgnimh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de nó Foirgnimh Neodracha ó Thaobh Fuinnimh de, mar atá sonraithe sa Treoir athmhúnlaithe maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh.

Tá réimse de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh curtha i bhfeidhm go dtí seo ag Iascach Intíre Éireann lena spriocanna fuinnimh aeráide a bhaint amach, na bearta seo ina measc: comhtháthú teicneolaíochtaí cliste, agus uasghrádú ar threalamh mar shoilse dé-óide astaithe solais, córais atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de don téamh, aerú agus aerchóiriú, teirmeastait chliste agus insliú.

Tá plean stoc foirgneamh á chur le chéile san eagraíocht faoi láthair, é ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024. Mar gheall ar an bplean, beidh bonnlíne láidir ag Iascach Intíre Éireann agus treochlár chun forbairtí neodracha, agus nach mór neodrach, a fhorbairt i ngach cuid de phunann réadmhaoine na gníomhaireachta.

# Príomhéachtaí in 2024:

Gealltanais na heagraíochta i leith na hinbhuanaitheachta athdhearbhaithe againn toisc gur cláraíodh le **cur chuige comhpháirtíochta** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (UFIÉ). Dá réir sin, beidh roghanna níos struchtúrtha ann don inbhuanaitheacht san fhadtéarma.

seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

Cuireadh oibreacha nuachóirithe ar shoilse i gcrích in aon áitreabh déag. 10,600 $KgCO_2e$ de choigilteas carbóin a bheidh ann gach bliain dá réir. Dá bharr, is é an líon iomlán áitreabh atá iarfheistithe agus **uasghrádú soilse iontu ná 27 áitreabh**

Cuireadh **uasghrádú cumhachta** i gcrích sa Bhunáit i gCill Chomhghaill le go mbeifí in ann luchtaire déach 22 kW d'fheithiclí a chur isteach.

Cuireadh luchtaire 22 kW eile isteach i dTeach Ard na Ria, Béal an Átha.

Rinneadh tuairisciú éigeantach faoin inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide **a thuairisciú don UFIÉ** i gcaitheamh na bliana.

Cuireadh **3 thionscadal athsholáthair téimh** i gcrích sna hionaid éagsúla chun feabhsú a bhaint amach ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus tionchar comhshaoil de. Tá na tionscadail seo ag teacht le spriocanna inbhuanaitheachta níos ginearálta.

Cuireadh leis an gCóras Bainistíochta Fuinnimh **chun sonraí bliantúla dramhaíola a ghabháil**. Má dhéantar dramhaíl a bhainistiú taobh leis an ídiú fuinnimh, féadtar tuairisciú i bhfad níos cuimsithí a dhéanamh agus oibríochtaí níos inbhuanaithe a bhaint amach.



Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# Uasghrádú ar shoilse a cuireadh i gCrích

1. Na Gleannta
2. Ionad Slatiascaireachta na hEidhní
3. Ionad Slatiascaireachta na hIascaí
4. IIÉ BHÉAL ÁTHA SEANAIDH
5. Bunáit Loch Arbhach
6. Stóras Dhroim ar Snámh
7. Stóras Bhaile Uí Mhuirígh
8. An Cabhán
9. Stóras Loch Síleann
10. Ionad Slatiascaireachta Loch Uail
11. Teach Tudenham
12. An Chraobhaigh
13. An Lárionad Náisiúnta Lóistíochta agus Taighde
14. Inis Córthaidh
15. Ros Mhic Thriúin
16. Carraig na Siúire
17. IIÉ CLUAIN MEALA
18. Ionad Iascaireachta na bhFearnán
19. IIÉ MHAIGH CHROMTHA
20. Stóras Lios Tuathail
21. IIÉ LUIMNIGH
22. Stóras an Chláir
23. Baingear
24. Ionad Slatiascaireachta Limistéar na hArdeaglaise
25. Ionad Iascaireachta Lochán an Droma
26. IIÉ BHÉAL AN ÁTHA
27. Loch Con




***Íomhá:*** *Chuir IIÉ nuachóiriú soilse i gcrích in 2024*

# Feachtais 2024 na bhFoirne Glasa

## Náisiúnta

Bhí feachtais ann mar chuid de chlár inbhuanaitheachta 2024 Iascach Intíre Éireann a bhí dírithe ar Sheachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Bhí feachtais dhearfacha faisnéise ann sa chlár chun díriú ar mhéadú a bhaint amach ar rannpháirtíocht ball foirne agus béim á leagan sna feachtais sin ar a bhfuil bainte amach in Iascach Intíre Éireann go dtí seo. Tugadh misneach do bhaill foirne ar an gclár a dtionchar a mhéadú oiread is féidir agus cur le hiarrachtaí oiread is féidir ina saol oibre agus pearsanta.

Bhí deis againn éisteacht le hionadaithe ó Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in athbhreithniú bliantúil cinn bliana na Foirne Náisiúnta Glaise. Bhí siadsan i láthair sa chruinniú chun labhairt linn faoin aistear chun na hinbhuanaitheachta ina n-eagraíocht féin.

## Seo cuid de na héachtaí eile a bhain Foirne Glasa réigiúnacha amach:

Seisiún ar **oideachas bainistíochta dramhaíola** agus REPAK i bhfeighil air.

Re-turn

Rinne Foirne Glasa Iarthar na Cathrach an **scéim nuálach Re-turn (scéim éarlaise agus aisíoca) a fheidhmiú agus a bhainistiú**. Rinneadh an t-airgead ar fad a bailíodh chun bia a cheannach don fheachtas bliantúil bia don Líon Folaigh gan Dídean.

**Stáisiún athlíonta carranna gan aon dramhaíl ann** á reáchtáil ar bhonn trialach chun tacú le comhghleacaithe a bhíonn ar an mbóthar plaistigh aonúsáide a sheachaint.





***Íomhá:*** *Stáisiún athlíonta carranna gan aon dramhaíl ann.*

***Íomhá:*** *Bainistíocht dramhaíola, Teach an Chaisleáin.*

D'fhorbair Foirne Glasa Iascach Intíre Éireann **cuid mhór gnáthóga éagsúla fiadhúlra agus chuir isteach iad**, cuir i gcás boscaí d'ulchabháin, don ghabhlán gaoithe, don dreoilín, d'ialtóga agus gnáthóga d'fheithidí.

In áit ar bith ar féidir é, tá **limistéir bhithéagsúlachta** á gcur isteach agus á bhforbairt i mbunáiteanna abhantracha na heagraíochta.

# Iarratas Iascach Intíre Éireann ar Chomhartha don Taisteal Cliste

Tá Iascach Intíre Éireann ag tabhairt faoin bpróiseas iarratais ar Chomhartha don Taisteal Cliste. Deimhniú trí leibhéal é seo ina n-aithnítear agus ina gceiliúrtar eagraíochtaí a thacaíonn leis an taisteal gníomhach inbhuanaithe ar an mbealach chun na hoibre agus ar thurais eile dá n-oibrithe agus cuairteoirí.



5

# Cuspóir Ardleibhéil: An Fhoireann

**LUACH A CHUR INÁR nDAOINE AGUS TACÚ LENA bhFORBAIRT AGUS LENA bhFEIDHMÍOCHT**



# 5. Ár bhFoireann

### LUACH A CHUR INÁR nDAOINE AGUS TACÚ LENA bhFORBAIRT AGUS LENA bhFEIDHMÍOCHT

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um Bainistíocht Chorparáideach:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| 5.1 | Straitéis acmhainní daonna a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun tacú le Plean Corparáideach 2021 go 2025 Iascach Intíre Éireann. | Struchtúr eagraíochta oiriúnach dá fheidhm agus lucht saothair díograiseach, oilte, solúbtha, bisiúil. Eagraíocht atá in ann a Plean Corparáideach a bhaint amach go sásúil i gcomhréir lena misean, fís agus luachanna. Agus, san am céanna, cumarsáid éifeachtach nuálach a úsáid go hinmheánach, airdeallach i dtólamh ar fholláine oibrithe. |

# Réamhrá

Aithníonn Iascach Intíre Éireann go bhfuil an mhaoirseacht fhreagrach agus bainistíocht inbhuanaithe ag brath ar na daoine a dhéanann an obair gach lá.

Tá díograis na heagraíochta i leith fholláine na n-oibrithe fós lárnach i modhanna oibre na heagraíochta. Mar sin, tá Iascach Intíre Éireann ag infheistiú i gcónaí san ionad oibre le go mbeidh sé sábháilte, lán tacaíochta agus fáilteach roimh chách.

Déantar achoimre sa chuid seo ar an tacaíocht agus ar na deiseanna forbartha atá curtha ar fáil againn i mbliana don fhoireann. Leagtar béim ar thionscnaimh thábhachtacha, oiliúint agus ar iarrachtaí leanúnacha na gníomhaireachta chun timpeallacht dhearfach ionchuimsitheach oibre a fhorbairt.

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe Leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# Príomhéachtaí in 2024:

**94** Post Fógartha

**2,312** Iarrthóir

**2,885** Mheastóireacht

**527** Agallamh

**53** lá An t-Am le Fruiliú

**130** Fhruiliú

| Miondealú orthu siúd a earcaíodh: | |
|---|---|
| Tacaíocht | 9 |
| Taighde | 27 |
| Oibríochtaí | 24 |
| Cúntóirí Iascaigh Séasúracha | 19 |
| Oifigigh Iascaigh Shéasúracha | 36 |
| Bacainní | 15 |
| | **130** |

## Creidiúnú KeepWell

Cúis an-sásaimh d'Iascach Intíre Éireann creidiúnú KeepWell Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) a choinneáil, léiriú ar an dúthracht a chaitear san eagraíocht i leith na folláine.

Thug Iascach Intíre Éireann Cúrsa Garchabhrach Meabhairshláinte isteach a seoladh i ndeireadh 2024. Tá an cúrsa curtha i gcrích ag 27 duine den fhoireann.

An cuspóir atá ann ná go mbeidh an oiliúint curtha i gcrích ag na bainisteoirí líne ar fad san eagraíocht faoi dheireadh 2025 le go mbeidh an mhuinín acu cuidiú lena gcuid foirne.

## Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú

Aithnítear in Iascach Intíre Éireann an tábhacht a bhaineann le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú san áit oibre.

Mar chuid den ghealltanas atá tugtha ag an eagraíocht go gcuirfear straitéisí spriocdhírithe i bhfeidhm chun tacú le tionscnaimh agus leis an dea-chleachtas, tá Oifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ceaptha ag Iascach Intíre Éireann.

## Foghlaim agus forbairt

Bhí feachtas mór earcaíochta ann sa Taighde agus Forbairt in 2024. Rinneadh oibrithe nua a fhostú i dtionscadail éagsúla.

Seo cuid de na tionscadail sin: an Clár Taighde um Maolú Bacainní, an Clár Náisiúnta Bacainní, an Clár Monatóireachta Eascann, an Clár Faireacháin de réir na Treorach maidir le Gnáthóga, DiadSea agus an Clár Taighde um Chothabháil Draenála Comhshaoil.

Tugadh faoi oiliúint mhionsonraithe ionas go mbeadh an fhoireann ar fad ar an eolas faoi shuirbhéanna an tionscadail agus an trealamh a theastaíonn chun tascanna laethúla a chomhlíonadh. Seo cuid samplaí den oiliúint a bhí ann: leictriascaireacht, oiliúint ar an Teicníc chun Hidreamoirfeolaíocht Aibhneacha a mheas, measúnú ar bhacainní, oiliúint ar dhróin agus buneolas ar an hidreamoirfeolaíocht.

## Sláinte agus sábháilteacht

Rinneadh córas bainistíochta sábháilteachta Iascach Intíre Éireann a leasú chun dáta in 2024. Cuireadh ráiteas sábháilteachta nua le chéile.

D'eisigh an Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta an ráiteas. Bhí seimineár gréasáin ann don fhoireann le gabháil leis an ráiteas. Is é is aidhm don seimineár gréasáin an fhoireann a chur ar an eolas faoi fhorbairtí nua ar an gcleachtas sábháilte san áit oibre, ar ghuaiseacha a aithint, agus ar mheasúnú agus rialú rioscaí.

I gcaitheamh na bliana, chuir 64 duine den fhoireann an t-ionduchtú Sláinte agus Sábháilteachta i gcrích mar aon leis an ionduchtú maidir le Tiomáint don Obair. Tuairiscíodh 63 teagmhas ar fad (guaiseacha a chonacthas ina measc) ar an aip tuairiscithe teagmhas ar líne. Cuireadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar an eolas 7 n-uaire i dtaca le teagmhais intuairiscithe.




# 6

## Cuspóir Ardleibhéil: Bainistíocht Chorparáideach

**CULTÚR LUACH AR AIRGEAD A CHOTHÚ AGUS ÁR bhFEIDHMÍOCHT Á MEAS AGAINN AR BHEALACH INTOMHAISTE, TRÉDHEARCACH AGUS CUNTASACH**

# 6. Bainistíocht Chorparáideach

## CULTÚR LUACH AR AIRGEAD A CHOTHÚ AGUS ÁR bhFEIDHMÍOCHT Á MEAS AGAINN AR BHEALACH INTOMHAISTE, TRÉDHEARCACH AGUS CUNTASACH

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um Bainistíocht Chorparáideach:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| 6.1 | Straitéisí agus próisis chuí a fhorbairt ina gcuirtear an luach ar airgead agus an inbhuanaitheacht san áireamh ionas go mbeidh próiseas gnó ardchaighdeáin ann. | Próisis ghnó níos fearr le comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht a bhaint amach chomh maith le caighdeán níos fearr de sholáthar seirbhíse. |
| 6.2 | Féachaint le go gcloífear leis an dea-chleachtas sa Rialachas Corparáideach agus Comhshaoil ar fud na heagraíochta. | Déantar na bearta a bhíonn sna treoirlínte agus ciorcláin rialachais go léir a chur i bhfeidhm go tráthúil agus déantar faireachán orthu ar bhonn leanúnach ar mhaithe lena dheimhniú go mbeidh leibhéil arda den Rialachas Corparáideach agus Comhshaoil ann. |

# Réamhrá

I gcomhréir lenár gcuspóir ardleibhéil um Bainistíocht Chorparáideach, féachaimid le cultúr den luach ar airgead agus den inbhuanaitheacht a chothú agus ár bhfeidhmíocht á meas againn ar bhealach atá intomhaiste, trédhearcach agus cuntasach, an méid sin i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Poiblí. Agus an méid sin á dhéanamh, cloíonn Iascach Intíre Éireann le gach riail agus rialachán reachtúil agus rialtais maidir le cúrsaí airgeadais mar atá forordaithe sa reachtaíocht iomchuí, sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus i gciorclán Rialtais.

Tá Iascach Intíre Éireann á mhaoiniú ag deontas státchiste ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ar a bharr sin, déantar ioncam eile a ghiniúint as obair chonartha, díolachán feirmeacha éisc, díolachán ceadanna agus ceadúnas, srl. Úsáidtear an t-ioncam le hoibríochtaí Iascach Intíre Éireann a mhaoiniú. Faigheann IIÉ maoiniú suntasach fosta ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don Chlár um Maolú Bacainní.

Rinne an Bord buiséad comhardaithe a fhormheas bunaithe ar dheontas ón státchiste, ioncam réamh-mheasta eile agus cúlchistí ioncaim i dtús na bliana. Déantar cuntais bhainistíochta mhíosúla bunaithe ar an mbuiséad seo a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird agus na Foirne Sinsearaí Ceannaireachta.

Tá gach bainisteoir in ann deais agus tuairiscí ón gCóras Bainistíochta Airgeadais a úsáid leis an bhfaisnéis is déanaí faoin mbuiséad a fháil mar aon le sonraí faoin gcaiteachas. Fágann sé sin go gcuirtear faisnéis ar fáil go pras do shealbhóirí buiséid le gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas.

Déantar measúnuithe caipitil agus éifeachtúlacht chaipitil ar mhíreanna caipitil roimh cheannach agus ina dhiaidh. Is iad na príomhnithe atá ina spreagadh le luach ar airgead a bhaint amach go trédhearcach ná go n-úsáidtear cásanna gnó agus go gcloítear le beartas soláthair Iascach Intíre Éireann i rith an phróisis tairisceana. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena dheimhniú go mbeidh fianaise ar fhormheas ar taifead agus go gcuirfear síniú le formheas de réir mar is cuí.

I gcaitheamh na bliana in 2024, cuireadh seisiúin oiliúna agus seónna bóthair i láthair do bhaill foirne i dtaca le beartais agus nósanna imeachta airgeadais le go mbeidís ar an eolas faoi cheanglais airgeadais. Beidh fianaise ar bhuntáistí na seisiún seo le feiceáil má thagann méadú ar an leibhéal comhlíonta le beartas agus nósanna imeachta agus má bhaintear amach tuiscint choiteann ar an tábhacht a bhaineann le luach ar airgead a fháil as cistí poiblí i ngach cuid den eagraíocht.

# Figiúirí tábhachtacha sábháilteachta in Iascach Intíre Éireann le linn 2024:

Is iad seo na sonraí ó gach teagmhas arna thuairisciú don Fheidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta in 2024 (67 teagmhas) agus miondealú ar na teagmhais de réir a gcineáil.

**64**

**Sláinte agus sábháilteacht agus Tiomáint don obair**

(baill foirne shéasúracha san áireamh dar tugadh oiliúint tosaigh sa choláiste oiliúna, an Muileann gCearr, Aibreán 2024)

**teagmhas tuairiscithe san iomlán**

**67**

**26**

**teagmhas ba chúis le gortú**

**27**

**teagmhas ba chúis le damáiste do mhaoin**

**14**

**ghuais a chonacthas**

**7**

**teagmhas tuairiscithe don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta**

## Garspriocanna eile in 2024:

Cuireadh **an t-athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta** i gcrích agus cuireadh cóipeanna boga ar fáil don fhoireann ar fad. Ina theannta sin, eisíodh cruachóip den Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta chuig gach bunáit de chuid IIÉ.

Cuireadh an **Coiste Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta ar bun arís** in 2024. Roghnaíodh iarrthóirí ó gach ceantar abhantraí, ón ionad in Iarthar na Cathrach agus ó na hOifigigh Chomhshaoil. Cheap an lucht bainistíochta daoine úra chomh maith.

## Cabhlach bád agus scairdscútar

Rinne na Seirbhísí Allamuigh athbhreithniú iomlán ar chabhlach bád agus leantóirí i gcomhairle leis an mbainistíocht sna réigiúin. Fuarthas réidh le dhá phíosa is fiche trí cheant poiblí ar luach iomlán €65,480.

Tá gnásanna caighdeánacha oibriúcháin curtha le chéile do bháid cheadúnaithe P2 Iascach Intíre Éireann a fheidhmíonn i gcuanta agus in inbhir fhoscúla. Cuireadh seimineár gréasáin i láthair d'oibrithe a fheidhmíonn árthaí sa dóigh is go nglactar ina iomláine le feidhmiú an nóis imeachta.

Cuireadh an chothabháil agus seirbhís choisctheach i gcrích ar chabhlach Delta na heagraíochta sa chéad ráithe den bhliain. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha Delta sa ráithe dheiridh. Táthar chun glacadh le leagan leasaithe de na nósanna imeachta do shéasúr patrólaithe 2025.

D'eisigh Oifig na Suirbhéireachta Muirí 24 ceadúnas téarma iomláin do bháid do phaisinéirí. Ceadúnais P2 agus P6 a bhí i gceist. Ar an dóigh chéanna, rinneadh 247 leantóir san iomlán a sheirbhísiú mar chuid den chlár beartaithe le haghaidh cothabháil agus seirbhísiú coisctheach.





## Soláthar

D'úsáid Iascach Intíre Éireann an tairseach ainmnithe eTenders chun 25 tairiscint a fhoilsiú in 2024 ar luach iomlán timpeall €4.5m. Ós rud é go n-úsáidtear creataí náisiúnta inmheánacha, tá an tsaoirse ag an eagraíocht conarthaí a dhámhachtain gan an gá ann iad a fhógairt arís agus, mar sin, earraí agus seirbhísí a cheannach go héifeachtúil de réir mar a bhíonn siad de dhíth.

Chuir Iascach Intíre Éireann cúig Chreat inmheánacha i bhfeidhm in 2024. Seo ceithre cinn acu: Táillí Breac, Seirbhísí Measúnóirí Comhshaoil, Seirbhísiú agus Cothabháil Leantóirí, agus Áiritheoirí Éisc Friotachais. Gné lárnach de bheartas an rialtais atá ann go gcaithfidh údaráis chonraitheoireachta socruithe comhoibríocha soláthair a úsáid, cleachtas atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus an Earnáil Rialtais Áitiúil.

Chuir Iascach Intíre Éireann 13 cinn de Chreataí agus Córais Dhinimiciúla Cheannacháin de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais i ngníomh ar fud na tíre i gcaitheamh 2024. Ina measc siúd tá seirbhísí dlí, seirbhísí iniúchóireachta agus cuntasaíochta, an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, agus soláthairtí stáiseanóireachta agus oifige. Cuireadh tús leis an oiliúint foirne in R4 2024. Tá Céim 1 d'oiliúint trí chéim curtha i gcrích.

In 2024, rinne an Rannóg Lóistíochta corradh le 600 ceannachán as earraí agus seirbhísí chun tacú le hoibríochtaí Iascach Intíre Éireann. Ceannacháin shamplacha ná coisbheart, seirbhísiú aláram dóiteáin, trealamh comhdhála agus éadaí breise oibre don fhoireann. Rinneadh beagnach 2,000 píosa de chulaith oibre agus coisbheart a sheachadadh go díreach chuig baill foirne lánaimseartha agus shéasúracha Iascach Intíre Éireann. Píosaí breise a cuireadh leis an leithdháileadh d'éadaí oibre le linn na bliana ná casóg cliabhraigh bhrandáilte agus trealamh sábháilteachta breise.

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# Rialachas

## Athbhreithniú EY ar Rialachas

Rinneadh 11 mholadh in Athbhreithniú EY ar Rialachas chun an rialachas a neartú in Iascach Intíre Éireann. Tá na moltaí seo curtha i bhfeidhm anois. Cuirfear an téacs le haghaidh Straitéis Chorparáideach nua i gcrích i ndeireadh 2025. Toradh a tháinig as feidhmiú na moltaí ná go bhfuil Creat Rialachais ag an eagraíocht anois. Á leagan amach sa chreat cuimsitheach seo tá an tslí a ndéantar an rialachas a bhainistiú agus a léiriú in IIÉ. Tá dul chun cinn dearfach déanta agus tá gealltanais tugtha ag Iascach Intíre Éireann go ndéanfar faireachán leanúnach, go gcuirfear ceanglais rialachais i bhfeidhm trí mheán na hoiliúna agus go nglacfar leis an dea-chleachtas i dtólamh.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Níor tháinig aon fhadhbanna chun cinn san iniúchóireacht bhliantúil a rinneadh ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ag Iascach Intíre Éireann.

## Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2023 - 2025

De réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ní mór Comhaontú Maoirseachta a dhréachtú idir na ranna rialtais agus na comhlachtaí stáit faoina gcoimirce. Tá choimre ann ar an bhfreagracht agus cuntasacht as buiséid leithdháilte agus acmhainní eile.

Déantar athbhreithniú gach bliain ar an gComhaontú Maoirseachta trí bliana seo agus déantar é a leasú chun dáta de réir mar is gá.

Conradh atá sa Chomhaontú Seirbhíse idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Iascach Intíre Éireann. Déantar leibhéal seirbhíse agus feidhmíochta a shocrú ar bhonn foirmiúil agus baintear amach éifeachtúlacht níos fearr dá réir.

## Teacht ar fhaisnéis atá i seilbh Iascach Intíre Éireann

Tá Iascach Intíre Éireann faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, 2007 go 2018.

Fuarthas na hiarrataí seo a leanas in 2024 agus tugadh freagra orthu:

**An líon iarratas maidir le Saoráil Faisnéise**

**64**

**65**

**Iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)**

## Cothromaíocht inscne i measc chomhaltaí an Bhoird

Ar an 31 Nollaig 2024, bhí cúigear ban (50%) agus cúigear fear (50%) ar an mbord, agus ní raibh ról ar bith ar an mbord folamh.

Mar sin, comhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag fir agus mná araon ar na Boird Stáit.

Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód.



# An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Is meicníocht thábhachtach é forbairt Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCSanna) do IIÉ chun cuntasacht a léiriú agus cuireann sé ar chumas na heagraíochta rioscaí próiseála sonraí pearsanta a thuiscint agus a bhainistiú. Éascaíonn MTCSanna freisin don chloí leis na bun-choincheapa maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus cosaint sonraí trí réamhshocrú (Airteagal 25 RGCS). Seo cuid de na tionscadail dár cuireadh measúnuithe tionchair cosanta sonraí i gcrích in 2024: Ceamaraí Éide, Ceamaraí Ceilte, próiseas Iascach Intíre Éireann do ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, Tairseach an Bhoird agus an próiseas de réir an Achta um Brústocaireacht a Rialáil. I gcomhréir le hAirteagal 36 den Acht um Chosaint Sonraí, chuaigh Iascach Intíre Éireann i gcomhar leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis an measúnacht tionchair um chosaint sonraí don Cheamara Éide.

Chuaigh Iascach Intíre Éireann ar aghaidh leis an oiliúint ar líne ar chosaint sonraí d'earcaithe nua i gcaitheamh 2024. Chuir an tOifigeach Cosanta Sonraí oiliúint i láthair do bhaill foirne lárnacha mar chuid den Seó Bóthair do Sheirbhísí Airgeadais agus Corparáideacha i mí na Samhna.

Eisíodh tuairiscí chun dáta agus comhairle faoin gcosaint sonraí sa Nuachtlitir um Chosaint Sonraí i gcaitheamh na bliana.

Fuarthas 12 iarratas ar rochtain maidir le hábhar sonraí in 2024 i gcomhréir le hAirteagal 15 den RGCS, méadú i gcomparáid le blianta roimhe sin. Tuairiscíodh 17 sárú sonraí don Oifigeach Cosanta Sonraí le linn na tréimhse tuairiscithe. Astu siúd, rinneadh 7 gcinn acu a mheas mar neasteagmhais. As na 10 gcinn a ndearnadh iad a mheas mar shárú sonraí, rinneadh é a thuairisciú don Choimisiún um Chosaint Sonraí de réir tuairisciú éigeantach. Meascán cúiseanna le sárú a bhí ann, cuir i gcás nochtadh de thaisme/earráid an duine, caillteanas fóin póca oibre, caillteanas leabhar nóta, sábháil faisnéise a raibh sonraí pearsanta inti in áit mhícheart.




***Íomhá:*** *Clúdach Nuachtlitir IIÉ um Chosaint Sonraí*

# Nochtuithe cosanta

Thuairiscigh Iascach Intíre Éireann go bhfuarthas 12 nochtadh sa tuarascáil bhliantúil de réir alt 22 le linn na tréimhse tuairiscithe.

As na nochtuithe seo, fuarthas 9 gcinn acu go díreach san eagraíocht féin agus aistríodh 3 cinn chugainn ón RCAC.

# Cairt Custaiméirí

Gné riachtanach d'fheidhmeanna na heagraíochta ná an chumarsáid le páirtithe leasmhara. Mar fhorbairt an gcairt do chustaiméirí a bhí ag Iascach Intíre Éireann roimhe seo, rinneadh leasuithe chun dáta ar na próisis reatha agus ar an sainchúram náisiúnta.

Bhí na leasuithe chun dáta dírithe ar cheisteanna lárnacha a bhí tábhachtach don phobal agus ar na próisis inmheánacha riachtanacha chun na caighdeáin den tseirbhís a mbeidís ag dúil leo a bhaint amach. Cuireadh póstaer A2 ar fáil in 2024 mar chuid den obair seo chun an Chairt do Chustaiméirí a chur os comhair an phobail i mBéarla agus i nGaeilge. Scaipeadh an póstaer ar oifigí na gCeantar Abhantraí (CA) ar fud na tíre lena thaispeáint in áiteanna poiblí.

Soiléiríonn na gníomhaíochtaí seo na bunluachanna atá againn: gairmiúlacht sa chomhar, meas agus ionracas inár gcuid oibre, agus ár ngealltanais i leith na maoirseachta agus na hinbhuanaitheachta.






# 7

# Cuspóir Ardleibhéil: Nuáil

**LEAS A BHAINT AS CUMHACHT NA NUÁLA CHUN LEANÚINT DE SHEIRBHÍS IASCAIGH NUA-AIMSEARTHA A SHOLÁTHAR**

# 7. Nuáil

## LEAS A BHAINT AS CUMHACHT NA NUÁLA CHUN LEANÚINT DE SHEIRBHÍS IASCAIGH NUA-AIMSEARTHA A SHOLÁTHAR

Tá na gníomhartha agus na torthaí measta seo a leanas á sonrú sa Chuspóir Ardleibhéil um an Nuáil:

| | Gníomh | Toradh |
|---|---|---|
| 7.1 | Straitéis nuálaíochta a fhorbairt chun solúbthacht na heagraíochta a fhorbairt agus feabhsú a bhaint amach san éifeachtúlacht, sa chumarsáid agus sa tseirbhís don phobal. San am céanna, gnáthóga éisc a fhorbairt, a fheabhsú agus a chosaint. | An straitéis nuálaíochta a chur i ngníomh. |
| 7.2 | Straitéis TFC a fhorbairt agus a chur i ngníomh mar thacaíocht chun an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm. | Straitéis Iascach Intíre Éireann a chur i ngníomh. |

# Réamhrá

Tá gealltanas tugtha ag Iascach Intíre Éireann go dtabharfar faoin nuáil phraiticiúil dá réir siúd a mbímid ag fónamh orthu. I gcur chuige na heagraíochta i leith na nuála, cuirtear saoránaigh agus lucht úsáide seirbhísí i gcroílár an phróisis. Cuirtear béim ar an éisteacht agus plé, agus ar sheirbhísí comhtháite a dhearadh a mbeidh teacht ag cách orthu.

Bítear ag obair istigh san eagraíocht le cultúr a chothú ina mbíonn an nuálaíocht fréamhaithe inár modhanna oibre. Spreagtar an fhoireann fís a léiriú sa cheannaireacht, dul i gcoinne tuairimí fadbhunaithe agus smaointe úra a fhorbairt chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Aithnítear in Iascach Intíre Éireann a luachmhaire atá sé tabhairt faoin obair taobh amuigh den eagraíocht féin. Ós rud é go mbímid ag plé le comhpháirtithe ar fud an éiceachórais níos leithne, tá stádas níos fearr ag an eagraíocht nuálaíochtaí éifeachtacha a fhorbairt ar scála agus aiseolas a bhailiú lena úsáid inár gcuid oibre amach anseo.

Seo a leanas achoimre ar fheabhsuithe mar thoradh ar an nuálaíocht i ngach gné d'obair na heagraíochta.

# Nuáil, Comhar agus Comhpháirtíochtaí

Reáchtáil Iascach Intíre Éireann, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Comhghuaillíocht GHLAS AE na hEorpa ceardlann ar an 13 Meitheamh 2024 dar teideal Caifé Domhanda IIÉ don Iompar Inbhuanaithe. Bhí deis ag daoine iad féin a chur in aithne dá chéile agus ansin bhí ceardlanna agus plé ann. Pléadh tionscnaimh éifeachtacha agus na dúshláin ag baint le hiompar inbhuanaithe a chur i bhfeidhm in Iascach Intíre Éireann.

Cuid de na torthaí a tháinig as na ceardlanna ná nótaí rannpháirtithe, achoimre ó éascaitheoir boird agus tuairisc ghearr aiseolais. Bhíothas in ann an méid sin a úsáid chun tuairimí, patrúin agus téamaí a chur le chéile faoin iompar inbhuanaithe in Iascach Intíre Éireann.

Tháinig smaointe agus coincheapa as an imeacht chun tacú le straitéisí nó chun teacht ar bhealaí chun dúshláin reatha (nach bhfeictear, b'fhéidir) atá roimh Iascach Intíre Éireann a réiteach. Ar an dóigh chéanna, cuidiú a bhí san imeacht chun cur le líonra gairmiúil na heagraíochta agus deiseanna a chur ar fáil don chomhar.



***Íomhá:*** *Ceardlann ar an iompar inbhuanaithe.*



# **Cás-staidéar:** Aonaid bailithe báistí curtha isteach

Tá aonad bailithe báistí curtha isteach in iosta Iascach Intíre Éireann i gCarraig na Siúire. Tá Cigireacht áitiúil an CA sásta leis.

Tá an Cigire i gCarraig na Siúire sásta leis an gcóras bailithe báistí agus tá i ndiaidh pluiméir a fháil le píopa a chur isteach ón aonad bailithe báistí go dtí an phluiméireacht do shistéal an leithris agus do na sconnaí sa bháisín níocháin san iosta.



***Íomhá:*** *Píbobair ón umar 2,600 lítear go dtí an gcóras scagtha fíneálta.*

Tá an fhoireann CA tar éis an córas a úsáid agus méid garbh a leagan amach ó thaobh úsáid uisce de i gcás na míreanna dá dteastaíonn scairdníochán (Tag.: Lonan agus Robert):

***Tábla 12*** *- an méid garbh uisce a úsáideadh per píosa trealaimh:*

| Cineál trealaimh | Uisce a úsáideadh (lítir) |
|---|---|
| Bád righin inséidte Delta | 160 lítear |
| Bád Beag | 130 lítear |
| Carranna | 100 lítear |

Tabharfar tús áite d'úsáid an uisce ón aonad bailithe báistí san iosta go dtí go n-éiríonn leibhéal an uisce íseal. Is ansin a úsáidfear na soláthairtí uisce ó Uisce Éireann. Fillfear ar an aonad bailithe báistí nuair a bheidh go leor uisce ann arís. Níl le déanamh ach murlán a chasadh.




***Íomhá:*** *Saighean a léiríonn áit a bhfuil luamhán comhla liathróide chun lascadh ón bpríomhlíne uisce go dtí an soláthar uisce ón gcóras bailithe báistí agus a mhalairt.*

Tá an t-aonad bailithe báistí curtha isteach i stóras Ros Mhic Thriúin. Úsáidtear é chun báid agus carranna a ní agus do na sistéil agus sconnaí istigh.




***Íomhá:*** *méadar Watchman Flo – bogearraí néalbhunaithe a thomhaiseann sreabhadh, leibhéal, sceitheadh uisce, rólíon agus rialú caidéal. Déanann na bogearraí rialú buinní a thomhas chomh maith. Tá aláraim ann má bhíonn leibhéil arda agus ísle san umar.*



***Image:*** *Umar stórála.*

# **Cás-staidéar:** Teicneolaíocht LiDAR, Aerárthaí Beaga gan Foireann, á húsáid chun gnáthóg abhann a mhapáil

Sa chlár taighde um Bacainní Náisiúnta agus clár taighde um Hidreamoirfeolaíocht, tá iniúchadh á dhéanamh ar na himpleachtaí ó shreafaí atá á n-athrú ag taiscumair ar chruthú, cothabháil agus forbairt feasta ar ghnáthóg ionsrutha sa Dothra.

Go stairiúil, bheadh an Dothra san áit seo faoi réir athruithe suntasacha san abhainn agus cainéalú suntasach. Mar gheall ar laghdú ar an gcothabháil ionsrutha san abhainn agus ar bhruacha na habhann, tá téarnamh tagtha ar fhoirm agus ar chineálacha sreafa ionsrutha san abhainn. Tá conair aibí bhruachánach forbartha chomh maith. Úsáidfear teicneolaíocht den chineál is úire sa tionscadal seo chun conair théarnaimh éiceachóras na habhann a rianú.

I gcás samhaltú úrscothach gnáthóg/hiodrálach, teastaíonn samhlacha spásúla forleathnaitheacha agus samhlacha beachta digiteacha den airde chun sreafaí uisce, próisis chreimthe/sil-leagain agus athruithe ar ghnáthóga ionsrutha a thuar. Ghlacadh sé cuid mhór ama na sonraí seo a ghabháil agus a phróiseáil go stairiúil. Mar gheall ar an bhforbairt ar theicneolaíocht Braite agus Raonaimsithe Solais bunaithe ar Aerárthaí Beaga, tá laghdú suntasach tagtha ar an am a ghlactar le sonraí a ghabháil. Is féidir mar sin suirbhéireacht a dhéanamh ar limistéir níos mó ná ba ghnách agus ar chaoi níos cruinne.






***Íomhá:*** *Clé, Múnla 3T Néil Pointí LiDAR den "Droichead Dearg" a thrasnaíonn an Dothra i bPáirc Ghleann na Dothra. Ó bhun go barr, sreabhann an Dothra trí théastar dlúth bruachánach. Deas, Samhail Dhigiteach den Airde, Gleann na Dothra, áit a bhfuil an "Droichead Dearg" (saighead ghorm). Toipeolaíocht chonair na habhann á léiriú mar aon le gnéithe den abhainn, gnéithe an dromchla tarraingthe ar shiúl chun samhail lom talún a fhágáil.*

# Foilseacháin Eolaíochta

**Barry, J., Fitzgerald, C.,** Callaghan, J.O., Kennedy, R., Rosell, R. agus **Roche, W.** (2024) Interannual variation in survival of wild Atlantic salmon smolts through a dynamic estuarine habitat. *Fisheries Management and Ecology*, 00, e12685. Nasc: https://doi.org/10.1111/fme.12685.

de Eyto, E., Twomey, H., **Kelly, F.,** McElarney, Y., McCarthy, V., Irvine, K., Quirke, B. agus Sweeney, P. (2024) Sentinel Lakes – Chronicles of Change. Foinse: Dalton C., de Eyto, E., agus Jennings, E. Caibidil 12. (Eagarthóirí) Lakes in Ireland – Mirrors of Change, lgh 348-375. Foilseachán neamhspleách, Maigh Eo, Éire.

Gargan, P.G., Kelly, F., Shephard, S. agus Whelan, K. (2024) Correction: temporal variation in sea trout Salmo trutta life history traits in the Erriff River, Western Ireland. Aquaculture Environment Interactions.

ICES (2024). An grúpa oibre maidir le Bradán an Atlantaigh Thuaidh (WGNAS). *Tuarascálacha Eolaíocha ICES.* 6:36. 415 lch https://doi.org/10.17895/ices.pub.25730247 [lena n-áirítear Millane, M. agus Kelly, S.].

ICES. 2024. Joint EIFAAC/ICES/GFCM Working Group on Eels (WGEEL). Tuarascálacha Eolaíocha ICES. 6:90. 146 lch https://doi.org/10.17895/ices.pub.27233457.

Jennings, E., **Kelly, S.,** McCarthy, V., La Fuente, S. agus Woolway, R.L. (2024). Lakes and Climate Change Looking to the Future. Foinse: Dalton C., de Eyto, E., agus Jennings, E. Caibidil 12. (Eagarthóirí) Lakes in Ireland – Mirrors of Change, lgh 348-375. Foilseachán neamhspleách, Maigh Eo, Éire.

**Kelly, F., McLoone, P., O'Reilly, S.,** Gallagher, K. agus Rosell, R. (2024) Fish, Fisheries and Angling – Status Quo. Foinse: Dalton C., de Eyto, E., agus Jennings, E. Caibidil 5. (Eagarthóirí) Lakes in Ireland – Mirrors of Change, lgh 348-375. Foilseachán neamhspleách, Maigh Eo, Éire.



Kennedy, R. J., **Barry, J.,** Boyd, A. agus Allen, M. (2024). Does phenology influence predation rate on Salmo trutta parr during lake migration? Journal of Fish Biology.

**Kelly, S. agus Kelly, F.** (2024) Shaded streams with permeable watersheds provide naturally resilient fish habitat refugia during heatwaves. Fisheries Management and Ecology. https://doi.org/10.1111/fme.12704.

**Kelly, S., Millane, M. agus Gallagher, C.** (2024). Overview of adaptive management actions undertaken by Ireland to mitigate the negative impacts of climate change, with an assessment of the effectiveness of these actions, and lessons learned. Foinse: (eag. G. Cripps, S. Howard, N. Milner, I. Morisset, T. Sheehan, K. St John Glew, L.E. Sundt-Hansen agus E.M.C. Hatfield), *Informing a Strategic Approach to Address the Impacts of Climate Change on Wild Atlantic Salmon. Report of a Theme-based Special Session of the Council of NASCO, CNL (23)83.* NASCO, lgh 91-98.

**Matson, R. agus Kelly, F.** (2024) Fish Kills in Ireland – History, Current Status and Recovery. *Fish and habitats: Science and Management,* Imleabhar 3. Iascach Intíre Éireann.

**Matson, R. agus Kelly, F.L.** (2024) Fish Kills in Ireland – History, Current Status and Recovery. IFISH: *Fish and Habitats: Science and Management* Imleabhar 3, 73 lgh ISSN: 2565-6244 (ar líne). Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24, Éire.

**Millane, M., Kelly, S. agus Gallagher, C.** (2024). Introduction to Pink Salmon in the North Atlantic and Arctic (Why Are They Here and Where?). Foinse: (eag. C. Bean, et al.), *Management of Pink Salmon in the North Atlantic and Their Potential Threats to Wild Atlantic Salmon. A Theme-based Special Session of the Council of NASCO, 5 Meitheamh 2024, CNL (24)52, leasú*[1]. NASCO, lgh 10-23.

**Ó Briain, R.,** Corenblit, D., Garofano-Gomez, V. agus **O'Leary, C.** (2024) Towards biogeomorphic river restoration: Vegetation as a critical driver of physical habitat. River res. Cur i bhfeidhm. doi.org/10.1002/rra.4288.

Poole, R., Minto, C., Cooney, J., Drumm, A., Hughes, P., Murphy, M., ... agus **O'Leary, C.** (2024). Standardising long-term eel (*Anguilla anguilla*) fyke net survey data reveals covariate effects and improves estimates of declining relative abundance. Fisheries Research, 272, 106938.

Rodger, J. R., Lilly, J., Honkanen, H. M., Del Villar, D., Kennedy, R., Ó Maoiléidigh, N., ... agus Adams, C. E. (2024). Inshore and offshore marine migration pathways of Atlantic salmon post-smolts from multiple rivers in Scotland, England, Northern Ireland, and Ireland. *Journal of Fish Biology* https://doi.org/10.1111/jfb.15760. **(Iena n-áirítear Barry. J., Roche, W. agus Millane, M.).**

Watson, J.W., Radford, Z., Bannister, H., Bradley, R., Brown, M., Ciotti, B.J., Goodwin, D., Graham, J.A., Nash, R.D.M., **Roche, W.K., Wogerbauer, C.** agus Hyder, K. (2024) Assessing the coherence in biological and environmental drivers of young sea bass abundance across important estuarine nursery areas of the northern European sea bass stock. *Front. Mar. Sci.* 10:1209311. doi: 10.3389/fmars.2023.1209311.



# Gluais

| Téarma | Cur síos |
|---|---|
| **Abhainn bradáin an earraigh** | Abhainn a fhaigheann bradán idir míonna Eanáir agus na Bealtaine. Is iondúil gur mó iad na bradáin sin óir caitheann siad níos mó ná geimhreadh amháin amach san fharraige. |
| **ACET** | Foireann Rannpháirtíochta Pobail Slatiascaireachta |
| **AFBI** | Institiúid Agraibhia agus Bitheolaíochtaí |
| **AFF** | Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha |
| **Alt 14** | Cead chun taighde/iascaireacht/suirbhéireachtaí a dhéanamh taobh amuigh den tréimhse choiscthe iascaireachta: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1959/act/14/section/14/enacted/en/html. |
| **ATS** | An tAonad Tacaíochta Soghluaiste |
| **BFT** | Tuinnín Gorm Atlantach |
| **Blás algach** | An rófhás d'algaí micreascópacha nó baictéir cosúil le halgaí i bhfionnuiscí, sáilí nó in uiscí goirt. |
| **Bláthán** | Bradán atá fillte ar an bhfíoruisce tar éis geimhreadh amháin ar muir. |
| **Brainlín** | Bradán (nó breac) óg tar éis na céime muóige, nuair a thagann dath an airgid air agus a théann ar imirce amach san fharraige den chéad uair. |
| **CA** | Ceantar Abhantraí |
| **CAI** | Ceantar Abhantraí an Iarthair |
| **CAID** | Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt |

| | |
|---|---|
| **CAIT** | Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt |
| **CAO** | Ceantar Abhantraí an Oirthir |
| **CAOD** | Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt |
| **CAP 24** | An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 |
| **CAS** | Ceantar Abhantraí na Sionainne |
| **CCEIID** | An Coimisiún Comhairleach Eorpach um Iascaigh Intíre agus Dobharshaothrú |
| **CCF** | Córas Cóireála Fuíolluisce |
| **CCMRP** | Clár Taighde um Maolú ar Athrú Aeráide |
| **CDC** | Córas Dinimiciúil Ceannaigh |
| **CE** | An Coimisiún Eorpach |
| **CETUS** | Tionscadal maidir le Céiticigh, Ealásmabrainciaigh, Turtair agus Éanlaith Mhara |
| **CFB** | Clár Forbartha Bainistíochta |
| **CFBF** | Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta |
| **CHART Tuinnín** | Clibeáil Gabhála agus Scaoilte Saor Tuinnín |
| **CICP** | Rialú comhtháite ar Thruailliú |
| **CIR** | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca |
| **CITM** | An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara |
| **COBÁC** | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| **Coiste Stiúrtha NIECE** | Coiste Stiúrtha an Líonra don Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil in Éirinn |
| **CREDA** | Ionad Taighde um Gheilleagar agus Forbairt Agraibhia |
| **Dádach** | Bradán a sceitheadh le déanaí agus ar gnách dó a bheith i ndrochriocht. |
| **DAERA** | An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe |
| **DAF** | Ciste na gCuntas Díomhaoin |
| **DATRAS** | Bunachar Sonraí, suirbhéireachtaí ar thrál |
| **DiadES** | Tionscadal le daoine a chur ar an eolas faoi na seirbhísí éiceolaíochta a chuireann speicis den iasc diadromach ar fáil agus leis na seirbhísí sin a mheas. |
| **DCC** | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| **DF** | Iasc Diadromach |
| **DOC** | Carbón Orgánach Tuaslagtha |
| **Dobharshaothrú iasc eite** | Feirmeoireacht éisc le heití (feirmeoireacht éisc) |
| **DPIA** | Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí |
| **DPP** | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí |
| **DST** | Clib Stórála Sonraí |
| **EDMRP** | Clár Taighde um Chothabháil Draenála Comhshaoil |
| **Ealásmabrainciaigh** | Grúpa iasc mara a bhfuil cnámharlaigh loingeáin acu, m.sh. siorcanna, roic agus sciataí. |

| | |
|---|---|
| **Eolaíocht Saoránaigh** | Bailiú sonraí i ndáil leis an domhan nádúrtha ag daoine den phobal, go hiondúil mar chuid de thionscadal comhoibríoch le heolaithe gairmiúla. |
| **EMP** | Clár Monatóireachta Eascann |
| **FBT** | Foras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe |
| **FCA** | An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 |
| **FEAS** | Seirbhísí Comhairleacha maidir le hÉiceachórais Éisc |
| **Fionnóg** | Breac geal a aistríonn chun farraige idir míonna Aibreáin agus an Mheithimh, agus a fhilleann ar an bhfionnuisce chun sceitheadh tar éis imirce an tsamhraidh. |
| **FL** | Feithicil leictreach |
| **Fuaimíocht uisce** | Staidéar agus úsáid fuaime in uisce. Tuairiscítear faoin bhfuaimíocht uisce freisin úsáid na fuaime (sonóir) chun monatóireacht a dhéanamh ar éisc agus ar ghnéithe eile faoi uisce. Is éard atá in eagar glacadóirí fuaimíochta uisce ná sraith stáisiún éisteachta, iad ag éisteacht le haghaidh éisc atá clibeáilte le clib fhuaimiúil (clib tarchurtha fuaime). |
| **Fuaim-Theiliméadracht** | Clibeáil éisc le feistí astaithe fuaime a bhraitheann stáisiúin éisteachta. |
| **Garbhiascaireacht** | Aon iasc fíoruisce seachas an bradán agus an breac. |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **G&S** | 'Gabh agus Scaoil' |

| | |
|---|---|
| **Hidreamoirfeolaíocht abhann** | Tréithe fisiceacha abhann, mar shampla réimeas sreafa, iompar dríodair. Samplaí d'athruithe ar hidreamoirfeolaíocht nádúrtha is ea cainéalú agus coraí de dhéantús an duine. |
| **HLO** | Cuspóir Ardleibhéil |
| **HSA** | an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| **IBEC** | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| **ICCAT** | An Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú |
| **Iascaigh Stáit** | Tá éagsúlacht leathan iascaigh in áiteanna ar fud na hÉireann faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann. Áit a bhfuil iascach, tá ceart iascaireachta ann. Is faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann na cearta iascaireachta do na hiascaigh seo. |
| **IDAACS** | Iarratais Duine ar a C(h)uid Sonraí |
| **IIÉ** | Iascach Intíre Éireann |
| **IMMA** | Áras Nua-Ealaíne na hÉireann |
| | |
| **LAWPRO** | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil |
| **Leictriascaireacht** | Teicníc iascaireachta ina n-úsáidtear leictreachas díreach chun dul i gcion ar ghluaiseachtaí éisc san áit. Snámhann an t-iasc i dtreo an tsrutha, áit ar féidir iad a ghabháil. Úsáideann eolaithe an teicníc seo go forleathan chun suirbhéireacht a dhéanamh ar aibhneacha le fáil amach an t-iasc atá iontu. |

| | |
|---|---|
| **Lochanna Móra an Iarthair** | Is iad seo a leanas na seacht loch arb iad 'lochanna an iarthair'iad: Loch Coirib, Loch Measca, Loch Ceara, Loch Cuilinn, Loch Con, Loch Síleann, Loch Arbhach. |
| **LMFC** | Limistéar Muirí faoi Chosaint |
| **LW** | Bruscarnach móradhmaid |
| **MC** | Measúnacht Chuí |
| **MI** | Foras na Mara |
| **Muóg** | Bradán (nó breac) óg idir céimeanna na gealóige agus an bhrainlín, arna idirdhealú le sceada cruinne dorcha agus iad spásáilte go cothrom feadh a thaoibh. |
| **NASCO** | An Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh |
| **NBMP** | Clár Náisiúnta Maolaithe Bacainní |
| **NIEA** | Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann |
| **NIS** | Is tuarascálacha iad Ráitis Tionchair Natura ina mbíonn scrúdú eolaíoch ar phlean nó ar thionscadal agus ar an láithreán Eorpach cuí/ar na láithreáin Eorpacha chuí. Sna tuarascálacha, déantar aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bplean a shonrú agus a thréithriú i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin/na láithreán. Chomh maith leis sin, istigh sna tuarascálacha bíonn faisnéis eile ag baint le pleananna, léarscáileanna nó líníochtaí, faisnéis nó sonraí eolaíochta chun Measúnacht Chuí a dhéanamh, mar aon le faisnéis de chineálacha eile. |
| **NRSP** | An Clár Taighde Náisiúnta um Gharbhiasc agus Liús |
| **NSIC** | Dobharcheantar Innéacs Náisiúnta Bradán |
| **NSSSCIF** | An Buanchoiste Eolaíochta Thuaidh-Theas um Iasc Intíre |
| **OBT** | Oifig Bainistíochta Tionscadal |
| **OCAG** | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| **OCBÁC** | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| **OCS** | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **OPWCRP** | Tionscadal Athléimneachta Aeráide Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **OTA** | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| **PIT** | Trasfhreagróir Éighníomhach Comhtháite |
| **PV** | Fótavoltach - tiontú díreach an tsolais ina chumhacht leictreach ag baint úsáid as ábhair leathsheoltacha amhail sileacan; a úsáidtear i bpainéil chun leictreachas a ghiniúint don soilsiú, srl. |
| **QUB** | Ollscoil na Banríona, Béal Feirste |
| **Ramsar** | Láithreán bogaigh atá aitheanta mar láithreán a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leis. Glacadh an Coinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce in Ramsar na hIaráine sa bhliain 1971 agus tháinig sé i bhfeidhm i 1975. |

| | |
|---|---|
| **RCAC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **RFC** | Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol |
| **RHAT** | Teicníc chun Hidreamoirfeolaíocht Aibhneacha a mheas |
| **RIB** | Bád Righin Inséidte |
| **RTRÁO** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| **SAC** | Limistéar Caomhantais Speisialta |
| **SARA** | Scanadh, Anailís, Freagairt, Measúnú |
| **SBÁA** | Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh |
| **SDSF** | Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta |
| **SFPA** | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara |
| **SNFS** | Scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (SNFS) |
| **SNIFFER** | Fóram na hAlban agus Thuaisceart Éireann don Taighde Comhshaoil |
| **SPNF** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **SPR** | SPR (Spawning Potential Ratio) - cóimheas sceite féideartha |
| **SS** | Scairdscútar amhail cadhc nó scairdscí. |
| **Stoic éisc** | Na hacmhainní beo i bpobal nó i líon speiceas éisc ar leith atá féinchothaithe. |
| **SSTCF** | Iascaireacht Chósta ar Mionscála |
| **SSTRCPF** | Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal |
| **TCP** | Trealamh cosanta pearsanta, a bhaineann go minic le bearta sábháilteachta COVID-19. |
| **T&F** | Taighde agus forbairt |
| **TRU** | An Treoir Réime maidir le hUisce: reachtaíocht thábhachtach chomhshaoil a bhfuil mar aidhm léi cáilíocht an uisce a fheabhsú. Tugadh éifeacht dlí in Éirinn di le Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2003. |
| **Uiscí trasdultacha** | Uiscí a mbíonn tionchar ag sreafaí taoide agus fionnuisce araon orthu m.sh. inbhir, fiordanna agus murlaigh. |
| **UFIÉ** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **UTC** | Uiscí trasdultacha agus cósta |
| **WISE** | Córas Faisnéise Uisce don Eoraip |
| **0+** | Óga na bliana |
| **1+** | Óga na bliana roimhe. |

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

# Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch
an 31 Nollaig 2024

# Clár na nÁbhar

1. Faisnéis Ghinearálta 104

2. Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 105

2.1 Rialachas 105

2.2 Struchtúr an Bhoird 106

2.3 Liosta Chomhaltaí an Bhoird 106

2.4 Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansai 111

2.5 Príomhathruithe Pearsanra in 2024 111

2.6 Nochtuithe a éilítear de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 111

3. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 113

3.1 Réim Freagrachta 113

3.2 Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach 113

3.3 An Cumas chun Déileáil le Riosca 113

3.4 Creatlach Riosca agus Rialaithe 113

3.5 Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach 114

3.6 Soláthar 114

3.7 Athbhreithniú ar Éifeachtacht 116

3.8 Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach 116

4. Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 119

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe 122

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 123

Ráiteas ar an Staid Airgeadais 124

Ráiteas ar Shreafaí Airgid 125

Beartais Chuntasaíochta 126

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 129

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe Leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# 1. Faisnéis Ghinearálta

## Seoladh

3044 Céide an Locha
Campas Gnó Iarthar na Cathrach
Baile Átha Cliath 24,
D24 CK66

## Banc

**Banc na hÉireann**
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2,
D02 VR66

## Iniúchóir

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Duga Spencer
Baile Átha Cliath 1,
D01 PF72

## Aturnaetha

**George Maloney & Co Aturnaetha**
6 Sráid Fhearnáin
Co. an Chabháin,
H12 V658

**Arthur Cox**
10 Ardán Phort an Iarla
Dublin 2
D02 T380

**Aturnaetha Liam Keane & Partners**
The Old Toll House
Dún Seachlainn
Co. na Mí
A85 DR68

**Patrick J. Durcan & Co. Aturnaetha**
Sráid Shéamais
Cathair na Mart
Co. Mhaigh Eo
F28 KC52

**Aturnaetha MacHale**
Sráid an Phiarsaigh
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo
F26 K7C7

**Aturnaetha V. P. McMullin & Son**
Sráid Dhún na nGall
Bealach Féich
Co. Dhún na nGal
F93 DE63

**D. G. D.G. O'Donovan & Co.**
5ú hUrlár, Rinn na hAbhann
Sráid Mhala Íochtarach
Luimneach,
V94 WC6A

**Aturnaetha Tormeys LLP**
Sráid an Chaisleáin
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 DN60

**Eversheds Sutherland LLP**
1 Ardán Phort an Iarla
Dublin 2
D02 X288

**James Reilly & Sons**
4 Plás Brighton
Cluain Meala
Co. Thiobraid Árann
E91 X9V2

**Byrne Wallace LLP**
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 DK18

**Aturnaetha Coakley Moriarty**
An Bóthar Nua
Neidín, Co. Chiarraí,
V93 N880

**Kevin Quirke & Co.**
72 An Meal Theas
Corcaigh
T12 VX9A

**Fieldfisher Ireland LLP**
45 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4
D04 W2F1

# 2. Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Bunaíodh Bord Iascach Intíre Éireann de réir Alt 6 den Acht um Iascach Intíre, 2010. Leagtar síos feidhmeanna an Bhoird in Alt 7 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus as a áirithiú go ndéantar príomhfheidhmeanna na gníomhaireachta, mar a leagtar amach de réir Alt 7 iad. Déanann an Bord an cúram sin trí chuspóirí straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist gnó. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an lucht ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus oibriú laethúil Iascach Intíre Éireann. Dírítear a n-aird ar sheachadadh na treo straitéisí leithne arna leagan amach ag an mBord, chun a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht aníos. Feidhmíonn an POF i ról idirchaidrimh dhírigh idir an Bord féin agus lucht bainistíochta Iascach Intíre Éireann.

## 2.1 Rialachas

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird in '*an Cód Iompair Gnó do Bhord Iascach Intíre Éireann (IIÉ)*'. Leagtar amach níos mionsonraithe na nithe atá forchoimeádta go sonrach dá gcinneadh ag an mBord in '*Cúrsaí lena gCinneadh ag an mBord*'.

Samplaí de na buanmhíreanna a ndearna an Bord iad a mheas:

- Dearbhú leasanna
- Gníomhú ar son na hAeráide
- Straitéis an Bhoird a Shocrú
- Tuarascálacha ó na coistí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- Tuarascálacha feidhmíochta
- Nithe forchoimeádta, agus
- Riosca

Le **hAlt 46** den Acht um Iascach Intíre, 2010, ceanglaítear ar Bhord Iascach Intíre Éireann gach gnáthchuntas cuí ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, a choinneáil i gcibé foirm a ordóidh an tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC), le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní foláir do Bhord Iascach Intíre Éireann:

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murab iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus
- A shonrú cé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta leormhaithe a choimeád, ina nochtar a staid airgeadais ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar chumas dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais  Alt 46 den Acht um Iascach Intíre 2010. Is é cúram an Bhoird é cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Iascach Intíre Éireann.

Is é an Bord a bhíonn freagrach as an mbuiséad bliantúil agus an plean gnó a fhaomhadh, rud a cuireadh i gcrích do 2024 ag na cruinnithe a bhí acu an 23 Aibreán agus an 27 Feabhra 2024 faoi seach.

Bíonn an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thug an Ceannasaí Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha faoi athbhreithniú buiséadach sna chéad sé mhí den bhliain.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Iascach Intíre Éireann amhail an 31 Nollaig 2024.

## 2.2 Struchtúr an Bhoird

Foráiltear san Acht um Iascach Intíre, 2010 go mbíonn Bord Iascach Intíre Éireann comhdhéanta de 10 gcomhalta, 8 ngnáthchomhalta neamhfheidhmiúcháin, ainmní na foirne agus an POF mar chomhalta feidhmiúcháin ex-officio ag a bhfuil pribhléidí iomlána agus cearta vótála. Is é an tAire a cheapann ainmní na foirne faoi **Alt 13** den Acht um Iascach Intíre 2010. Ceaptar an Cathaoirleach, gnáthchomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird agus ionadaí na foirne go ceann tréimhse tosaigh suas le cúig bliana. Tagann an Bord le chéile líon nach lú ná sé huaire sa bhliain agus bhí 16 gcruinniú boird ann in 2024.

Faoi Alt 18(5) den Acht um Iascach Intíre 2010, cheap an tAire Eamon Ryan TD beirt, an 14 Feabhra 2023, chun feidhmeanna IIÉ a chomhlíonadh go ceann tréimhse suas le 6 mhí, go dtí go n-athbhunófaí Bord IIÉ (baineadh na comhaltaí eile den Bhord ar an dáta céanna faoi Alt 18 den Acht um Iascach Intíre, 2010, ar bhonn 'gan locht'). Cuireadh de chúram ar na daoine ceaptha seo freisin nochtuithe cosanta a fuair an eagraíocht le linn 2022 a chur chun cinn agus tús a chur le hathbhreithniú seachtrach ar rialachas laistigh den IIÉ. Cuireadh síneadh le téarma ceapacháin na gCeapaithe faoi Alt 18 go dtí an 15 Eanáir 2024. Ag deireadh a dtéarma oifige, tugadh conradh do Sheamus Neely agus Tom Barry chun tacú le cur i bhfeidhm mholtaí Athbhreithniú Rialachais EY (Ernst & Young) ar feadh tréimhse 12 mhí. Cuireadh tús leis an gconradh seo an 16 Eanáir 2024 agus cuireadh críoch leis an 15 Eanáir 2025.

De réir Alt 12 (An Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird) agus Alt 13 (Ionadaí na Foirne) den Acht um Iascach Intíre, 2010, cheap an tAire Ryan TD Bord nua a chuaigh i mbun oifige an 16 Eanáir 2024.

## 2.3 Liosta Chomhaltaí an Bhoird

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Ceaptha faoi A.18** | Seamus Neely | 14/02/2023 | 15/01/2024 |
| **Ceaptha faoi A.18** | Tom Barry | 14/02/2023 | 15/01/2024 |
| | | | |
| **Cathaoirleach** | Tom Collins | 16/01/2024 | 15/01/2029 |
| **Ball foirne** | Lorraine O'Donnell | 16/01/2024 | 15/01/2029 |
| **Gnáthchomhalta** | Jackie Maguire | 16/01/2024 | 15/01/2029 |
| **Gnáthchomhalta** | Maria Graham | 16/01/2024 | 15/01/2029 |
| **Gnáthchomhalta** | Jonathan Derham | 16/01/2024 | 15/01/2029 |
| **Gnáthchomhalta** | Aebhín Cawley | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Raymond O'Dwyer | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Karin Dubsky | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Paul Connolly | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Comhalta de bhrí oifige** | Francis O'Donnell[1] | 29/11/2020 | 28/11/2025 |

[1] *Faomhadh dhá théarma oifige 6 mhí ag an mBord do phost an POF ghníomhaigh laistigh den tréimhse tuairiscithe de bharr neamhláithreachta fada an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin (POF), Francis O'Donnell, le linn 2024. Ón 6 Márta go dtí an 5 Meán Fómhair, chomhlíon an Dr Cathal Gallagher (Ceann Taighde agus Forbartha) ról an Leas-Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus ón 6 Meán Fómhair go dtí an 5 Márta 2025, chomhlíon Barry Fox (Ceann Oibríochtaí) an ról sin.*

Bhunaigh Bord Iascach Intíre Éireann na Fochoistí seo a leanas in 2024, de réir Alt 21(1) den Acht um Iascach Intíre, 2010:

- **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (Buanchoiste) (CIR)**
- **An Fochoiste um Acmhainní Daonna (FAD)**
- **An Fochoiste Réadmhaoine (FR)**
- **An Fochoiste TFC (FTFC)** [*Tá an Fochoiste seo ag forbairt a Théarmaí Tagartha faoi láthair*]. De bharr líon beag comhaltaí ar an mBord, agus líon na bhfochoistí agus na ngrúpaí oibre, comhchuimsíodh an fochoiste seo san Fhochoiste Réadmhaoine go luath sa bhliain 2026.

Bunaíodh sraith sainghrúpaí stiúrtha/oibre le comhaltaí ón mBord agus ón bhfoireann araon.

- An Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú Rialachais (GSAR)
- An Grúpa Stiúrtha um Phlean Corparáideach (Straitéis) (GSPC)
- **An Grúpa Oibre um Fhorbairt Pháipéar Seasaimh IIÉ ar an mBradán (GOIPSB)**. Thug an Fochoiste seo a chuid oibre i gcrích in 2025

Bhí dhá struchtúr eile ann le linn na tréimhse tuairiscithe a tugadh ar aghaidh ó 2023:

- **An Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirm Éisc**
- **An Mheitheal um Fheirmeacha Éisc**

# An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an bhFochoiste seo. Ceapadh Comhalta Comhthofa amháin an 28 Márta 2025:

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Jackie Maguire | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Leas-Chathaoirleach** | Maria Graham | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Raymond O'Dwyer | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Jonathan Derham | 16/01/2024 | 15/01/2027 |
| **Comhthofa** | Patrick Kivlehan | 28/03/2025 | 27/03/2028 |

Is é ról Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) IIÉ tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus leis an ráthaíocht ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn CIR go háirithe go ndéantar maoirseacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchóireachta san áireamh. Tá cuireadh seasta ag an POF, ag an gCeann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha, agus ag an Stiúrthóir Airgeadais chuig gach cruinniú. Tuairiscíonn Cathaoirleach an CIR don Bhord, ag cur moltaí an fhochoiste faoina mbráid i ndiaidh gach cruinnithe. Bhí 6 chruinniú den CIR in 2024.

## An Fochoiste um Acmhainní Daonna:

Cúigear comhaltaí Boird atá ar an bhFochoiste seo.

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Jonathan Derham | 26/06/2024 | 25/06/2027 |
| **Leas-Chathaoirleach** | Maria Graham | 26/06/2024 | 25/06/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Paul Connolly | 26/06/2024 | 15/01/2027[1] |
| **Gnáthchomhalta** | Aebhín Cawley | 26/06/2024 | 15/01/2027[1] |
| **Gnáthchomhalta** | Jackie Maguire | 26/06/2024 | 25/06/2027 |

[1] *Tagann deireadh leis an téarma 3 bliana ar an mBord*

Déanfaidh an Fochoiste um Acmhainní Daonna imscrúdú ar aon ghné den bheartas a imríonn tionchar ar fhoireann na heagraíochta, agus moltaí a chur faoi bhráid Bhord IIÉ i dtaca leis na réimsí seo a leanas: beartas AD; maoirseacht agus comhairleacht, agus forbairt foirne. Bhí dhá chruinniú ag an bhFochoiste sin in 2024.

## An Fochoiste Réadmhaoine:

Ceathrar comhaltaí Boird atá ar an gcoiste seo:

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Maria Graham | 26/06/2024 | 25/06/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Lorraine O'Donnell | 26/06/2024 | 25/06/2027 |
| **Gnáthchomhalta** | Karin Dubsky | 26/06/2024 | 15/01/2027[1] |
| **Gnáthchomhalta** | Raymond O'Dwyer | 26/06/2024 | 15/01/2027[1] |

[1] *Tagann deireadh leis an téarma 3 bliana ar an mBord*

Tá sé de chuspóir ag an bhFochoiste Réadmhaoine maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh Phlean bliantúil IIÉ um Bharrfheabhsú Réadmhaoine mar chuid den Phlean Gnó bliantúil i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach. Baineann a sainchúram

le gach sócmhainn sheasta, .i. Talamh agus Foirgnimh, Iascaigh agus Gorlanna, Feithiclí, Báid agus Innill, TFC, Trealamh Allamuigh agus Saotharlainne, agus Daingneáin agus Feisteas. Bhí cruinniú amháin ag an bhfochoiste seo in 2024.

# An Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú Rialachais:

Cúigear comhaltaí Boird, beirt chonraitheoirí agus beirt chomhaltaí den Fheidhmeannas atá ar an nGrúpa Stiúrtha seo.

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Collins | 16/01/2024 | 31/12/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Maria Graham | 16/01/2024 | 31/12/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Jackie Maguire | 16/01/2024 | 31/12/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Paul Connolly | 16/01/2024 | 31/12/2025 |
| **Conraitheoir** | Seamus Neely | 16/01/2024 | 15/01/2025 [1] |
| **Conraitheoir** | Tom Barry | 16/01/2024 | 15/01/2025 [1] |
| **Feidhmeannach** | Francis O'Donnell | 16/01/2024 | 28/11/2025 [2] |
| **Feidhmeannach** | Suzanne Campion | 16/01/2024 | 31/12/2025 |
| **Feidhmeannach** | Emma Fortune | 16/01/2024 | 31/12/2025 |

[1] *Tháinig deireadh leis an gconradh seirbhíse 12 mhí an 15/01/2025*

[2] *Tháinig deireadh leis an gconradh seirbhíse 5 bliana an 28/11/2025*

Is é sainfheidhm an Ghrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú Rialachais ná maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm mholtaí Phlean Gníomhaíochta EY um Athbhreithniú Rialachais.

**Seo a leanas na moltaí ardleibhéil:**

1. Sainmhíniú agus comhaontú soiléir ar shainchúram straitéiseach Iascach Intíre Éireann
2. Athailíniú ar Struchtúir agus ar Chomhaltas an Bhoird & na gCoistí
3. Nuashonrú ar Dhoiciméid Rialachais Tacaíochta agus Soláthar Oiliúna
4. Oiliúint agus Ionduchtú an Bhoird
5. An caidreamh idir an POF agus Cathaoirleach an Bhoird
6. Feidhm agus Éifeachtacht na Foirne Bainistíochta Sinsearaí
7. Feidhm agus Éifeachtacht na Foirne Ceannaireachta Sinsearaí
8. Oibríochtaí agus Seachadadh an Bhoird
9. Dearbhú Neamhspleách
10. Bainistíocht Riosca
11. Measúnú Rialachais

Bhí 11 chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha seo in 2024.

## Grúpa Stiúrtha an Phlean Chorparáidigh:

Cúigear comhaltaí Boird atá ar an nGrúpa Stiúrtha seo.

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Paul Connolly | 31/01/2024 | 30/09/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Jonathan Derham | 31/01/2024 | 30/09/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Raymond O'Dwyer | 31/01/2024 | 30/09/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Lorraine O'Donnell | 31/01/2024 | 30/09/2025 |
| **Gnáthchomhalta** | Aebhín Cawley | 31/01/2024 | 30/09/2025 |

Bhí ceithre chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha seo in 2024.

## Grúpa Stiúrtha Thionscadal na Feirme Éisc:

Bunaíodh an grúpa stiúrtha seo i mí Iúil 2022 chun tacú le IIÉ le saineolas agus comhairle maidir le saoráid nua-aimseartha Feirme Éisc a fhorbairt ag a fheirm éisc reatha i Ros Cré, Co. Thiobraid Árann.

Ba iad seo a leanas comhaltaí **Ghrúpa Stiúrtha Tionscadail na Feirme Éisc** in 2024:

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Feidhmeannach** | Francis O'Donnell | Iúil 2022 | |
| **Feidhmeannach** | An Dr Cathal Gallagher (Ceann Taighde agus Forbartha) | Iúil 2022 | |
| **Feidhmeannach** | Suzanne Campion, Uas | Iúil 2022 | |
| **BIM*** | An tUas. Damien Toner | Iúil 2022 | |

** Bord Iascaigh Mhara*

Ní raibh cruinniú ar bith ag Grúpa Stiúrtha Thionscadal na Feirme Éisc in 2024. Dhíscaoil an Bord an grúpa stiúrtha seo go foirmiúil an 26 Feabhra 2025.

## An Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc:

Bunaíodh an mheitheal seo i Meán Fómhair 2016, tar éis comhchruinniú idir Bord Iascach Intíre Éireann, Cónaidhm Slatiascairí Breac na hÉireann (CSBE / TAFI) agus Cumann Ionadaíochta Náisiúnta na Slatiascairí (CINS / NARA) maidir le háiseanna táirgeachta breac na heagraíochta.

Ba iad seo a leanas comhaltaí **na Meithle Oibre Comhpháirtí um Fheirmeacha Éisc** in 2024:

| Post | Ainm | Ceaptha | Téarma in Éag |
|---|---|---|---|
| **Feidhmeannach** | Francis O'Donnell | 29/11/2020 | 28/11/2025[1] |
| **Feidhmeannach** | An Dr. Cathal Gallagher (Ceann Taighde agus Forbartha) | 29/09/2016 | |
| **Ionadaí TAFI*** | Martin Kinneavy | 29/09/2016 | |
| **Ionadaí TAFI*** | Eamonn Moore | 29/09/2016 | |
| **Ionadaí NARA**** | Michael Callaghan | 29/09/2016 | |
| **Ionadaí NARA**** | Pat Foley | 29/09/2016 | |

** Cónaidhm Slatiascairí Breac na hÉireann*

*** Cumann Ionadaíochta Náisiúnta na Slatiascairí*

*[1] Tagann deireadh leis an gconradh seirbhíse 5 bliana an 28/11/2025*

Bhí cruinniú amháin den Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc in 2024.

## 2.4 Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ar chruinnithe an Bhoird agus na gcoistí do 2024 leagtha amach i Nóta 7 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain 2024. Áirítear leis seo na táillí agus na speansais a fhaigheann gach comhalta: ní bhfuair an comhalta Boird Lorraine O'Donnell táille Boird de réir an phrionsabail Tuarastal Amháin in aghaidh an Duine (TAAD). Chinn Paul Connolly a tháille Boird don bhliain 2024 a tharscaoileadh.

## 2.5 Príomhathruithe Pearsanra in 2024

Ceapadh an tUasal Paula Byrne ina Ceannasaí Eatramhach Acmhainní Daonna i mí Fheabhra 2024, tar éis don ról a bheith folamh ar feadh dhá mhí. Ceapadh sa phost í ar bhonn buan i mí Dheireadh Fómhair 2024, tar éis comórtas oscailte.

## 2.6 Nochtuithe a éilítear de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann IIÉ na riachtanais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016 é. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid.

### Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Bhí 101 sochar ghearrthéarmacha fostaithe ann dar luach os cionn €60,000. Féach Nóta 6 de na Ráitis Airgeadais.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó. Áirítear i gCostais Sainchomhairleoireachta chomh maith teagmhas amháin de shainchomhairleoireacht sheachtrach (€29,028) nach gnáthghnó é. Féach Nóta 5a de na Ráitis Airgeadais.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

| Luach Saothair agus Costais Phá Eile | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Taisteal agus cothú - In Éirinn | | |
| • An Bord | 11,482 | 6,722 |
| • An Fhoireann | 1,020,168 | 865,293 |
| Taisteal agus cothú – Idirnáisiúnta | | |
| • An Bord | Nil | Nil |
| • An Fhoireann | 34,691 | 44,066 |
| | **1,066,341** | **916,081** |

### Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Baineann táillí dlí le cásanna ionchúisimh de réir reachtaíocht iascaigh agus comhairle dhlíthiúil chorparáideach. B'ionann na costais dlí iomlána in 2024 le haghaidh cásanna ionchúisimh agus €376,275. Chuir IIÉ tús le hAthbhreithniú Breithiúnach ar Dheonú Ceadúnais Dobharshaothraithe - ag Ceann Shot, Bá Bheanntraí, Co. Chorcaí; bhí costais dar luach €27,610 ann don phróiseas sin le linn 2024. Ba é €185,487 an costas a bhain le comhairle dlí chorparáideach.

# Caiteachas ar Fháilteachas

| Caiteachas ar Fháilteachas | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas don fhoireann | 3,721 | 10,513 |
| Fáilteachas do chliaint | 105,578* | - |
| | **109,299** | **10,513** |

*Baineann €104,100 den mhéid seo le costais a tabhaíodh chun Cruinniú Cinn Bhliana NASCO (Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh) a óstáil. Chuir NASCO agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) maoiniú ar fáil do IIÉ chun an t-imeacht seo a mhaoiniú.

# Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), arna thabhairt cothrom le dáta, glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Iascach Intíre Éireann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán don tréimhse 2024.

Thar ceann IIÉ

23 Márta 2026

**An tOllamh Tom Collins**
Cathaoirleach

**Dáta**



# 3. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## 3.1 Réim Freagrachta

Thar ceann IIÉ, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá na riachtanais de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) arna thabhairt cothrom le dáta san áireamh leis an bhfreagracht sin.

## 3.2 Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag anAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm ag IIÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## 3.3 An Cumas chun Déileáil le Riosca

Tháinig an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huaire le linn 2024. Seachfhoinsíonn IIÉ a fheidhm iniúchta inmheánaigh, agus tugann an tIniúchóir Inmheánach faoi chlár oibre atá comhaontaithe le CIR agus atá formheasta ag an mBord.

D'fhorbair IIÉ beartas bainistíochta riosca, ina leagtar amach na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Táthar ag súil go n-oibreoidh gach ball foirne sinsearach, agus a bhfoirne, laistigh den bheartas seo, lena chinntiú go gcuirtear rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn in iúl agus go dtugtar aghaidh orthu dá réir, agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## 3.4 Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag IIÉ lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Rinne IIÉ athbhreithniú ar a chreat, a bheartas, a fhonn agus a lamháltas bainistíochta riosca le linn 2024, chomh maith le cláir ábhartha a chruthú agus a thabhairt chun dáta.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí os comhair Iascach Intíre Éireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheastóireacht agus a ghrádú de réir a dtábhachta i gcomparáid leis na príomhrioscaí nuashonraithe a sainaithníodh. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith. Tá sé deimnithe go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar an leibhéal bainistíochta.
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- Tá nósanna imeachta rialaithe curtha chun feidhme maidir le maoiniú deontais d'iarratasóirí. Is leosan a áirithítear go ndéantar formheas leormhaith ar dheontais agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deonaithe chun a chinntiú go bhfuil an cistiú deontais curtha i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe.

## 3.5 Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá gnáthaimh fhoirmiúla curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as iad a réiteach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Tá sé deimnithe go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal dár sannadh freagrach as bainistiú airgeadais, agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe tráthrialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## 3.6 Soláthar

Tá sé deimhnithe go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag IIÉ chun a chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha a chomhlíonadh. Chomhlíon Iascach Intíre Éireann na nósanna imeachta sin leis na heisceachtaí seo a leanas: 9 gcás dar luach €716,539 san iomlán.

Bhain na cásanna seo le neamhchomhlíonadh rialacha soláthair nár tugadh faoi phróiseas foirmiúil tairisceana ina leith. Is é an conradh le haghaidh rialaithe fiailí a chuaigh in éag is mó a chuireann leis an neamhchomhlíonadh. B'éigean do IIÉ leanúint dá chuid caidrimh leis an gcuideachta chun a chinntiú nach rachadh na fiailí as smacht agus nach mbeadh drochthionchar acu ar na gnáthóga. Reáchtáladh próiseas tairisceana in 2024 agus tá conradh i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2024. Ba é €253,745 luach iomlán an neamhchomhlíonta i leith an chonartha seo don 9 mí den bhliain nach raibh conradh ag IIÉ.

Chuathas i dteagmháil leis an mbainisteoir a bhí freagrach as an gceannachán i ngach cás chun é/í a chur ar an eolas faoin neamhchomhlíonadh agus chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cloí leis na rialacha.

Tabhair ar aird gur mhéadaigh an Lucht Bainistíochta, le linn 2025, an leibhéal grinnscrúdaithe ar shonraisc agus ar dhoiciméid tacaíochta soláthair sula ndearnadh íocaíocht, chomh maith leis an leibhéal feasachta maidir leis na tairseacha neamhchomhlíonta. Dá bharr sin, tháinig méadú ar an leibhéal neamhchomhlíonta a braitheadh agus a tuairiscíodh. Anuas air sin, fuarthas tuarascáil iniúchta inmheánaigh maidir le soláthar in 2025, agus tá moltaí á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

Tá próiseas tairisceana le haghaidh Córas Nua Bainistíochta Airgeadais á reáchtáil ag IIÉ faoi láthair. Tá sé i gceist go neartóidh an córas nua seo rialuithe chun comhlíonadh níos fearr a chinntiú, chomh maith le cumais tuairiscithe a fheabhsú laistigh de phróiseas soláthair IIÉ.

Is é seo a leanas an miondealú, gan CBL san áireamh.

## Neamh-chomhlíonadh sa Phróiseas Tairisceana

| Earraí/Seirbhísí a Soláthraíodh | Méid an chaiteachais neamh-chomhlíontaigh gan CBL € | Trácht |
|---|---|---|
| Srianadh Fiailí | 253,745 | Conradh in éag cuid den bhliain. Chun a chinntiú nach rachadh fiailí as smacht agus nach mbeadh drochthionchar acu ar ghnáthóga, ní raibh an dara rogha ann ach leanúint ar aghaidh leis an gcomhlacht. Reáchtáladh próiseas tairisceana agus bronnadh conradh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá sé seo i gcomhréir anois. |
| Seirbhísí Fóin Póca | 145,371 | Ní raibh aon chonradh i bhfeidhm ná ní raibh aon ghlao ar thairiscintí déanta. Á réiteach faoi láthair. |
| Seirbhísí TF ar Fochonradh | 126,016 | Conradh in éag leis an soláthraí reatha. Níl sé i gceist ag IIÉ a bheith ag plé leis an soláthraí seo a thuilleadh i ndiaidh lár 2026. |
| Seirbhísí Dlí | 58,537 | Reáchtáladh glao ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí dlí. Bíodh sin mar atá, fostaíodh an comhlacht seo le haghaidh comhairle dlí lasmuigh den phróiseas tairisceana sin. Níl sé i gceist ag IIÉ a bheith ag plé leis an gcomhlacht seo tar éis R1 2026. |
| Trealamh Closamhairc | 55,477 | Lorgaíodh roinnt meastachán, ach bhí an luach carnach ní ba mhó ná €50k. Ba cheart glao ar thairiscintí a dhéanamh sa chás sin. Tá creat i bhfeidhm anois. |
| Gníomhairí Earcaíochta | 40,650 | 3 sholáthraí san iomlán. Níor cuireadh próiseas foirmiúil um ghlao ar thairiscintí i gcrích. Déanfar próiseas foirmiúil um ghlao ar thairiscintí a phleanáil má aithnítear go bhfuil gá leanúnach leis an tseirbhís seo. |
| Nascacht líne seasta/Idirlín idir bhunáiteanna | 36,743 | Ní raibh aon chonradh i bhfeidhm ná ní raibh aon ghlao ar thairiscintí déanta. Á réiteach faoi láthair. |
| | **716,539** | |

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

## 3.7 Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá sé deimhnithe go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Iascach Intíre Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú Iascach Intíre Éireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais a threorú le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de IIÉ atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Tá sé deimhnithe go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2024 an 28 Márta 2025.

## 3.8 Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

### Athbhreithniú Rialachais ar IIÉ

Tá na moltaí a rinneadh in athbhreithniú EY curtha i bhfeidhm ag IIÉ. Faomhadh Ráiteas Straitéise IIÉ 2026 go 2030 ag an Aire agus leagadh é faoi bhráid an Oireachtais i mí na Nollag 2025. Tá an Straitéis le fáil ar láithreán gréasáin IIÉ. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

### Lóiste agus Iostáin Eas Liath

Nochtadh an t-ábhar seo in SIC 2021, 2022 agus 2023. Tá an próiseas chun an fólio ag Lóiste Eas Liath a roinnt curtha i gcrích anois, agus tá socruithe á ndéanamh chun na teachíní a dhíol i gcomhréir leis na prótacail agus an faomhadh cuí. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

### Feithiclí gan Árachas

Nochtadh in SIC 2021, 2022 agus 2023 go raibh 15 fheithicil gan árachas ag IIÉ ina fhlít le linn 2021. Is é €204,945 iomlán na gcostas a thabhaigh IIÉ i ndáil leis an eachtra seo amhail mí Eanáir 2026, gan costais deisiúcháin feithiclí san áireamh. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

### Feidhm chosanta IIÉ

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ag féachaint do chomhairle dlí a fuarthas maidir le saincheist theicniúil a bhain le húdarú chun ionchúiseamh a dhéanamh, moladh go dtarraingeofaí siar 61 cás ionchúisimh a thionscain IIÉ. Tabhaíodh costais dlí de €276,511. Tá IIÉ ag fanacht ar rialú ón gcúirt maidir le costais do 3 cheantar abhantraí i 5 chás eile. Nochtadh an t-ábhar seo in SIC 2022 agus in SIC 2023.

### Clár Taighde Bradán 3ú Páirtí

Tar éis Nochtadh Cosanta a fháil in 2023, rinne IIÉ fiosrú ar ábhar a bhain le Clár Taighde Bradán a bhí á reáchtáil ag Gníomhaireacht Stáit eile.

Bunaíodh an Clár in 1979 agus bhí sé i bhfeidhm ó 1980 go dtí 2023. Bhain an Clár le brainlíní (bradáin óga) a chlibeáil sula scaoilfí chun farraige iad, ar an tuiscint go bhfillfeadh céatadán áirithe acu agus iad fásta. Ar fhilleadh dóibh, d'fhéadfaí na clibeanna a bhaint ó na bradáin fhásta agus bhí táille aimsitheora iníoctha le haon duine a d'aimsigh clib agus a sheol ar ais chuig an nGníomhaireacht Stáit í. Bhí sé seo oscailte don phobal i gcoitinne. Le linn do IIÉ a chuid dualgas a chomhlíonadh, bhíodh bradáin fhásta á ngabháil go rialta ina gcuid saoráidí, rud a d'fhág go raibh an fhoireann in ann cabhrú leis na clibeanna a chur ar ais.

Ní raibh aon chomhaontú i bhfeidhm ag IIÉ leis an nGníomhaireacht Stáit maidir le feidhmiú an Chláir, ná ní raibh aon nós imeachta airgeadais nó caighdeán oibriúcháin laistigh de IIÉ a bhain leis an gClár seo.

De réir na dtaifead a chuir an Ghníomhaireacht Stáit ar fáil, tuigtear go raibh cistí á bhfáil ag

IIÉ as clibeanna a chur ar ais suas go dtí an bhliain 2014, an bhliain sin san áireamh. D'eisigh IIÉ admhálacha ar luach €13,470.95 i leith an chláir. Fuarthas €40 breise chomh maith i bhfoirm seiceanna nár briseadh agus a bhí as dáta.

Dheimhnigh IIÉ gur bhailigh baill foirne áirithe clibeanna ó shaoráidí IIÉ agus ó shlatiascairí, agus gur chuir siad na clibeanna sin ar ais chuig an nGníomhaireacht Stáit thar a gceann féin agus thar ceann na slatiascairí. Íocadh na cistí seo go díreach leis na baill foirne mar dhaoine aonair. D'aisíoc an fhoireann na slatiascairí. Níorbh fhéidir le IIÉ an miondealú idir íocaíochtaí slatiascairí agus íocaíochtaí clibe eile a shoiléiriú. Chuir baill foirne in iúl nár choinnigh siad na híocaíochtaí seo dóibh féin.

Le linn an imscrúdaithe, rinneadh scrúdú ar an bhfaisnéis a sholáthair an Ghníomhaireacht Stáit i ndáil le híocaíochtaí a d'íoc sí le daoine aonair agus le cuntais phríobháideacha idir na blianta 2010 agus 2023. Ní raibh aon taifead ag IIÉ ar na híocaíochtaí sin, ní raibh aon bhaint acu leis na cuntais bhainc i gceist, agus ní fios dóibh cé leis iad. Dhiúltaigh an Ghníomhaireacht Stáit tuilleadh faisnéise a sholáthar do IIÉ ar chúiseanna RGCS. Is é €28,254 méid na gcistí atá i gceist don tréimhse 14 bliana sin.

Chuir an Ghníomhaireacht Stáit deireadh leis an gClár in 2024.

Fuarthas amach san imscrúdú go raibh bunús le mionsonraí an nochta chosanta, sa mhéid is go raibh baill foirne IIÉ ag fáil íocaíochtaí as clibeanna a chur ar ais. Mar sin féin, de bharr nach raibh aon chomhaontú i bhfeidhm idir IIÉ agus an Ghníomhaireacht Stáit, nach raibh aon phróiseas nó nós imeachta inmheánach ag an eagraíocht maidir le feidhmiú an Chláir, agus i bhfianaise easpa fianaise thacaíochta, níor chinn IIÉ nach raibh sé ceadaithe d'fhostaí táille a bhailiú as clibeanna a gnóthaíodh nó go raibh aon éagóir déanta ag na baill foirne a bhí i gceist.

Tá IIÉ tar éis a nósanna imeachta airgeadais agus a chód iompair a threisiú leis an bhfoireann.

Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe agus nach gá aon ghníomh eile a ghlacadh.

## Bainistíocht Taifead

Rinneadh athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar bhainistíocht taifead in 2023 agus 2024. Ghlac an Bord leis an dTuarascáil Iniúchta Inmheánaigh maidir le Bainistíocht Taifead. Tá a gcuid oibre curtha i gcrích ag cuideachta Bainistíochta Taifead atá ag obair le IIÉ. Is próiseas leanúnach é bainistíocht taifead a bhainfidh tairbhe as na beartais, an nós imeachta agus an creat rialachais a forbraíodh mar chuid den phróiseas seo. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Imscaradh chabhlach na mBád Righin Inséidte

Nochtadh an t-ábhar seo in SIC 2021, 2022 agus 2023. Cuireadh tús le hiniúchadh inmheánach ar an bhflít bád inséidte righin (RIB) sa bhliain 2023, a chlúdaigh an tréimhse ón 1/1/2019 go dtí an 31/10/2022, agus ghlac an Bord leis an tuarascáil an 28 Márta 2025. Bhain an t-athbhreithniú le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht dearaidh agus oibriúcháin na mbeartas, na bpróiseas agus na rialuithe laistigh de IIÉ i ndáil leis na RIBanna a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí cosanta, agus scrúdaíodh sláinte agus sábháilteacht chomh maith le bainistíocht flít sa mheasúnú sin. Léiríodh sa tuarascáil go bhfuil roinnt easnamh sa chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe nach mór don bhainistíocht dul i ngleic leo. Rinneadh ábhar amháin a aicmiú mar cheist ardriosca: úsáid RIBanna i ndáil le spriocanna patróil nár baineadh amach.

Cuireadh gach moladh ón tuarascáil seo i bhfeidhm. Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Flít Feithiclí

Rinneadh iniúchadh inmheánach ar an bhflít feithiclí in 2023 agus 2024. Rinneadh measúnú san iniúchadh ar éifeachtacht dearaidh agus oibriúcháin na mbeartas, na nósanna imeachta, na bpróiseas agus na rialuithe laistigh de IIÉ i ndáil leis an gcabhlach feithiclí, agus áiríodh ann athbhreithniú ar an gceist árachais roimhe seo. Léiríodh sa tuarascáil go bhfuil roinnt laigí sa chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe nach mór don bhainistíocht dul i ngleic leo. Ghlac an Bord leis an tuarascáil ag cruinniú mhí an Mheithimh 2025, agus tá na moltaí á gcur i bhfeidhm agus á rianú.

Ar na hábhair a aicmíodh mar chinn ardriosca, bhí Straitéis Uileghabhálach IIÉ maidir le bainistíocht Flít, árachas, monatóireacht agus

ceadúnais tiomána na mball foirne. Tá Straitéis IIÉ maidir le Flít ag dul tríd an bpróiseas faofa faoi láthair. Tá iarratas curtha isteach ag IIÉ le bheith cumhdaithe faoin Scéim Slánaíochta Stáit. Leanann monatóireacht leanúnach ar aghaidh.

Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Soláthar

Rinneadh iniúchadh inmheánach soláthair in 2024 i ndáil leis an bpróiseas oibríochta le linn na tréimhse ón 1/4/2024 go dtí an 31/12/2024. Rinneadh athbhreithniú ann ar na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe a bhí i bhfeidhm, ar a n-éifeachtacht agus ar chomhlíonadh na gceanglas seachtrach ábhartha. Léiríodh sa tuarascáil go bhfuil roinnt laigí sa chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe nach mór don bhainistíocht dul i ngleic leo. Ghlac an Bord leis an tuarascáil ag cruinniú mhí an Mheithimh 2025, agus tá na moltaí á gcur i bhfeidhm. Tá na moltaí atá fós gan réiteach ar an mbóthar ceart, agus dátaí críochnaithe beartaithe i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2026.

Ar na hábhair a aicmíodh mar chinn ardriosca, bhí spleáchas ar dhíolúintí soláthair, caiteachas neamhchomhlíontach/neamhiomaíoch, socruithe conarthacha, bainistíocht conarthaí/feidhmíochta agus soláthar foinse aonair.

Tá IIÉ sásta go bhfuil an cheist seo réitithe.

## Imscrúdú an Gharda Síochána

Rinne an POF tuairisc ar chalaois líomhnaithe a chur faoi bhráid an Gharda Síochána. Tugadh le fios do IIÉ gur bheartaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan dul ar aghaidh le cás. Nochtadh an t-ábhar seo in SIC 2022 agus in SIC 2023.

Leanann IIÉ de bheith ag ardú feasachta ar chalaois trí na seónna bóthair oiliúna foirne a reáchtáladh le déanaí, agus tá oiliúint shonrach do bhaill foirne á cur san áireamh ina chláir anois. Tá a bheartas frithchalaoise nuashonraithe ag IIÉ.  Tá imscrúdú an Gharda Síochána dúnta.

## Nochtuithe Cosanta

Foilsíonn IIÉ a thuarascáil ar Nochtuithe Cosanta ar a láithreán gréasáin gach bliain, áit a bhfuil mionsonraí fúthu le fáil.

Tá IIÉ faoi réir oibleagáidí sonracha faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le rúnmhaireacht, cosaint daoine a dhéanann tuairisciú, agus srianta ar nochtadh faisnéise a eascraíonn as nochtuithe cosanta. Cuireann na hoibleagáidí reachtúla seo teorainn leis an méid a fhéadfar nithe nó faisnéis áirithe a nochtadh.

Tuigtear do IIÉ go bhfuil próiseáil 22 nochtadh cosanta a cuireadh faoina bhráid i ndáil le IIÉ ó 2022 i leith curtha i gcrích ag RAFC. Tá ceithre cinn le tabhairt chun críche fós. Tá seacht n-imscrúdú, arna ndéanamh ag imscrúdaitheoirí seachtracha neamhspleácha ar nochtaí cosanta i ndáil le IIÉ, tionscnaithe ag RAFC idir 2022 agus 2025. Tá sé thuarascáil imscrúdaithe curtha i gcrích agus ceann amháin eile idir lámha fós. I gcás inar seasadh le líomhaintí nó inar aistríodh ábhair chuig IIÉ le haghaidh obair leantach, tá IIÉ ag tabhairt aghaidh ar na hábhair réamhráite sin.

Tuigtear do IIÉ go bhfuil tuarascáil imscrúdaithe a bhaineann le feithiclí gan árachas curtha ar aghaidh ag RAFC chuig an nGarda Síochána lena himscrúdú. Tá IIÉ ag cur i gcoinne thorthaí na tuarascála seo de chuid RAFC. Ní heol do IIÉ cad é stádas reatha imscrúdú an Gharda Síochána.

Thar ceann IIÉ



**An tOllamh Tom Collins**
Cathaoirleach

23 Márta 2026

**Dáta**

# 4. Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais – Iascach Intíre Éireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a éilítear de réir fhorálacha Alt 46 den Acht um Iascach Intíre, 2010. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Iascach Intíre Éireann amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Iascach Intíre Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Iascach Intíre Éireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuairisc na gComhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

## *Íocaíochtaí leis an iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Nochtar i Nóta 6f leis na ráitis airgeadais íocaíochtaí tuarastail arbh fhiú €155,000 iad a rinneadh in 2024 leis an iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, a bhí ar saoire ó Mhárta 2024 go dtí gur scoireadh dá fhostaíocht ar an 4 Meitheamh 2025. Rinneadh íocaíochtaí tuarastail arbh fhiú €77,000 iad san iomlán i leith na tréimhse Eanáir 2025 go Meitheamh 2025. Ina theannta sin, fuair an t-iar-Phríomhfheidhmeannach íocaíochtaí arbh fhiú €145,000 iad in ionad an chuid eile dá chonradh (go dtí Samhain 2025) agus as saoire charntha nár glacadh.

Tá cás i gcoinne Iascach Intíre Éireann a thug an t-iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre fós ag leanúint ar aghaidh.

## *Easpa rialaithe ar fháltais i leith clár taighde rianaithe bradán*

Bhí scéim luacha saothair á reáchtáil ag Foras na Mara ar feadh na mblianta. Bhí sé oscailte don phobal agus thug sé luach saothair dóibh siúd a chuir clibeanna ar ais faoi chlár taighde rianaithe bradán. Tháinig deireadh leis an scéim luaíochta in 2024.

Nochtar sa ráiteas maidir le rialú inmheánach gur ghlac baill foirne áirithe de chuid Iascach Intíre Éireann páirt sa scéim i roinnt áiteanna agus gur íoc Foras na Mara luach saothair €41,500 san iomlán as an rannpháirtíocht sin.

Rinneadh íocaíochtaí luacha saothair a fuarthas sa tréimhse 2010 go 2014, arbh fhiú €13,500 iad, a thaisceadh i gcuntais bhainc a bhí faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann agus aithníodh iad mar ioncam sna ráitis airgeadais don tréimhse seo. Ó 2010 go 2023, rinneadh íocaíochtaí breise luacha saothair arbh fhiú €28,000 iad le baill foirne aonair agus isteach i gcuntais bhainc nach raibh faoi úinéireacht Iascach Intíre Éireann.

Nochtar sa ráiteas maidir le rialú inmheánach, ag eascairt as nochtadh cosanta, gur imscrúdaigh Iascach Intíre Éireann an t-ábhar seo agus go bhfuil na nósanna imeachta airgeadais agus an cód iompraíochta curtha ar a súile don fhoireann arís eile.

## *Feithiclí gan árachas*

Nochtar sa ráiteas maidir le rialú inmheánach go bhfuil costais €205,000 tabhaithe ag Iascach Intíre Éireann go dtí seo i leith imbhualadh a tharla in 2021 a raibh baint aige le ceann de na 15 fheithicil ina chabhlach a bhí gan árachas ar feadh tréimhse mar gheall ar dhearmad riaracháin. Tá cás a bhaineann leis an ábhar seo ar siúl sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

## *Soláthar neamhchomhlíontach*

Nochtar sa ráiteas maidir le rialú inmheánach go raibh leibhéal ábhartha soláthair neamhchomhlíontaigh ann in 2024, arbh fhiú €717,000 é.

Níor aithníodh líon suntasach de na conarthaí soláthair neamhchomhlíontacha mar gheall ar an gcaoi a raibh clár na gconarthaí ag feidhmiú. Tá sé ráite ag Iascach Intíre Éireann gur tugadh isteach próisis nua in 2025 chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar agus go bhfuil an próiseas chun córas bainistíochta airgeadais nua a sholáthar, lena n-áirítear córas bainistíochta conarthaí, ar bun.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**24 Márta 2026**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc na gComhaltaí Boird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 46 den Acht um Iascach Intíre, 2010
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach agus cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- a mheas cé acu atá nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinnfidh siad is gá ionas go bhféadfaí ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear ormsa faoi Alt 46 den Acht um Iascach Intíre 2010 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míráitis teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíráiteas ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíráiteas mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim de thátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur ar chumas Iascach Intíre Éireann leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtaí imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca a bheith ann amach anseo, áfach, a d'fhágfadh nach mbeadh Iascach Intíre Éireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram an rialachais orthu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míráite go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míráite go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# IASCACH INTÍRE ÉIREANN

## Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncam coinnithe don 12 Mhí dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | €000's | 2024 €000's | €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| **Maoiniú Stáit agus Aontais Eorpaigh** | | | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 2 | 33,417 | | 33,429 | |
| Lúide ranníocaíochtaí Scéime Pinsin Aonair arna n-íoc | 14a | (338) | | (278) | |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin | 14c | 4,336 | 37,415 | 4,156 | 37,307 |
| **Ioncam eile** | | | | | |
| Eile | 3 | | 5,305 | | 3,180 |
| | | | **42,720** | | **40,487** |
| **Ioncam Iomlán** | | | | | |
| **agus Caiteachas** | | | | | |
| Riarachán | 4 | | 7,780 | | 6,832 |
| Oibríochtaí | 5 | | 34,096 | | 34,398 |
| | | | 41,876 | | 41,230 |
| | | | | | |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe** | | | 844 | | (743) |
| | | | | | |
| **Aistriú ón / (chuig) an gCuntas Caipitil** | 12 | | (318) | | 544 |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe** | | | **526** | | **(199)** |
| | | | | | |
| **Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh an 01 Eanáir** | | | 5,246 | | 5,445 |
| **Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh amhail ar an 31 Nollaig** | | | **5,772** | | **5,246** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

| | | | |
|---|---|---|---|
| 23/03/2026 | | 23/03/2026 | |
| **Ainm** | **Dáta** | **Ainm** | **Dáta** |
| Post | | Post | |

# IASCACH INTÍRE ÉIREANN

## Ráiteas ar ioncam cuimsitheach don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | Notes | 2024<br>€000's | 2023<br>€000's |
|---|---|---|---|
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe** | | 526 | (199) |
| | | | |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | | 759 | (4,333) |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | | 6,381 | 27 |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain | **14b** | 7,140 | (4,306) |
| | | | |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir | | (7,140) | 4,306 |
| | | | |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán Eile don bhliain** | | **526** | **(199)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

| | | | |
|---|---|---|---|
| [signature] | 23/03/2026 | [signature] | 23/03/2026 |
| **Ainm**<br>Post | **Dáta** | **Ainm**<br>Post | **Dáta** |

# IASCACH INTÍRE ÉIREANN

## Réiteas ar an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nótaí | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | 21,874 | 21,556 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardal | 16 | 1,524 | 1,601 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 17 | 10,472 | 9,608 |
| Infháltais | 10 | 828 | 1,266 |
| | | **12,824** | **12,475** |
| **Dliteanais reatha (suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 11 | 7,052 | 7,229 |
| | | **7,052** | **7,229** |
| **GLANSÓCMHAINNÍ/(GLANDLITEANAIS) REATHA** | | 5,772 | 5,246 |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN** | | 27,646 | 26,802 |
| | | | |
| Sócmhainn maoinithe sochar scoir iarchurtha | 14c | 129,051 | 131,855 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 14b | (129,051) | (131,855) |
| | | - | - |
| **IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | 27,646 | 26,802 |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ/(GLANDLITEANAIS)** | | 27,646 | 26,802 |
| | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cuntas caipitil | 12 | 21,874 | 21,556 |
| Barrachas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 5,772 | 5,246 |
| | | **27,646** | **26,802** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

| | | | |
|---|---|---|---|
| [signature] | 23/03/2026 | [signature] | 23/03/2026 |
| **Ainm** | **Dáta** | **Ainm** | **Dáta** |
| Post | | Post | |

# IASCACH INTÍRE ÉIREANN

## Ráiteas ar shreafaí ar airgid don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2024

| | 2024<br>€000's | 2023<br>€000's |
|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Caiteachais thar Ioncam | 844 | (743) |
| Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta | 2,625 | 2,679 |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | 438 | 892 |
| Méadú/(Laghdú) i Suimeanna iníoctha | (177) | 680 |
| (Brabús) / Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (386) | (299) |
| Glan-ús / Táillí Bainc | 26 | 25 |
| (Méadú)/Laghdú ar Fhardal | 76 | 97 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **3,446** | **3,331** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (2,953) | (2,151) |
| Fáltais ó dhiúscairtí Réadmhaoine, Gléasra & Trealaimh | 397 | 315 |
| **Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(2,556)** | **(1,836)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Glan-ús / Táillí Bainc | (26) | (25) |
| **Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(26)** | **(25)** |
| **Glanmhéadú / (Laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | **864** | **1,470** |
| **Réiteach ar Ghlan-insreabhadh/(Ghlan-eis-sreabhadh) Airgid Thirim le gluaiseacht i nglanchistí** | | |
| Méadú / (Laghdú) in airgead tirim | 864 | 1,470 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | 9,608 | 8,138 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | **10,472** | **9,608** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1 go 21 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Iascach Intíre Éireann

| | | | |
|---|---|---|---|
| [signature] | 23/03/2026 | [signature] | 23/03/2026 |
| **Ainm** | **Dáta** | **Ainm** | **Dáta** |
| Post | | Post | |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag Iascach Intíre Éireann. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Iascach Intíre Éireann faoin Acht Iascaigh 2010 lena cheann oifig ag 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24, D24 CK66.

Is iad príomhchuspóirí Iascach Intíre Éireann acmhainn iascaigh intíre na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú.

Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) atá in Iascach Intíre Éireann.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

### c) Bonn a nUllmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoin Acht um Iascach Intíre 2010. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag plé le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais Iascach Intíre Éireann.

### d) Ioncam

#### Deontais ón Oireachtas

Tugtar cuntas ar ioncam ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

Tugtar cuntas ar gach ioncam eile a fhaightear ar bhonn fabhraithe.

#### Aisíocaíochtaí deontas a íocadh

Tagann deontais a íocadh chun bheith in-aisíoctha i gcúinsí áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta is faighteoir, nó mura gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh Iascach Intíre Éireann an t-airgead agus is féidir an méid a mheas go hiontaofa; dá bhrí sin tugtar cuntas orthu ar bhonn fabhraithe.

#### Ioncam ó ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhraithe ag úsáid mhodh an ráta éifeachtúil úis.

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe seachas ciste Caomhnaithe, fíneálacha & forghéilleadh, díol foilseachán agus táillí iarratais na Saorála Faisnéise a thuairiscítear ar bhonn airgid a fhaightear.

## e) Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

## f) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar don laige. Déantar dímheas maidir le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ar rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta,de réir méid chothroim, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Foirgnimh agus Gorlanna | 2% |
| (ii) | Mótarfheithiclí | 20% |
| (iii) | Trealamh Allamuigh | 25% |
| (iv) | Trealamh Saotharlainne | 33⅓% |
| (v) | Báid | 10% |
| (vi) | Leantóirí | 10% |
| (vii) | Innill | 20% |
| (viii) | Troscán agus Trealamh Oifige | 20% |
| (ix) | Ríomhairí | 33⅓% |

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

## g) Fardal

Is éard atá san fhardal earraí lena n-athdhíol, agus aithnítear é sna ráitis airgeadais ag an gceann is ísle de Chostas agus Glanluach Inréadaithe (NRV). Ríomhtar an costas ar bhonn is túisce isteach is túisce amach (FIFO) agus áirítear leis na costais cheannaigh go léir. Is é NRV an praghas díola (iarbhír nó measta) lúide na costais chríochnaithe riachtanacha go léir. Ríomhtar stoc san fheirm éisc le ráta mortlaíochta gafa de 60%.

## h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Soláthar sonrach is ea an soláthar d'fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Iascach Intíre Éireann in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta measta boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## j) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Bhunaigh Iascach Intíre Éireann a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, arna maoiniú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead a chuireann an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail choinnithe na mball foirne. Oibríonn Iascach Intíre Éireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí ('An Scéim Aonair') freisin. Is scéim sochair shainithe í sin do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Léirítear le costais pinsin na sochair phinsean atá tuilte ag fostaithe, agus taispeántar glan ó ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne iad. Aithnítear aon suim a bhaineann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe go ndéantar é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí pinsin a íoc.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Iascaigh Intíre Éireann agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

## k) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh don laige nuair a léirítear le teagmhais nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhonn laige a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing laige lena fhéachaint an féidir an laige a chur ar ceal.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag bainisteoirí ar shaolré sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

### Soláthairtí

Déanann Iascach Intíre Éireann soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol di a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin de ghnáth bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is ábhartha. Mar sin féin is meastacháin iad ar na costais airgeadais i gcás teagmhais nach bhféadfadh tarlú go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de bharr an leibhéil éiginnteachta a ghabhann leis na torthaí deiridh, féadfaidh an toradh iarbhír a bheith an-difriúil ón meastachán.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá mar bhunús na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, méadaithe sna rátaí maidir le leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus treochtaí sna rátaí i leith costas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn tuisceana sin:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo

## 2. Deontais ón Oireachtas

Is éard atá i gceist leis na Deontais ón Oireachtas a vótáladh chuig Iascach Intíre Éireann (IIÉ) ó Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus Comhshaol, Fo-Cheann C5 Iascach Intíre mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

| | **2024 €000's** | **2023 €000's** |
|---|---|---|
| **Iascach Intíre Éireann** | | |
| Deontas Caiteachais Reatha | 30,623 | 30,698 |
| Deontas Caiteachais Reatha - Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta | 8 | 155 |
| Deontas Caiteachais Chaipitiúil | 2,786 | 2,576 |
| | **33,417** | **33,429** |

## 3. Ioncam Eile

| | | **2024 €000's** | **2023 €000's** |
|---|---|---|---|
| Obair ar conradh - Ginearálta | | 1,048 | 798 |
| Obair ar conradh - An Clár Maolaithe Bacainní | | 967 | 0 |
| Ioncam Feirme Éisc | | 332 | 337 |
| Ioncam ó Cheadanna | | 663 | 613 |
| **Ioncam ó Cheadúnais** | | | |
| Slat | 508 | | |
| Iascach tráchtála | 35 | | |
| Cuid X Ceannaithe | 33 | | |
| Iascaigh Stáit | 69 | 645 | 684 |
| Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF) | | 730 | 108 |
| Fíneálacha & Forghéilleadh (a) | | 177 | 94 |
| Rátaí Iascaigh | | 231 | 226 |
| Brabús (Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | 386 | 299 |
| Ciste Áineasa Tuaithe | | 77 | 0 |
| Ilghnéitheach | | 49 | 21 |
| | | **5,305** | **3,180** |

(a) Le linn 2024, íocadh €47,103 san iomlán ón Vóta Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil faoi Alt 315(3) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959. Tá siad sin san áireamh i bhFíneálacha agus Forghéilleadh (2023: € 34,018).

Gnáthóga

Éisc

Páirtithe leasmhara

Inbhuanaitheacht

Ár bhFoireann

Corparáideach An lucht bainistíochta

Nuáil

Ráitis Airgeadais

# 4. Riarachán

| | Nótaí | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|---|
| Costais foirne agus Táillí na gComhaltaí Boird | **6** | 5,258 | 4,697 |
| Speansais oifige | **8e** | 270 | 319 |
| Muirir Bhainc | | 26 | 25 |
| Fógraíocht & faisnéis phoiblí | | 58 | 82 |
| Poiblíocht & cur chun cinn | | 180 | 82 |
| Táillí gairmiúla | | 437 | 369 |
| Táille iniúchóireachta | | 53 | 48 |
| Speansais an Bhoird | | 12 | 7 |
| Táillí Dlí | | 190 | 151 |
| Árachas | | 70 | 61 |
| Dímheas | **9** | 742 | 477 |
| Caiteachas Ríomhaireachta | **8d** | 350 | 335 |
| Ilghnéitheach | **8b** | 102 | 116 |
| Soláthar do dhrochfhiacha | **8b** | 32 | 63 |
| | | **7,780** | **6,832** |

# 5. Oibríochtaí

| | Nótaí | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|---|
| Costais foirne | **6** | 25,435 | 24,620 |
| Speansais oifige | **8e** | 968 | 975 |
| Sábháilteacht | | 334 | 468 |
| Oiliúint | | 320 | 270 |
| Táillí Dlí | | 400 | 767 |
| Táillí gairmiúla | | 502 | 621 |
| Deisiúcháin & cothabháil | **8e** | 69 | 69 |
| Soláthairtí allamuigh | | 334 | 316 |
| Oibreacha Forbartha | **8c** | 723 | 732 |
| Soláthairtí Forbartha | **8c** | 409 | 579 |
| Reáchtáil & cothabháil feithiclí & bád | **8a** | 1,331 | 1,480 |
| Speansais saotharlainne | | 45 | 37 |
| Ceannach éisc & bia éisc | | 178 | 189 |
| Árachas | | 371 | 363 |
| Dímheas | **9** | 1,883 | 2,202 |
| Ilghnéitheach | **8b** | 360 | 377 |
| Caiteachas Ríomhaireachta | **8d** | 387 | 280 |
| Coimisiún ceadúnas agus ceadanna | | 47 | 53 |
| | | **34,096** | **34,398** |
| | | | |
| **Iomlán an chaiteachais** | | **41,876** | **41,230** |

# 5a. Costais Chomhairleachta - Mionsonraí

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Feabhsú gnó | 113 | 128 |
| Airgeadas | 218 | 105 |
| AD/Pinsean | 82 | 121 |
| Táillí Dlí | 589 | 918 |
| Innealtóirí Comhairleachta | 50 | 159 |
| Suirbhé ar Eascanna | 18 | 26 |
| Comhairleacht Chomhshaoil | 271 | 262 |
| Seirbhísí Leighis | 27 | 23 |
| Seirbhísí Tréidliachta | 25 | 24 |
| Caipiteal Eile | 104 | 97 |
| Caidreamh poiblí / Margaíocht | 53 | 76 |
| Réadmhaoin/Pleanáil | 58 | 47 |
| **Iomlán** | **1,608** | **1,986** |

# 6. Luach Saothair agus Costais Eile Phá

## 6a.

| | Notes | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|---|
| Tuarastail & pá * | | 22,195 | 20,982 |
| Táillí na gComhaltaí Boird | 7 | 130 | 72 |
| Taisteal agus Cothú Comhaltaí Boird | 7 | 11 | 7 |
| Taisteal agus cothú - In Éirinn | | 1,020 | 865 |
| Taisteal & cothabháil – Idirnáisiúnta | | 35 | 44 |
| Costais phinsin | 14a | 7,313 | 7,353 |
| | | **30,704** | **29,323** |

* Níl aon scéimeanna pá i gcoibhneas le feidhmíocht ag IIÉ.

**San áireamh i dtuarastail agus pá tá:**

- Bhain €1.419m san iomlán a íocadh le 257 ball foirne (2023: €1.407m le 279 ball foirne) le híocaíochtaí uaireanta mishóisialta
- Bhí socraíocht foirne amháin ann in 2024 a bhain le hidir-réiteach ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. B'fhiú €79,142 í. (2023: 2 shocraíocht arbh fhiú €88,400 san iomlán iad)
- Áirítear sna figiúirí seo beirt bhall foirne gníomhaireachta agus 33 ball foirne a mhaoinítear go seachtrach.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Líon na bhfostaithe** | **Líon** | **Líon** |
| Bainistíocht & cléireachas | 79 | 65 |
| Taighde / teicniúil | 260 | 255 |
| Eile | 1 | 1 |
| **Iomlán Foirne** | **340** | **321** |

Gnáthóga

Éisc

Páirtithe leasmhara

Inbhuanaitheacht

Ár bhFoireann

Corparáideach An lucht bainistíochta

Nuáil

Ráitis Airgeadais

## 6b.

| Raon na sochar gearrthéarmach tuarastail d'fhostaithe | | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go dtí** | **2024** | **2023** |
| € 60,000 | - | **€ 69,999** | 44 | 41 |
| € 70,000 | - | **€ 79,999** | 34 | 24 |
| € 80,000 | - | **€ 89,999** | 9 | 7 |
| € 90,000 | - | **€ 99,999** | 3 | 5 |
| € 100,000 | - | **€ 109,999** | 7 | 4 |
| € 110,000 | - | **€ 119,999** | 1 | 3 |
| € 120,000 | - | **€ 129,999** | 2 | - |
| € 130,000 | - | **€ 139,999** | - | - |
| € 140,000 | - | **€ 149,999** | - | - |
| € 150,000 | - | **€ 159,999** | 1 | - |
| € 160,000 | - | **€ 169,999** | - | 1 |
| € 170,000 | - | **€ 179,999** | - | - |

Tabhair faoi deara: chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, liúntais agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

## 6c. Sochair Fostaithe Chomhiomlána

| | **2024 €000's** | **2023 €000's** |
|---|---|---|
| Tuarastal foirne agus sochair ghearrthéarmacha Foireann Bhuan | 19,285 | 18,011 |
| Tuarastal foirne agus sochair ghearrthéarmacha Foireann ar Conradh | 917 | 1,185 |
| Costais sochair scoir | 7,313 | 7,353 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 2,021 | 1,883 |
| | **29,536** | **28,432** |

## 6d. Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Bunphá | 17,807 | 16,532 |
| Ragobair | 6 | 8 |
| Liúntais | 1,426 | 1,416 |
| | **19,239** | **17,956** |

## 6e. Príomhphearsanra Bainistíochta

I measc an phríomhphearsanra bainistíochta in Iascach Intíre Éireann tá comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF), an Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha, an Ceann Oibríochtaí, an Ceann Taighde agus Forbartha, an Ceann Acmhainní Daonna agus Ball Boird ar Stipinn (Sonraí Nóta 7). Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | 633,700 | 801,836 |
| Liúntais | - | - |
| Sochair Foirceanta | - | - |
| Árachais Sláinte | - | - |
| | **633,700** | **801,836** |

Ní áirítear ann luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Is comhaltaí de scéim pinsin Iascach Intíre Éireann príomhphearsanra bainistíochta, cé is moite de Chomhaltaí an Bhoird, agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

# 6f. Luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Bhí luach saothair an iar-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin comhdhéanta de:

| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Buntuarastal Bliantúil | 155,288 | 169,807 |
| **Iomlán** | **155,288** | **169,807** |

Bhí an iar-POF ina bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí agus ní dheachaigh a chuid teidlíochtaí maidir leis sin níos faide ná an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais eiseamláireach na hearnála poiblí le sochar sainithe. Ní áirítear anseo luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse thuas.

Ní bhfuair an t-iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin aon fhorchúiteamh taistil agus cothaithe in 2024 (2023: €10,797).

Ba é €186,701 luach an tuarastail bhliantúil don iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin @ 31 Nollaig 2024, is é sin pointe 3 den scála POF. Bhí Feithicil IIÉ in úsáid aige freisin.

Chuaigh an POF ar saoire i mí an Mhárta 2024 agus d'fhág sé IIÉ ar an 4 Meitheamh 2025. Tá pá an POF in 2024 leagtha amach thuas agus ba é €222,296 a phá in 2025, méid a chlúdaigh a theidlíochtaí conarthacha go dtí deireadh a chonartha ar an 28 Samhain 2025.

Bhí leas-POFanna i gceannas fad is a bhí an POF as láthair.

Níor íocadh aon luach saothair sa bhreis leis na leas-POFanna, ach tá an seans ann go gceadóidh an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin íocaíocht aisghníomhach

# 7.

Íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2024

| **An Bord** | **An Bord** | **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** | **An Fochoiste AD** | **An Fochoiste Réadmhaoine** | **An Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú Rialachais** | **An Grúpa Stiúrtha um an bPlean Corparáideach** | **Míleáiste & Cothú** | **Táillí & Luach Saothair** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | 2024 | 2024 | 2024 | 2024 | 2024 | 2024 | 2024 |
| **Líon na gCruinnithe** | | | | | | | **€** | **€** |
| An tOll. Thomas Collins (Cathaoirleach) [D, F, G] | 15 | | | | 11 | | 3,031 | 11,497 |
| Jackie Maguire [A, B, D,G] | 14 | 6 | 1 | | 9 | | 802 | 7,391 |
| Maria Graham [A, B, C, D,G] | 14 | 6 | 2 | 1 | 11 | | 1,346 | 7,391 |
| An Dr Jonathan Derham [A, B, E] | 15 | 6 | 2 | | | 4 | 3,409 | 7,391 |
| An Dr Paul Connolly [B, D, E, G] | 15 | | 2 | | 3 | 3 | 853 | - |
| Raymond O'Dwyer [A, C, E] | 14 | 5 | | | | 4 | - | 7,391 |
| Aebhin Cawley [B, E] | 13 | | 1 | | | | - | 7,391 |
| Karin Dubsky [C] | 12 | | | 1 | | | 664 | 7,391 |
| Lorraine O'Donnell [C, E] | 15 | | | | | 4 | 507 | - |
| Francis O'Donnell (comhalta de bhrí oifige) [D,G] | 3 | | | | 2 | | - | - |
| Seamus Neely [D,H,G] | 1 | | | | 11 | | 508 | 37,072 |
| Tom Barry [D,H,G] | 1 | | | | 11 | | 362 | 37,072 |
| **Líon iomlán na gcruinnithe** | **16** | **6** | **2** | **1** | **11** | **4** | **11,482** | **129,987** |

Gnáthóga

Éisc

Páirtithe leasmhara

Inbhuanaitheacht

Ár bhFoireann

Corparáideach An lucht bainistíochta

Nuáil

Ráitis Airgeadais

Íocadh na suimeanna seo a leanas le comhaltaí an Bhoird don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2023

| An Bord | Míleáiste & Cothú | Táillí & Luach Saothair | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|
| | 2023 | 2023 | 2023 |
| | € | € | |
| Patrick Gibbons | | 949 | |
| Bernadette Orbinski Burke | | 401 | |
| Michael McGreal | | 949 | |
| Fiona Walsh | | 949 | |
| Seamus Neely | 3,748 | 34,456 | 17 |
| Tom Barry | 2,974 | 34,456 | 17 |
| | **6,722** | **72,160** | |

B'ionann líon iomlán na gcruinnithe a reáchtáladh in 2024 agus 40 (2023: 17 cruinniú)

Ní bhfuair Lorraine O'Donnell (an t-ionadaí foirne ar an mBord) aon táille Boird faoin bprionsabal Aon Duine Aon Tuarastal (OPOS)

Shocraigh an Dr Paul Connolly a stipinn Bhoird a tharscaoileadh toisc a chuid oibre ar an mBord a bheith ina 'seirbhís phoiblí', dar leis.

**Baill a bhí ar Fhochoistí agus ar Mheithleacha Oibre an Bhoird le linn na tréimhse tuairiscithe::**

[A] An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

[B] An Fochoiste Acmhainní Daonna (AD)

[C] An Fochoiste Réadmhaoine

[D] An Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú Rialachais

[E] An Grúpa Stiúrtha um an bPlean Corparáideach

[F] An Mheitheal Chomhpháirteach um Fheirmeacha Éisc

[G] Cuireadh faighte chuig an nGrúpa Stiúrtha um Athbhreithniú Rialachais

[H] Léiriú é seo gur tháinig deireadh le Téarma an Cheapaí seo faoi Alt 18 an 15 Eanáir 2024 agus gur chuir sé nó sí tús le conradh seirbhíse an 16 Eanáir 2024 mar bhall den Fhoireann Tacaíochta Cur Chun Feidhme

Tuairiscítear an míleáiste, an cothú agus an luach saothair don POF i Nóta 6f.

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

## 8a. Reáchtáil & cothabháil feithiclí & bád

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Árachas Feithiclí | 117 | 237 |
| Deisiúcháin & cothabháil feithiclí | 319 | 342 |
| Breosla feithiclí | 411 | 421 |
| Árachas Báid | 65 | 64 |
| Deisiúcháin & cothabháil báid | 122 | 117 |
| Breosla báid | 42 | 48 |
| Stóráil Bád & Feithiclí | 3 | 7 |
| Fruiliú ginearálta Carranna | 145 | 149 |
| Costais reáchtála eile | 107 | 96 |
| | **1,331** | **1,481** |

## 8b. Ilghnéitheach

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Irisí / tréimhseacháin | 0 | 1 |
| Speansais Cruinnithe | 31 | 30 |
| Cúiréir | 13 | 14 |
| Caiteachas Saoráidí | 91 | 99 |
| Vacsaíní d'Éisc | 4 | 7 |
| Costais Iasclainne | 50 | 63 |
| Soláthairtí tí | 19 | 17 |
| Glantachán | 58 | 73 |
| Slándáil | 81 | 82 |
| Deisiúcháin & cothabháil trealaimh | 89 | 82 |
| Soláthar do Dhrochfhiacha | 32 | 63 |
| Drochfhiacha a Dhíscríobh | 0 | 0 |
| Trealamh faoi luach €500 | 24 | 19 |
| Ilghnéitheach | 3 | 7 |
| | **495** | **557** |

## 8c. Caiteachas Forbartha

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Fochonraitheoireacht / fruiliú gléasra | 638 | 672 |
| Soláthairtí forbartha | 409 | 579 |
| Oibreacha Athshlánaithe | 86 | 60 |
| | **1,133** | **1,311** |

## 8d. Caiteachas Ríomhaireachta

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Tomhaltáin ríomhaireachta | 28 | 37 |
| Bogearraí ríomhaireachta | 35 | 26 |
| Cothabháil & Ceadúnúchán Ríomhairí | 624 | 489 |
| Forbairt Feidhmchlár | 9 | - |
| Seirbhísí Bainistithe & Néalríomhaireachta | 41 | 62 |
| | **737** | **614** |

## 8e. Speansais oifige

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Priontáil & stáiseanóireacht | 84 | 76 |
| Postas & teileafón | 94 | 102 |
| Fóin phóca & Leathanbhanda & Crainn Aeróige & Cumarsáid Lasmuigh den Láithreán | 413 | 384 |
| Cíos & rátaí | 95 | 100 |
| Teas & solas | 406 | 466 |
| Deisiúcháin & cothabháil | 214 | 235 |
| | **1,306** | **1,363** |

Gnáthóga
Éisc
Páirtithe leasmhara
Inbhuanaitheacht
Ár bhFoireann
Corparáideach An lucht bainistíochta
Nuáil
Ráitis Airgeadais

# 9. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

| | Talamh, foirgnimh, ceantair iascaigh agus gorlanna | Mótarfheithiclí | Báid & innill | Trealamh allamuigh agus saotharlainne, lena n-áirítear Leantóirí | Troscán, trealamh oifige & ríomhairí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000's | €000's | €000's | €000's | €000's | €000's |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 23,579 | 7,287 | 6,076 | 7,396 | 4,060 | 48,398 |
| Breiseanna don bhliain | 779 | 1,421 | 20 | 312 | 421 | 2,953 |
| Diúscairtí don bhliain | (33) | (1,086) | (238) | (98) | (27) | (1,482) |
| Athaicmiú | - | - | (1) | 1 | - | - |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 24,325 | 7,622 | 5,857 | 7,611 | 4,454 | 49,869 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 6,953 | 5,371 | 4,417 | 6,629 | 3,472 | 26,842 |
| Muirear don bhliain | 484 | 946 | 409 | 471 | 315 | 2,625 |
| Diúscairtí don bhliain | (27) | (1,086) | (238) | (94) | (27) | (1,472) |
| Athranguithe | - | - | (0) | 0 | - | 0 |
| Amhail ar an 31 Nollaig 2024 | 7,410 | 5,231 | 4,588 | 7,006 | 3,760 | 27,995 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 16,626 | 1,917 | 1,660 | 768 | 585 | 21,556 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | 289 | 475 | (389) | (163) | 106 | 318 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2024** | **16,915** | **2,392** | **1,271** | **605** | **691** | **21,874** |

## I dTaca leis an mBliain Roimhe

| | Talamh, foirgnimh, ceantair iascaigh agus gorlanna | Mótarfheithiclí | Báid & innill | Trealamh allamuigh agus saotharlainne, lena n-áirítear Leantóirí | Troscán, trealamh oifige & ríomhairí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000's | €000's | €000's | €000's | €000's | €000's |
| **Costas nó Luacháil** | | | | | | |
| Amhail an 1 Ean 2023 | 23,237 | 7,047 | 6,641 | 7,149 | 3,684 | 47,758 |
| Breiseanna don bhliain | 342 | 936 | 102 | 385 | 386 | 2,151 |
| Diúscairtí don bhliain | 0 | (696) | (667) | (125) | (24) | (1,512) |
| Athaicmiú | 0 | 0 | 0 | (12) | 12 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 23,579 | 7,287 | 6,076 | 7,397 | 4,058 | 48,397 |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Amhail an 1 Ean 2023 | 6,479 | 5,025 | 4,651 | 6,290 | 3,214 | 25,659 |
| Muirear don bhliain | 474 | 1,032 | 432 | 461 | 280 | 2,679 |
| Diúscairtí don bhliain | 0 | (687) | (667) | (119) | (24) | (1,497) |
| Athaicmiú | - | - | 0 | (3) | 3 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,953 | 5,370 | 4,416 | 6,629 | 3,473 | 26,841 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| An 31 Nollaig 2022 | **16,759** | **2,022** | **1,991** | **859** | **470** | **22,100** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| An 31 Nollaig 2023 | **16,626** | **1,917** | **1,660** | **768** | **585** | **21,556** |

## 10. Anailís ar infháltais

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála srl. | 1,252 | 1,104 |
| Ioncam Fabhraithe | 80 | 843 |
| Soláthar do dhrochfhiacha | (852) | (820) |
| Réamhíocaíochtaí eile | 348 | 139 |
| | **828** | **1,266** |

## 11. Anailís ar shuimeanna iníoctha

## 11a. Ioncam Iarchurtha

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| **Ioncam Iarchurtha** | | |
| Ioncam Conartha iarchurtha | 587 | 390 |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail - Ciste Áineasa Tuaithe | 0 | 77 |
| Scéim na Straitéise Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta | 0 | 11 |
| Eascanna Eolaíochta | 105 | 105 |
| **Iomlán don Ioncam Iarchurtha** | **692** | **583** |
| **Cistí a choinnítear ar iontaobhas** | | |
| Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF) | 3,628 | 4,012 |
| Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe | 2,732 | 2,634 |
| | **7,052** | **7,229** |

Gintear an Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF) ó cheadúnais iascaireachta bradán agus ceadúnais iascaireachta tráchtála a dhíol. Déantar an t-ioncam a ghintear ón SSTRCPF a ath-infheistiú chun téarnamh ár stoc bradán agus ár ngnáthóg a chur chun cinn, agus indéantacht tionscadail, infhaighteacht cistiúcháin agus luach ar airgead á dtabhairt san áireamh.

Tá an Ciste á bhainistiú ag Iascach Intíre Éireann agus tugtar cuntas air mar Chreidiúnaí sa ráiteas ar staid an airgeadais. I gcás ina dtabhaíonn Iascach Intíre Éireann caiteachas díreach ar thionscadail i ndáil le gníomhaíochtaí an Chiste aisíoctar ón gCiste é. Cuirtear caiteachas díreach IIÉ chun dochair Ioncam agus Caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe. Tugann Iascach Intíre Éireann cuntas ar aisíocaíocht ón gCiste mar Ioncam Eile (Nóta 3) ar bhonn fáltais airgid. Tugtar cuntas ar gach idirbheart eile a bhaineann leis an gCiste, lena n-áirítear íocaíochtaí le tríú páirtithe, mar ghluaiseachtaí i bhfigiúr na gCreidiúnaithe.

# 11b.

Nochtar thíos na hidirbhearta a bhain leis an gCiste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal in 2024.

| | 2024<br>€000's | 2023<br>€000's |
|---|---|---|
| **Iarmhéid Tosaigh** | 4,012 | 3,682 |
| Fáltais | 522 | 556 |
| Ús tuillte | 1 | 0 |
| **agus Caiteachas** | | |
| Árachas SCF Fostóra agus Dliteanas Poiblí | (9) | (12) |
| Le tríú páirtithe | (167) | (74) |
| Le IIÉ* | (730) | (140) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **3,629** | **4,012** |

*Tugann IIÉ cuntas air mar Ioncam Eile.

| | Ioncam Conartha iarchurtha<br>A<br>€000's | Ciste Áineasa Tuaithe<br>B<br>€000's | SNFS<br>C<br>€000's | Eascanna Eolaíochta<br>D<br>€000's | Iomlán<br>€000's |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 390 | 77 | 11 | 105 | 583 |
| Fáltais sa bhliain | 314 | - | | - | 314 |
| Coigeartú slánúcháin | | | | | - |
| Scaoilte chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais | (117) | (77) | (11) | 0 | (205) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **587** | **-** | **-** | **105** | **692** |

**A** Ioncam Ceadúnais, Staidéar Géiniteach Breac i gcás ioncam conartha

**B** Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú ar fáil ón gCiste Áineasa Tuaithe chun príomhthionscadail slatiascaireachta a fhorbairt i gceantair thuaithe

**C** Cuireann an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil cistiú ar fáil d'aon duine aonair, do chumann slatiascaireachta srl. a bhfuil suim acu i bhforbairt agus i bhfeabhsú slatiascaireacht agus/nó iascaigh na hÉireann faoin Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt na Slatiascaireachta (NSAD).

**D** Is tionscnamh taighde comhoibríoch é Eascanna Eolaíochta lena mbaineann eolaithe IIÉ agus roinnt iar-iascairí eascann chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar eolas náisiúnta ar an speiceas agus ar \ a acmhainneacht mheántéarmach go fhadtéarmach le haghaidh téarnaimh

## 12. Cuntas caipitil

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 21,556 | 22,100 |
| | | |
| **Aistriú (chuig) / ó Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe** | | |
| Chun ceannacháin sócmhainní seasta a mhaoiniú | 2,953 | 2,150 |
| Méid Scaoilte ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | (10) | (15) |
| | | |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (2,625) | (2,679) |
| | 318 | (544) |
| | | |
| **Iarmhéid** | **21,874** | **21,556** |

## 13. Nochtuithe le Páirtithe Gaolmhara

Glacann Iascach Intíre Éireann nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Iascach Intíre Éireann deontais a fhormheas nó dul isteach i socruithe conarthacha eile le heintitis a bhfuil comhaltaí Bhord Iascach Intíre Éireann fostaithe iontu ná a bhfuil leas eile ag comhaltaí iontu.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt i gcomhráite maidir leis na hidirbhearta sin ná ní fhreastalaíonn siad orthu ar shlí eile. Coinnítear clár agus tá sé ar fáil arna iarraidh i leith gach cás den sórt sin.

Ar dhá ócáid, d'ardaigh comhaltaí boird ceist maidir le coinbhleachtaí leasa 'braite nó féideartha' i ndáil le nithe a bhí os comhair an Bhoird. Ar an dá ócáid sin, deimhníodh nach raibh aon choinbhleacht leasa ann a bhain le deontais a cheadú ná le socruithe conarthacha a dhéanamh.

# 14. Costais Sochair Scoir

## 14a.

**Anailís ar chostais iomlána Sochair scoir a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe**

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Costas reatha seirbhíse | 3,801 | 3,620 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 4,350 | 4,498 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe - Scéim Pinsin Neamhaonair | (500) | (487) |
| | | |
| Ranníocaíochtaí fostaithe - Scéim Pinsin Aonair | (338) | (278) |
| | **7,313** | **7,353** |

## 14b.

**Athrú ar Ghlandliteanas sochair scoir le linn na bliana airgeadais**

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 1 Eanáir | (131,855) | (123,393) |
| Costas Reatha Seirbhíse | (3,801) | (3,620) |
| Costais Úis | (4,350) | (4,498) |
| | | |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 759 | (4,333) |
| | | |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | 6,381 | 27 |
| Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha iomlána sa bhliain | 7,140 | (4,306) |
| | | |
| Pinsin íoctha sa tréimhse | 3,815 | 3,962 |
| Glanoibleagáidí sochair scoir amhail an 31 Nollaig | **(129,051)** | **(131,855)** |

Gnáthóga

Éisc

Páirtithe leasmhara

Inbhuanaitheacht

Ár bhFoireann

Corparáideach An lucht bainistíochta

Nuáil

Ráitis Airgeadais

## 14c. Cistiú Iarchurtha i ndáil le Pinsin

Aithníonn Iascach Intíre Éireann mar shócmhainn na méideanna sin atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bonn reachtúil le haghaidh scéimeanna pinsin a chur ar bun, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú agus na ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil um meastacháin san áireamh. Níl aon fhianaise ag Iascach Intíre Éireann nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag íoc na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe:

| | 2024 €000's | 2023 €000's |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe maidir le Sochair scoir na bliana reatha | (8,151) | (8,118) |
| Deontas Stáit arna gcur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | 3,815 | 3,962 |
| | **(4,336)** | **(4,156)** |

Amhail an 31 Nollaig 2024, b'ionann an tsócmhainn maidir le maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir agus € 129,051,000 (31 Nollaig 2023: €131,854,618)

## 14d. Stair maidir le hoibleagáidí i leith sochar sainithe

| | 2024 €000's | 2023 €000's | 2022 €000's | 2021 €000's | 2020 €000's |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | (129,051) | (131,855) | (123,393) | (158,591) | (155,979) |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe | 759 | (4,333) | (4,763) | 1,501 | (245) |
| Céatadán Dhliteanais na Scéime | 0.6% | -3.3% | -3.9% | 0.9% | -0.2% |

## 14e.

Is ionann an méid iomlán a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus (€7,140,000) (Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí) dar luach €759,000 agus athruithe ar thoimhdí €6,381,000

## 14f. Cur síos ginearálta ar an Scéim

Is éard atá sa scéim pinsin ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin "scéim eiseamláireach" reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir, cé go bhfuil daoine a bhí ina mbaill den scéim roimh 2004 i dteideal dul ar scor, gan laghdú achtúireach, nuair a bhaineann siad amach aois 60 bliain. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Deirtear in Alt 50 den Acht um Iascach Intíre - "Tagann íocaíochtaí pinsin agus dliteanais aoisliúntais eile an Phríomh-Bhoird agus gach ceann de na boird réigiúnacha i leith a n-iarfhostaithe chun bheith ina ndliteanais de chuid IIÉ an lá bunaithe"

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtadh faoi FRS102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach amhail an 31 Nollaig 2024 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS d'fhonn dliteanais na scéime do IIÉ a mheas amhail an 31 Nollaig 2024.

| Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha: | 31.12.24 | 31.12.23 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar thuarastail | 3.60% | 3.80% |
| Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc | 2.10% | 2.30% |
| Ráta na méaduithe pinsin - Scéim Aoisliúntais | 2.60% | 2.80% |
| Ráta na méaduithe ar phinsin - SPSPS | 2.10% | 2.30% |
| Ráta Lascaine | 3.40% | 3.30% |
| Ráta boilscithe | 2.10% | 2.30% |

Leis an mbonn básmhaireachta arna ghlacadh ceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir (65 bliana d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 65 bliain d'aois in 2024 agus 2044.

| An bhliain ina sroichtear 65 bliana d'aois | 2024 | 2044 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | 22.1 | 24.3 |
| Ionchas saoil - mná | 24.4 | 26.4 |

# 15. Gealltanais Léasa

## 15a.

Baineann gealltanas léasa iníoctha tar éis chúig bliana le stóras ar Bhóthar Bhéal Átha Síomoin, Luimneach.

An 31 Nollaig 2024 bhí na híocaíochtaí léasa íosta seo a leanas le déanamh ag Iascach Intíre Éireann faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas amach anseo: :

| | **€000's** |
|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 52 |
| In-aisíoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana | 156 |
| Iníoctha tar éis chúig bliana | 1 |
| | **209** |

B'fhiú €51,276 (2023: €49,109) na híocaíochtaí ar léasanna oibriúcháin a aithníodh mar chaiteachas.

## 15b. Ceangaltais chaipitil

| **Gealltanais le sócmhainní neamhreatha inláimhsithe a cheannach amach anseo:** | **Báid & innill** | **Trealamh allamuigh agus saotharlainne, lena n-áirítear Leantóirí** | **Troscán, trealamh oifige & ríomhairí** | **Talamh, foirgnimh, ceantair iascaigh agus gorlanna** | **Mótarfheithiclí** | **Iomlán 2024** | **Iomlán 2023** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000's** | **€000's** | **€000's** | **€000's** | **€000's** | **€000's** | **€000's** |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 1 | 252 | 209 | 442 | 326 | 1,230 | 1,117 |
| Tar éis bliana ach laistigh de chúig bliana | - | - | - | 355 | - | 355 | - |
| Tar éis 5 bliana | - | - | - | - | - | - | - |
| | 1 | **252** | **209** | **797** | **326** | **1,585** | **1,117** |

# 16

| | Éadaí oibre | Ábhair Forbartha | Éisc | Bia Éisc | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000's | €000's | €000's | €000's | €000's |
| Iarmhéid Tosaigh an Stoic ar Láimh | 1,070 | 334 | 165 | 32 | 1,601 |
| Ceannacháin | 102 | 409 | - | 192 | 703 |
| Lúide Díscríobh | | | | | - |
| Lúide ar úsáideadh in 2024 | (137) | (480) | 35 | (198) | (780) |
| Iarmhéid Deiridh | **1,035** | **263** | **200** | **26** | **1,524** |

Cuimsíonn fardal Stoc Feistis Oibre a shásóidh riachtanais feistis oibre don 2 bhliain nó 3 bliana seo chugainn.

# 17. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

San áireamh sna hiarmhéideanna bainc €10.47 milliún a bhí ag IIÉ ag deireadh na bliana tá €3.7 milliún d'airgead a fuarthas ach a cuireadh siar ag deireadh na bliana maidir leis an gCiste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF) agus Eascanna Eolaíochta. Tá an t-airgead sin srianta le húsáid ar na tionscadail sin.

Tá na cistí seo a leanas i seilbh IIÉ agus dáilfear iad nuair a bheidh na tionscadail críochnaithe - an Ciste Athshlánaithe, Caomhnaithe agus Cosanta Bradán agus Breac Geal (SSTRCPF) €3.6 milliún agus Eascanna Eolaíochta €105K. Ina theannta sin, tá ioncam iarchurtha €587K ann. Baineann an t-iarmhéid le caipiteal oibre agus dliteanais aibithe.

# 18. Sócmhainn Theagmhasach

In 2022, rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) maidir le talamh a bhí faoi úinéireacht IIÉ i gcomhair obair fhorbartha. Chuaigh IIÉ i dteagmháil le ceantálaithe le luacháil chuí a aithint don OCÉ sin agus tá sonraí faoin luacháil sin seolta chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Go dtí seo, níl comhaontú ann idir IIÉ agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an gceist.

## 19. Dliteanas Teagmhasach

Tá dliteanas féideartha €734,341 ann a bhaineann le Saoire Chúitimh (SC) stairiúil atá dlite do bhaill foirne.

"Tá dliteanas féideartha ann a bhaineann le 5 chás ionchúisimh nach féidir le IIÉ dul chun cinn a dhéanamh orthu mar gheall ar shaincheist theicniúil a bhaineann le húdarú chun cás dlí a thabhairt. Cinnfear luach an dliteanais sin tar éis do na cúirteanna breith a thabhairt."

Tá dliteanas féideartha ann a eascraíonn as 10 gcás atá fós os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, nó as achomhairc chuig an gCúirt Oibreachais. Cinnfear luach na ndliteanas sin tar éis na rialuithe.

## 20. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

### Gnóthas leantach

Measann an Bord, toisc go soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí arna maoiniú ag airgead arna sholáthar ag an Státchiste, trína mháthair-roinn, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, gurb iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 21. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord IIÉ na ráitis airgeadais an 28 Márta 2025

Arna ullmhú ag Iascach Intíre Éireann

**fisheriesireland.ie**

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland